



Uimhir 16 de 2018

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2018
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 16 de 2018

AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT (LEASÚ), 2018

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme
2. Léiriú
3. Caiteachais

CUID 2

OIFIG AN RIALÁLAÍ PLEANÁLA

4. Oifig an Rialálaí Pleanála

CUID 3

**LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA AGUS IARMHARTACHA AR NA hACHTANNA UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT,
2000 GO 2016**

5. Oifig an Rialálaí Pleanála agus leasuithe ar Chuid II den Phríomh-Acht
6. Tagairtí do bhainisteoir, etc., sa Phríomh-Acht
7. Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht
8. Leasú ar alt 4 den Phríomh-Acht
9. Leasú ar alt 7 den Phríomh-Acht
10. An plean forbartha le bheith ar comhréir le ceanglais shonracha i dtaca le beartas pleanála
11. Leasú ar alt 10 den Phríomh-Acht
12. Leasú ar alt 11 den Phríomh-Acht
13. Leasú ar alt 11B den Phríomh-Acht
14. Leasú ar alt 12 den Phríomh-Acht

15. Leasú ar alt 13 den Phríomh-Acht
16. Iarraidh ar bhainisteoir tuarascáil a thabhairt ar thogra ó chomhaltaí údaráis pleanála chun plean forbartha a athrú
17. Leasú ar alt 20 den Phríomh-Acht
18. An Creat Pleanála Náisiúnta
19. Cáipéisí áirithe a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin údarás pleanála
20. Leasú ar alt 28 den Phríomh-Acht
21. Leasú ar alt 31 den Phríomh-Acht
22. Leasú ar alt 33 den Phríomh-Acht
23. Leasú ar alt 34 den Phríomh-Acht
24. Leasú ar alt 35 den Phríomh-Acht
25. Leasú ar alt 38 den Phríomh-Acht
26. Cumhacht chun an tréimhse chuí a athrú, etc
27. Cead pleanála a chúlghairm nó a mhodhnú ar chúiseanna áirithe
28. Ranníocaí forbartha agus scéimeanna ranníocaí forbartha forlíontacha
29. Leasú ar alt 50B den Phríomh-Acht
30. Leasú ar alt 144 den Phríomh-Acht
31. Leasú ar alt 162 den Phríomh-Acht
32. Leasú ar alt 169 den Phríomh-Acht
33. Leasú ar alt 176A den Phríomh-Acht
34. Leasú ar alt 176C den Phríomh-Acht
35. Leasú ar alt 177S den Phríomh-Acht
36. Leasú ar alt 177T den Phríomh-Acht
37. Leasú ar alt 180 den Phríomh-Acht
38. Leasú ar alt 195 den Phríomh-Acht
39. Leasú ar alt 208 den Phríomh-Acht
40. Comhaltaí údarás áitiúil díolmhaithe ó tháillí áirithe a íoc
41. Leasú ar alt 246 den Phríomh-Acht
42. Díolúine ó tháillí le haghaidh aighneachtaí agus tuairimí ó chomhairleoirí maidir le hiarratais phleanála
43. Leasú ar alt 247 den Phríomh-Acht
44. Leasú ar alt 248 den Phríomh-Acht

45. Leasú ar alt 255 den Phríomh-Acht
46. Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht
47. Leasú ar an gCeathrú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht
48. Forléiriú an Chúigiú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht
49. Leasú ar an Seachtú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht
50. Leasú ar alt 3 d'Acht 2016
51. Leasú ar alt 5 d'Acht 2016
52. Leasú ar alt 6 d'Acht 2016
53. Leasú ar alt 8 d'Acht 2016
54. Leasú ar alt 10 d'Acht 2016
55. Leasú ar alt 12 d'Acht 2016
56. Leasú ar alt 13 d'Acht 2016
57. Leasú ar alt 28 d'Acht 2016

CUID 4

LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA

58. Míniú
59. Leasú ar alt 23 den Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990
60. Leasú ar alt 12 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008
61. Leasú ar alt 4 den Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011
62. Leasú ar alt 33 den Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013
63. Leasú ar alt 5 d'Acht 2015
64. Tobhach láithreán folamh
65. Leasuithe ilghnéitheacha ar Acht 2015

CUID 5

PLEANANNA SPÁIS MARA

66. Léiriú
67. Údarás inniúil
68. Feidhm na Coda
69. Pleananna spáis mara
70. Ceanglais i dtaca le pleanáil spáis mara
71. Rannpháirtíocht an phobail i bpleananna spáis mara

72. Measúnacht straitéiseach timpeallachta agus measúnacht chuí
73. Pleananna spáis mara a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas
74. Comhlíonadh ag comhlachtaí poiblí
75. Ordacháin ón Aire
76. Cúlghairm

SCEIDEAL 1

LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA AGUS IARMHARTACHA AR CHUID II DEN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000

SCEIDEAL 2

LEASUITHE AR AN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 A BHAINNEANN LE PRÍOMHFHEIDHMEANNACH ÚDARÁS ÁITIÚIL, ETC.

SCEIDEAL 3

AN CREAT PLEANÁLA NÁISIÚNTA AGUS TAGAIRTÍ DON STRAITÉIS SPÁIS NÁISIÚNTA

SCEIDEAL 4

LEASÚ AR AN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000

AIGHNEACHTAÍ AGUS TUAIRMÍ ÁIRITHE, AGUS TUARASCÁLACHA AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH, A BHAINNEANN LEIS AN BPRÓISEAS PLEANÁLA, A FHOILSIÚ AR SHUÍOMH GRÉASÁIN ÚDARÁIS PLEANÁLA

[2018.]

*An tAcht um Pleanáil agus Forbairt
(Leasú), 2018.*

[Uimh. 16.]

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

- An tAcht um Rialú Foirgníochta, 2007 (Uimh. 21)
Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956 (Uimh. 46)
Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)
An tAcht um Láithreáin Thréigthe, 1990 (Uimh. 14)
An tAcht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008 (Uimh. 15)
An tAcht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011 (Uimh. 20)
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 (Uimh. 2)
An tAcht Seirbhísí Dóiteáin, 1981 (Uimh. 30)
An tAcht Imeachaí Trágha, 1933 (Uimh. 12)
An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 (Uimh. 30)
Acht na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 (Uimh. 19)
Na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair, 1893 go 2014
An tAcht Léiriúcháin, 2005 (Uimh. 23)
Na hAchtanna Ceadúnúcháin, 1833 go 2011
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1941 (Uimh. 23)
An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 (Uimh. 37)
An tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 (Uimh. 1)
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2010 (Uimh. 30)
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016 (Uimh. 17)
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (Uimh. 30)
Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2016
An tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 (Uimh. 37)
An tAcht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 (Uimh. 7)
An tAcht um Rialáil Iompair Phoiblí, 2009 (Uimh. 37)
An tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 (Uimh. 28)
Acht na mBóithre, 1993 (Uimh. 14)
An tAcht Iascaigh Mhara agus Dlíne Muirí, 2006 (Uimh. 8)
An tAcht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe, 2015 (Uimh. 33)
An tAcht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013 (Uimh. 50)
An tAcht um Sheirbhísí Uisce, 2007 (Uimh. 30)



Uimhir 16 de 2018

AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT (LEASÚ), 2018

[An tiontú oifigiúil]

Acht do leasú agus do leathnú na *nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2018* agus, chun na críche sin, do bhunú oifig, ar a dtabharfar Oifig an Rialálaí Pleanála, chun cúrsaí pleanála a mheasúnú agus chun measúnachtaí a bhaineann leo a dhéanamh agus chun tuairimí agus moltaí a sholáthar i ndáil leis na cúrsaí sin, chun athbhreithnithe agus scrúduithe a sheoladh agus chun cláir oideachais agus oiliúna a sheoladh agus chun taighde a dhéanamh i ndáil le cúrsaí pleanála; do dhéanamh socrú maidir le heagrú agus foireann na hOifige sin; do dhéanamh socrú maidir le Creat Pleanála Náisiúnta; do dhéanamh socrú go ndéanfaidh Uisce Éireann ceanglais phleanála agus forbartha áirithe a chur i gcuntas; do dhéanamh leasuithe ilghnéitheacha agus iarmhartacha ar an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, agus ar Achtanna éagsúla eile a mhéid a bhaineann siad le pleanáil agus forbairt; do leasú an Achta um Láithreáin Thréigthe, 1990; do thabhairt éifeacht do Threoir 2014/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh pleanáil spáis mara¹; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe a bhaineann leis an méid sin. [19 Iúil 2018]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme

1. (1) Féadfar an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2018 a ghairm den Acht seo.
- (2) Féadfar na *hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2018* a ghairm de na *hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2017* agus den Acht seo, seachas *Cuid 4* agus *Sceideal 3* ag uimhreacha tagartha 12 go 18, le chéile, agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.
- (3) Tiocfaidh an tAcht seo (seachas *alt 2* agus *Cuid 4* agus mar a bhforáiltear a mhalairt go sainráite) i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe

¹ I.O. Uimh. L257 an 28.8.2014, lch.135

i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

Léiriú

2. San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 2016” an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016;

ciallaíonn “Aire” an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil;

ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

Caiteachais

3. Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

CUID 2

OIFIG AN RIALÁLAÍ PLEANÁLA

Oifig an Rialálaí Pleanála

4. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an gCuid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid IIA (a cuireadh isteach leis an Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008):

“CUID IIB

OIFIG AN RIALÁLAÍ PLEANÁLA

CAIBIDIL I

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA (CUID IIB)

Míithe (Cuid IIB)

31K. Sa Chuid seo—

ciallaíonn ‘lá bunaithe’ an lá a cheapfar le hordú faoi alt 31L chun bheith ina lá bunaithe chun críocha na Coda seo;

ciallaíonn ‘Oifig’ Oifig an Rialálaí Pleanála arna bunú faoi Chaibidil II;

ciallaíonn ‘Rialálaí Pleanála’ an duine a cheapfar faoi alt 31N mar an Rialálaí Pleanála.

CAIBIDIL II

*Bunú, Eagrú, Foireann etc.***Oifig an Rialálaí Pleanála a bhunú**

31L. Déanfaidh an tAire, le hordú, lá a cheapadh chun bheith ina lá bunaithe chun críocha na Coda seo.

Oifig an Rialálaí Pleanála

31M. (1) Beidh arna bhunú ar an lá bunaithe comhlacht ar a dtabharfar Oifig an Rialálaí Pleanála, nó, sa Bhéarla, *Office of the Planning Regulator*, chun na feidhmeanna a shanntar dó leis an gCuid seo a chomhlíonadh.

(2) Beidh ag Oifig an Rialálaí Pleanála na cumhachtaí sin go léir is gá chun feidhmeanna na hOifige faoin Acht seo a chomhlíonadh nó na cumhachtaí sin go léir a ghabhann le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin.

An Rialálaí Pleanála

31N. (1) Ceapfar, de réir alt 31W, príomhfheidhmeannach ar an Oifig, ar a dtabharfar an Rialálaí Pleanála, a bheidh ina chorparáid nó ina corparáid aonair agus ag a mbeidh comharbas suthain agus séala oifigiúil, agus—

- (a) beidh cumhacht agartha aige nó aici agus beidh sé nó sí inagartha,
- (b) beidh cumhacht aige nó aici talamh, nó leas i dtalamh, a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt, agus
- (c) beidh cumhacht aige nó aici aon mhaoin eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

(2) Maidir leis an Rialálaí Pleanála—

- (a) comhlíonfaidh sé nó sí cibé feidhmeanna a bheidh sonraithe sa Chuid seo mar fheidhmeanna de chuid na hOifige,
- (b) beidh sé nó sí freagrach as an Oifig do chomhlíonadh a feidhmeanna faoin gCuid seo, agus
- (c) déanfaidh sé nó sí thairis sin riarachán agus gnó na hOifige a sheoladh, a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne chun críocha na Coda seo.

Séala an Rialálaí Pleanála

31O. (1) Fíordheimhneofar séala an Rialálaí Pleanála (dá ngairtear an ‘séala’ san alt seo)—

- (a) le síniú an Rialálaí Pleanála, nó
 - (b) le sínithe 2 chomhalta d’fhoireann na hOifige, ar stiúirthóir de chuid na hOifige duine amháin ar a laghad acu, agus ar daoine iad araon a bheidh údaraithe ag an Oifig chun gníomhú chuige sin.
- (2) Tabharfar aird bhreithiúnach ar an séala agus déanfar gach doiciméad a airbheartóidh gur ionstraim é a rinne an Oifig agus a bheidh séalaithe leis an séala (a airbheartóidh a bheidh fíordheimhnithe de réir fho-alt (1)) a ghlacadh

i bhfianaise agus measfar gur ionstraim den sórt sin é gan chruthúnas, mura suífear a mhalairt.

- (3) Féadfaidh comhalta d'fhoireann na hOifige nó duine a bheidh údaraithe ag an Oifig chuige sin i gcoitinne nó go speisialta aon chonradh nó ionstraim a dhéanamh nó a fhorghníomhú thar ceann na hOifige, is conradh nó ionstraim nár ghá a bheith faoi shéala dá ndéanfadh nó dá bhforghníomhódh pearsa aonair é nó í.

Feidhmeanna na hOifige

31P. (1) Is iad feidhmeanna na hOifige—

- (a) meastóireacht agus measúnacht a dhéanamh ar na nithe seo a leanas—
- (i) pleananna forbartha, lena n-áirítear dréachtphleananna forbartha,
 - (ii) athruithe ar phleananna forbartha, lena n-áirítear athruithe beartaithe,
 - (iii) pleananna limistéir áitiúil, lena n-áirítear na pleananna sin a leasú nó a chúlghairm, agus
 - (iv) straitéisí spáis agus eacnamaíocha réigiúnacha,
- le linn a ndéanta agus a n-ullmhaithe faoi Chaibidlí I go III de Chuid II d'fhonn go dtabharfaidh an Oifig tuairimí agus moltaí d'údaráis phleanála agus do thionóil réigiúnacha, mar is cuí, maidir leis na pleananna agus na straitéisí sin,
- (b) maidir le haon phlean nó straitéis lena mbaineann mír (a), é a chur in iúl don Aire mura bhfuil, i dtuairim na hOifige, aon phlean nó straitéis den sórt sin ar comhréir lena tuairimí agus lena moltaí, go háirithe i gcás, ina tuairim, go ndéanfadh mainneachtain a bheith ar comhréir leo difear don straitéis fhoriomlán do pleanáil chuí agus d'fhorbairt inchothaithe an limistéir lena mbaineann,
- (c) taighde a dhéanamh, lena n-áirítear taighde ar iarraidh ón Aire, maidir le cad is pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe ann,
- (d) cláir oideachais agus oiliúna a sheoladh agus taighde a dhéanamh mar a fhoráiltear le halt 31Q,
- (e) athbhreithnithe a sheoladh faoi Chaibidil IV maidir le comhlíonadh a bhfeidhmeanna, faoi seach, ag an mBord agus ag údaráis phleanála,
- (f) formhaoirsiú a dhéanamh ar údaráis phleanála do sheachadadh seirbhísí pleanála éifeachtacha ar an bpobal, lena n-áirítear aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas—
- (i) aon táscaire iomchuí (de réir bhrí Chuid 12A den Acht Rialtais Áitiúil, 2001) arna shainaithint ag an gCoimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht nó arna fhorordú ag an Aire faoi alt 126C(1) den Acht sin, nó
 - (ii) rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoi alt 134A(7) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001,

- (g) tuarascáil bhliantúil a ullmhú de réir alt 31AH maidir le comhlíonadh a feidhmeanna féin,
 - (h) ráiteas straitéise a ullmhú don Oifig de réir alt 31T,
 - (i) cibé tuairimí is dóigh léi is cuí a thabhairt don Aire, nó ina tuarascálacha bliantúla nó ar shlí eile, i ndáil le reachtaíocht pleanála, lena n-áirítear:
 - (i) pleananna forbartha, pleananna limistéir áitiúil agus straitéisí spáis agus eacnamaíocha réigiúnacha faoi Chuid II;
 - (ii) treoirlínte faoi alt 28;
 - (iii) ordacháin faoi alt 31;
 - (iv) cóid iompair faoi alt 31AL; agus
 - (v) a mhéid a bhaineann sé le cúrsaí pleanála lena mbaineann mír (f), agus
 - (j) meastóireacht agus measúnú a dhéanamh ar phleananna iompair straitéisigh arna ndéanamh ag an Údarás Náisiúnta Iompair de réir alt 12 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008 agus fógra a eisiúint mar a fhoráiltear le fo-alt (10) den alt sin.
- (2) (a) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le hordú, cibé feidhmeanna breise a bhaineann le feidhmeanna na hOifige de thuras na huaire agus a chinnfidh an tAire a thabhairt don Oifig, faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a bheidh sonraithe san ordú.
- (b) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus breise is gá, i dtuairim an Aire, chun lánéifeacht a thabhairt d'ordú faoi mhír (a) a bheith san ordú.
- (3) Le linn don Oifig a feidhmeanna a chomhlíonadh, cuirfidh sí an cuspóir i gcuntas maidir le cur le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe agus feidhmiú pleanála optamach faoi na *hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2018*.

Feidhmeanna oideachais, oiliúna agus taighde

31Q. (1) Seolfaidh an Oifig cláir oideachais agus oiliúna—

- (a) do chomhaltaí d'údaráis phleanála agus de thionóil réigiúnacha maidir leis na nithe seo a leanas—
 - (i) ról na n-údarás agus na dtionól sin agus ról a gcomhaltaí faoi na *hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2018*, lena n-áirítear treoirlínte ón Aire agus treoracha beartais faoi Chaibidil IV de Chuid II,
 - (ii) cibé nithe a iarrfaidh an tAire a bhaineann le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe, agus

- (iii) cibé nithe eile a mheasfaidh an Oifig a bheith iomchuí maidir lena feidhmeanna, go háirithe, na feidhmeanna a bhaineann le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe,
- (b) do chomhaltaí d'fhoireann údarás pleanála nó d'fhoireann tionól réigiúnach maidir leis na nithe seo a leanas—
 - (i) cibé nithe a iarrfaidh an tAire a bhaineann le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe, agus
 - (ii) cibé nithe eile a mheasfaidh an Oifig a bheith iomchuí maidir lena feidhmeanna, go háirithe, na feidhmeanna a bhaineann le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe.
- (2) Déanfaidh an Oifig taighde i ndáil le nithe atá iomchuí maidir lena feidhmeanna mar aon le cibé nithe eile a iarrfaidh an tAire ar an Oifig.
- (3) Féadfaidh an Oifig socruithe a dhéanamh le haon duine nó comhlacht a mheasfaidh an Oifig a bheith cáilithe go cúí, lena n-áirítear aon eagraíocht ghairmiúil, oideachais nó taighde, chun tabhairt faoi sholáthar cibé seirbhísí is cúí leis an Oifig agus lena mbaineann mír (a) nó (b) d'fho-alt (1) nó d'fho-alt (2) agus is iomchuí maidir lena feidhmeanna.
- (4) Áireoidh an Oifig ina tuarascáil bhliantúil don Aire faoi alt 31AH tuarascáil maidir leis na nithe seo a leanas—
 - (a) gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna, agus
 - (b) gníomhaíochtaí taighde,arna ngabháil de láimh aici i leith na bliana lena mbaineann an tuarascáil sin.

An Oifig do chomhlíonadh feidhmeanna

- 31R.** (1) Faoi réir na Coda seo, beidh an Oifig neamhspleách i gcomhlíonadh a feidhmeanna.
- (2) Faoi réir alt 31O, féadfaidh an Oifig aon cheann dá feidhmeanna a chomhlíonadh trí aon chomhalta d'fhoireann na hOifige a bheidh údaraithe go cúí chuige sin—
 - (a) ag an Rialálaí Pleanála, nó
 - (b) a mhéid dá bhforáilfaidh an Rialálaí Pleanála é faoi mhír (a), ag stiúrthóir de chuid na hOifige.

Beidh aird ag an Oifig ar bheartais agus cuspóirí áirithe agus ar cheanglais

- 31S.** (1) Le linn don Oifig a feidhmeanna a chomhlíonadh, beidh aird aici—

- (a) ar na beartais agus ar na cuspóirí, de thuras na huaire, de chuid an Rialtais, de chuid údarás Stáit (lena n-áirítear treoirlínte ón Aire, treoracha beartais agus ordacháin arna n-eisiúint faoi Chaibidil IV de Chuid II), de chuid údarás phleanála agus de chuid aon chomhlacht eile is údarás poiblí a bhfuil baint, nó a bhféadfadh baint a bheith, ag

a fheidhmeanna le pleanáil chúí agus forbairt inchothaithe cathracha, bailte, sráidbhailte nó limistéar eile, uirbeach nó tuaithe,

- (b) ar leas an phobail agus ar aon éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag comhlíonadh a feidhmeanna ag an Oifig ar shaincheisteanna a bhfuil tábhacht straitéiseach, eacnamaíoch nó shóisialta leo don Stát,
- (c) ar an gCreat Pleanála Náisiúnta (nó, más cuí, ar an Straitéis Spáis Náisiúnta) agus ar aon straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire, agus
- (d) ar na ceanglais de chuid gníomhartha iomchuí ón Aontas Eorpach, go háirithe, na gníomhartha sin a bhaineann leis na nithe seo a leanas—
 - (i) an Treoir um Measúnacht Tionchair Timpeallachta,
 - (ii) Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a mheasúnú²,
 - (iii) an Treoir um Ghnáthóga, agus
 - (iv) na Treoracha um Éin,

a mhéid a bhaineann na ceanglais sin le húdaráis phleanála de bhua iad a bheith sainainmnithe mar údaráis inniúla chun críocha na ngníomhartha sin.

- (2) San alt seo, ciallaíonn ‘údarás poiblí’ aon chomhlacht arna bhunú le reacht nó faoi reacht a mbeidh sé dearbhaithe de thuras na huaire ina leith, le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire, gur údarás poiblí é chun críocha an ailt seo.

Straitéis chorparáideach na hOifige

- 31T.** (1) Ullmhóidh an Rialálaí Pleanála ráiteas straitéise don Oifig laistigh de 6 mhí ó thráth a bunaithe agus, ina dhiaidh sin, tráth nach luaithe ná 6 mhí roimh dheireadh gach tréimhse 6 bliana ina dhiaidh sin tar éis an lae bunaithe, agus tráth nach déanaí ná deireadh gach tréimhse den sórt sin.
- (2) Ullmhófar an ráiteas straitéise ar bhonn cur chuige straitéiseach uile-eagrúcháin a chuimseoidh feidhmeanna agus príomhghníomhaíochtaí na hOifige agus áireofar ann:
- (a) ráiteas ina leagfar amach an cur chuige arna ghlacadh i leith gach ceann d'fheidhmeanna na hOifige dá dtagraítear in alt 31P;
 - (b) ráiteas faoi phríomhghníomhaíochtaí na hOifige;
 - (c) na cuspóirí agus na tosaíochtaí maidir le gach ceann de na príomhghníomhaíochtaí, agus straitéisí chun na cuspóirí sin a bhaint amach;
 - (d) an modh ar a mbeartaíonn an Oifig a feidhmíocht i leith gach gníomhaíochta den sórt sin a mheasúnú, ag cur i gcuntas dó táscairí arna

² I.O. Uimh. L197 an 21.7.2001, lch. 30

sainaithe ag an Oifig agus an gá atá ann oibriú i dtreo an chleachtais is fearr maidir le seachadadh seirbhísí agus maidir le hoibriú ginearálta na hOifige;

- (e) gníomhaíochtaí acmhainní daonna (lena n-áirítear oiliúint agus forbairt) a bheidh le gabháil de láimh d'fhoireann na hOifige;
 - (f) struchtúr eagrúcháin na hOifige, lena n-áirítear tacaíocht chorparáideach agus teicneolaíocht faisnéise agus na feabhsuithe atá beartaithe chun éifeachtúlacht oibríochta agus seirbhíse do chustaiméirí a chur chun cinn agus chun tacaíocht a thabhairt don ráiteas straitéise i gcoitinne; agus
 - (g) cibé nithe eile a mheasfaidh an Rialálaí Pleanála is gá.
- (3) Laistigh de 3 mhí ón ráiteas straitéise a ullmhú chun críocha fho-alt (1), cuirfidh an Oifig faoi deara cóipeanna de a chur faoi bhráid an Aire agus a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.
- (4) San alt seo, folaíonn 'príomhghníomhaíochtaí' na nithe seo a leanas:
- (a) aon tuairimí agus moltaí a eiseofar ina leith seo a leanas—
 - (i) pleananna forbartha a athbhreithniú,
 - (ii) athruithe ar phleananna forbartha,
 - (iii) pleananna limistéir áitiúil a ullmhú agus a leasú, agus
 - (iv) straitéisí spáis agus eacnamaíochta réigiúnacha a ullmhú;
 - (b) aon phleananna agus straitéisí arna ndéanamh ar mhodh a bheidh ar comhréir leis na tuairimí agus na moltaí dá dtagraítear i mír (a);
 - (c) aon mholtaí a eiseoidh an Oifig chuig an Aire go n-úsáidfidh an tAire a chumhachtaí nó a cumhachtaí chun ordachán a thabhairt faoi alt 31 nó 31A maidir leis na nithe seo a leanas—
 - (i) plean forbartha a athbhreithniú,
 - (ii) athruithe ar phleananna forbartha,
 - (iii) pleananna limistéir áitiúil a ullmhú agus a leasú, agus
 - (iv) straitéisí spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a ullmhú;
 - (d) aon ordacháin arna n-eisiúint ar mhodh a bheidh ar comhréir le moltaí an Rialálaí Pleanála;
 - (e) an taighde a rinneadh agus an t-oideachas agus an oiliúint a seoladh;
 - (f) na hathbhreithnithe a seoladh ar chomhlíonadh feidhmeanna pleanála de chuid údarais phleanála agus de chuid an Bhoird.

Faireachán ar chomhlíonadh ag an Oifig

- 31U.** (1) Déanfaidh an Oifig, go ceann cibé agaí aimsire is cuí léi nó de réir mar a ordóidh an tAire, athbhreithnithe ar a heagraíocht agus ar na córais agus na nósanna imeachta a úsáideann sí i ndáil lena feidhmeanna a chomhlíonadh.
- (2) Féadfaidh an tAire ordachán a thabhairt don Oifig i leith nithe dá dtagraítear faoi fho-alt (5) i gcás go mbeidh faisnéis iarrtha ag an Aire.
- (3) I gcás go dtabharfaidh an tAire ordachán faoi fho-alt (2), déanfaidh an Oifig—
- (a) torthaí an athbhreithnithe a seoladh de bhun an ordacháin a thuairisciú don Aire, agus
- (b) aon ordachán a thabharfaidh an tAire i ndáil le gach ceann nó le haon cheann de na nithe ab ábhar don athbhreithniú a chomhlíonadh.
- (4) Féadfaidh an Oifig tuairimí a thabhairt don Aire nó aighneachtaí a dhéanamh chuige nó chuici maidir le haon ní a bhaineann lena feidhmeanna.
- (5) Féadfaidh an tAire dul i gcomhairle leis an Oifig maidir le haon ní a bhaineann leis na nithe seo a leanas a chomhlíonadh—
- (a) feidhmeanna na hOifige, nó
- (b) na feidhmeanna a shanntar don Aire leo seo a leanas, nó fúthu—
- (i) na *hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2018*, nó
- (ii) aon achtachán eile a mhéid a bhaineann, nó a d'fhéadfadh go mbainfeadh, na feidhmeanna sin nó feidhmiú na bhfeidhmeanna sin le feidhmeanna na hOifige.

Comhchomhairle idir an tAire agus an Rialálaí Pleanála

- 31V.** Rachaidh an tAire agus an Rialálaí Pleanála i gcomhairle le chéile ó am go ham maidir le nithe a bhaineann le feidhmeanna na hOifige agus an Rialálaí Pleanála.

Ceapadh agus téarma oifige an Rialálaí Pleanála

- 31W.** (1) Faoi réir an ailt seo, is é nó is í an tAire a cheapfaidh an Rialálaí Pleanála agus sealbhóidh sé nó sí oifig ar cibé téarmaí agus coinníollacha agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus aoisliúntas) a chinnfidh an tAire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- (2) Ní cheapfar duine mar an Rialálaí Pleanála mura rud é—
- (a) ach amháin i gcás feidhm a bheith ag fo-alt (3), go mbeidh sé nó sí roghnaithe ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, tar éis di comórtas a chur ar siúl thar ceann na hOifige, lena ainmniú nó lena hainmniú ag an Aire chun an Rialtais d'fhonn a cheapachán nó a ceapachán mar an Rialálaí Pleanála a cheadú, agus
- (b) go mbeidh a cheapachán nó a ceapachán, ar é nó í a ainmniú ag an Aire, ceadaithe ag an Rialtas.

- (3) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (2)(a) maidir le duine a bheadh, dá gceapfaí é nó í, ag fónamh don dara téarma comhleanúnach mar an Rialálaí Pleanála.
- (4) Maidir leis an Rialálaí Pleanála—
- (a) ceapfar é nó í i gcáil lánaimseartha,
- (b) ceapfar é nó í le haghaidh téarma oifige 5 bliana nó cibé tréimhse is giorra i gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (6)(b), agus
- (c) ní shealbhóidh sé nó sí, aon tráth a bheidh sé nó sí i seilbh oifige, aon oifig nó fostaíocht eile a mbeidh díolaíochtaí iníoctha ina leith.
- (5) Ní cheapfar aon duine le haghaidh téarma oifige mar Rialálaí Pleanála níos mó ná dhá uair, faoi réir aon fhoráil dá bhforáiltear le dlí a bhaineann le dul ar scor a mbeadh feidhm aici maidir leis an duine, ach ní léifear aon ní sa mhír seo mar ní a chuireann cosc ar iar-rialálaí pleanála a bheith ina chomhalta nó ina comhalta den fhoireann nó, faoi réir thoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe más iomchuí, a bheith fostaithe ar shlí eile ag an Oifig.
- (6) (a) Is go ceann na tréimhse 5 bliana dá dtagraítear i bhfo-alt (4)(b) a bheidh téarma oifige duine mar Rialálaí Pleanála, ach amháin i gcás go mbeidh feidhm ag mír (b).
- (b) Más rud é, laistigh den tréimhse 5 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha mar Rialálaí Pleanála, go mbeadh 65 bliana d’aois slánaithe ag an duine lena mbaineann agus nach mbeidh sé nó sí—
- (i) ina iontrálaí nó ina hiontrálaí nua (de réir bhrí an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004) a ceapadh tar éis dó nó di a bheith ceaptha roimhe sin sa tseirbhís phoiblí (de réir na brí sin) ar an 1 Aibreán 2004 nó dá éis, ná
- (ii) ina chomhalta nó ina comhalta den Scéim de réir bhrí an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012,
- ansin ceapfar é nó í le haghaidh cibé téarma oifige mar Rialálaí Pleanála a scoirfidh ar 65 bliana d’aois a bheith slánaithe aige nó aici.
- (7) A luaithe is indéanta tar éis duine a cheapadh mar an Rialálaí Pleanála, cuirfidh an tAire faoi deara fógra faoin gceapachán a fhoilsíú san *Iris Oifigiúil*.

Forálacha idirthréimhseacha a bhaineann leis an Oifig

- 31X.** (1) Roimh an lá bunaithe, féadfaidh an tAire a iarraidh ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí comórtas a chur ar siúl d’fhonn duine a roghnú lena ainmniú nó lena hainmniú chun an Rialtais chun go gceadóidh an Rialtas don Aire an duine sin a cheapadh mar an Rialálaí Pleanála agus, dá réir sin—
- (a) measfar alt 31W(2)(a) a bheith chomhlíonta, cibé acu a tharlóidh nó nach dtarlóidh aon bhearta arna ndéanamh de bhun na hiarrata sin ar an lá bunaithe nó dá éis, agus

- (b) i gcás go mbeidh duine roghnaithe go cuí ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí roimh an lá bunaithe, ansin—
- (i) cuirfidh an tSeirbhís an méid sin in iúl don Aire, agus
- (ii) féadfaidh an tAire, roimh an lá sin, ar an lá sin nó dá éis, an duine a ainmniú chun an Rialtais chun go gceadóidh sé don Aire an duine sin a cheapadh agus beidh éifeacht leis an gceapachán ar cibé acu seo a leanas is déanaí a tharlóidh:
- (I) an lá bunaithe;
- (II) an dáta a dhéanfar an ceapachán.
- (2) Más rud é, le héifeacht ón lá bunaithe, nach mbeidh aon Rialálaí Pleanála ann, ansin féadfaidh an tAire, ar bhonn eatramhach agus go dtí go ndéanfar an ceapachán, duine a cheapadh i scríbhinn chun cuid d'fheidhmeanna an Rialálaí Pleanála, nó iad go léir, a chomhlíonadh.
- (3) I gcás go mbeidh duine ceaptha ag an Aire de réir fho-alt (2) chun feidhmeanna de chuid an Rialálaí Pleanála a chomhlíonadh agus go n-áireofar ar na feidhmeanna is inchomhlíonta an fheidhm arb éard í stiúirthóir a cheapadh faoi alt 31Z, ansin, d'ainneoin alt 31Z(1), ní bheidh níos mó ná aon duine amháin arna cheapadh nó arna ceapadh mar stiúirthóir aon tráth mura gceadóidh an tAire aon cheapacháin bhreise.

An Rialálaí d'éirí as agus a chur as oifig

- 31Y.** (1) Féadfaidh Rialálaí Pleanála, aon tráth, éirí as a oifig nó a hoifig trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Aire i dtaobh é a bheith ar intinn aige nó aici éirí as agus beidh éifeacht le haon éirí as den sórt sin amhail ón dáta a gheobhaidh an tAire fógra faoin éirí as.
- (2) Féadfaidh an Rialtas an Rialálaí Pleanála a chur as oifig más rud é—
- (a) go mbeidh an Rialálaí, i dtuairim an Rialtais, tagtha chun bheith éagumasach, de dheasca easláinte, ar a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach,
- (b) i dtuairim an Rialtais, gur mhí-iompair an Rialálaí Pleanála é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe,
- (c) gur chiontaigh cúirt dlínse inniúla an Rialálaí Pleanála ar díotáil agus gur cuireadh pianbhreith príosúnachta air nó uirthi,
- (d) go gciontófar an Rialálaí Pleanála i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht,
- (e) go mbreithneofar an Rialálaí Pleanála ina fhéimheach nó ina féimheach sa Stát nó i ndlínse eile agus, sa chás go mbreithneofar amhlaidh é nó í, nach mbeidh deimhniú urscaoilte ón bhféimheacht sa Stát nó sa dlínse eile sin, de réir mar is cuí, faighte aige nó aici, nó
- (f) gur dealraitheach don Rialtas gur gá an Rialálaí Pleanála a chur as oifig chun go gcomhlíonfaidh an Oifig a feidhmeanna go héifeachtach.

- (3) I gcás go gcuirfear an Rialálaí Pleanála as oifig faoin alt seo, cuirfidh an Rialtas faoi deara ráiteas maidir leis na cúiseanna a bhí lena chur nó lena cur as oifig a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Stiúrthóirí

31Z. (1) D'fhonn tacú leis an Rialálaí Pleanála agus leis an Oifig le linn feidhmeanna a chomhlíonadh faoin gCuid seo, féadfaidh an Rialálaí Pleanála—

- (a) suas le 3 dhuine a cheapadh, ach ceapfaidh sé nó sí aon duine amháin ar a laghad,
- (b) faoi réir cheadú an Aire, arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cibé líon daoine breise a cheapadh de réir mar a shonrófar,

a mbeidh gach duine acu ina stiúrthóir de chuid na hOifige (dá ngairtear 'stiúrthóir' san alt seo) chun cibé feidhmeanna a shannfar go cuí do gach duine acu a chomhlíonadh.

- (2) Beidh stiúrthóir ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann na hOifige.
- (3) Déanfaidh an Rialálaí Pleanála aon stiúrthóir amháin a shainainmniú chun bheith ina leas-Rialálaí Pleanála. Déanfaidh an leas-Rialálaí Pleanála feidhmeanna an Rialálaí Pleanála a chomhlíonadh agus a chomhall i gcás an Rialálaí Pleanála a bheith as láthair nó i gcás nach bhfuil aon Rialálaí Pleanála ann agus léifear tagairtí don Rialálaí Pleanála dá réir sin.
- (4) Ar scor do stiúrthóir a bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann na hOifige, measfar go bhfuil scartha aige nó aici le post an stiúrthóra.

Foireann na hOifige

31AA. Déanfaidh an Rialálaí Pleanála cibé daoine agus cibé líon daoine a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí d'fhoireann na hOifige Pleanála agus a dhéanfaidh an Rialálaí Pleanála, faoi réir cheadú an Aire, arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, maidir le líon agus grád na foirne sin, a chinneadh ó am go ham, agus aird aige nó aici ar an ngá atá ann a chinntiú go mbeidh inniúlacht sa Ghaeilge ag líon leordhóthanach den fhoireann chun a chumasú don Oifig seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla araon.

Comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas, de Pharlaimint na hEorpa nó d'údarás áitiúil

31AB.(1) Más rud é, maidir leis an Rialálaí Pleanála nó comhalta d'fhoireann na hOifige—

- (a) go nglacfaidh sé nó sí le hainmniúchán mar chomhalta de Sheanad Éireann,
- (b) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó mar chomhalta de Pharlaimint na hEorpa,
- (c) go measfar é nó í, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghchán do Pharlaimint na hEorpa, 1997, a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa, nó

- (d) go dtoghfar nó go gcomhthoghfar é nó í mar chomhalta d'údarás áitiúil, air sin—
- (i) i gcás an Rialálaí, scoirfidh sé nó sí de bheith ina Rialálaí, agus
- (ii) i gcás aon chomhalta d'fhoireann na hOifige, beidh sé nó sí ar iasacht ó fhostaíocht ag an Oifig agus ní iocfaidh an Oifig leis nó léi, ná ní bheidh sé nó sí i dteideal go bhfaighidh sé nó sí ón Oifig, aon luach saothair nó liúntais i leith caiteachas in aghaidh na tréimhse dar tosach an tráth a ainmneofar nó a thoghfar é nó í amhlaidh, nó an tráth a mheasfar é nó í a bheith tofa amhlaidh, nó an tráth a thoghfar nó a chomhthoghfar é nó í amhlaidh, agus dar críoch an tráth a scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach acu sin, nó ina chomhalta nó ina comhalta den Pharlaimint sin nó ina chomhalta nó ina comhalta den údarás áitiúil.
- (2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), déanfar an fo-alt sin a fhorléiriú mar ní lena dtoirmiscear tréimhse atá luaite ann a áireamh mar sheirbhís leis an Oifig chun críche aon sochair aoisliúntais is iníoctha.
- (3) Aon duine atá de thuras na huair—
- (a) i dteideal faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin,
- (b) ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa, nó
- (c) i dteideal faoi Bhuan-Orduithe údaráis áitiúil suí mar chomhalta den údarás sin,

beidh sé nó sí dícháilithe chun bheith ina Rialálaí Pleanála nó ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann na hOifige, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh faoi mhír (a) nó (c) nó ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin faoi mhír (b).

Comhaltaí d'fhoireann na hOifige chun bheith ina státseirbhísigh

31AC. Beidh comhalta d'fhoireann Oifig an Rialálaí Pleanála ina státseirbhíseach (de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956) i Státseirbhís an Stáit.

Toirmeasc ar fhaisnéis a bhaineann le feidhmeanna na hOifige a nochtadh

31AD.(1) Ní dhéanfaidh aon duine, gan toiliú an Rialálaí Pleanála (a fhéadfar a thabhairt don duine, faoi réir coinníollacha nó gan choinníollacha, maidir le haon fhaisnéis, aon fhaisnéis áirithe nó aon fhaisnéis d'aicme nó de thuirisc áirithe), an méid seo a leanas a nochtadh—

- (a) aon fhaisnéis a bheidh faighte aige nó aici le linn dó nó di a bheith ag fónamh mar chomhalta d'fhoireann na hOifige, nó mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir don Oifig, nó mar dhuine a mbaineann an Oifig leas as a sheirbhísí nó a seirbhísí de bhua alt 31AI nó 31AJ, nó
- (b) aon fhaisnéis a bheidh faighte amhlaidh i ndáil le gnó na hOifige nó le comhlíonadh a feidhmeanna.

- (2) Aon duine a sháróidh fo-alt (1), déanfaidh sé nó sí cion.
- (3) Ní choiscfidh aon ní i bhfo-alt (1)—
 - (a) nochtadh faisnéise i dtuarascáil arna tabhairt don Oifig nó i dtuarascáil arna tabhairt ag an Oifig nó thar ceann na hOifige don Aire,
 - (b) nochtadh faisnéise ag aon duine i gcúrsa agus de réir fheidhmeanna a oifige nó a hoifige,
 - (c) nochtadh faisnéise de réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, nó
 - (d) nochtadh faisnéise de réir na Rialachán um Acht na gComhphobal Eorpach, 1972 (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol), 1998 (I.R. Uimh. 125 de 1998), agus de réir aon rialacháin lena leasaítear na rialacháin sin nó a chuirtear in ionad na rialachán sin.

Dliteanas an Rialálaí Pleanála nó dliteanas comhalta foirne i leith gníomhartha agus neamhghníomhartha

31AE. Ní bheidh—

- (a) an Rialálaí Pleanála nó iar-Rialálaí Pleanála, ná
- (b) comhalta reatha nó iarchomhalta d'fhoireann na hOifige,

faoi dhliteanas i leith damáistí in aon ní a bheidh déanta aige nó aici, aon ní a airbheartófar a bheidh déanta aige nó aici, nó aon ní a bheidh fágtha gan déanamh aige nó aici le linn dó nó di feidhm a chomhlíonadh faoin Acht seo, mura suifear go ndearnadh an gníomh nó an neamhghníomh de mheon mímhacánta.

Deontais don Oifig

31AF. Féadfar, faoi réir cibé coinníollacha, más ann, is cuí leis an Aire, deontas nó deontais ina mbeidh cibé méid nó méideanna a shocróidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tar éis dó nó di comhchomhairle a dhéanamh leis an Oifig i ndáil lena clár caiteachais don bhliain sin, a íoc leis an Oifig i ngach bliain airgeadais as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Cuntais agus iniúchtaí na hOifige

31AG. (1) Déanfaidh an Oifig—

- (a) meastacháin ar ioncam agus caiteachas a chur faoi bhráid an Aire i cibé foirm, i leith cibé tréimhsí agus ag cibé tráthanna a shonróidh an tAire, agus
 - (b) aon fhaisnéis a cheanglóidh an tAire a sholáthar dó nó di maidir leis na meastacháin sin agus freisin maidir le pleananna agus tograí na hOifige i leith tréimhse a shonróidh an tAire.
- (2) Coimeádfaidh an Oifig, i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasáíochta a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar airgead a bheidh faighte agus

caite ag an Oifig, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe.

- (3) (a) Ceadóidh an Rialálaí Pleanála agus aon chomhalta iomchuí d'fhoireann na hOifige, aon uair a cheanglóidh an tAire amhlaidh, d'aon duine a bheidh ceaptha ag an Aire cuntais na hOifige i leith aon bhliain airgeadais nó tréimhse eile a scrúdú agus éascóidh siad aon scrúdú den sórt sin, agus íocfaidh an Oifig leis an Aire cibé táille as an scrúdú a shocróidh an tAire.
- (b) San fho-alt seo, ciallaíonn 'aon chomhalta iomchuí d'fhoireann na hOifige' comhalta d'fhoireann na hOifige a mbeidh dualgais maidir leis na cuntais sin sannta go cuí dó nó di.
- (4) (a) Déanfaidh an Rialálaí Pleanála cuntais na hOifige a cheadú a luaithe is indéanta (ach tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh na tréimhse cuntasáochta lena mbaineann siad) agus a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh.
- (b) Cuirfear cóip de na cuntais agus de thuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste orthu faoi bhráid an Rialálaí Pleanála agus an Aire a luaithe is indéanta, agus cuirfidh an tAire faoi deara cóip de na cuntais agus den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Tuarascáil bhliantúil na hOifige

- 31AH.** (1) Déanfaidh an Oifig, tráth nach déanaí ná an 30ú lá de Mheitheamh gach bliain, tuarascáil bhliantúil a ullmhú ina mbeidh faisnéis maidir le comhlíonadh fheidhmeanna na hOifige agus maidir lena príomhghníomhaíochtaí i rith na bliana roimhe sin, lena n-áirítear aon ní lena mbaineann alt 31Q, agus cibé nithe eile a shonróidh an tAire don Oifig i scríbhinn.
- (2) Cuirfidh an Rialálaí Pleanála faoi deara cóip den tuarascáil bhliantúil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus cuirfidh sé nó sí faoi deara cóip a sheoladh chuig an gCoiste Oireachtais iomchuí.
 - (3) Ar iarraidh a fháil i scríbhinn ón gCoiste Oireachtais iomchuí, freastalóidh an Rialálaí Pleanála os a chomhair chun cuntas a thabhairt i dtaobh nithe i ndáil le tuarascáil bhliantúil na hOifige.
 - (4) San alt seo, ciallaíonn 'Coiste Oireachtais iomchuí' Coiste arna cheapadh ag ceachtar Teach den Oireachtas nó ag dhá Theach an Oireachtais i gcomhar, a bhfuil ról sannta dó go cuí maidir le nithe a bhaineann leis an gcomhshaol agus pleanáil a scrúdú (seachas an Coiste um Chuntais Phoiblí nó an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann nó an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Sheanad Éireann), nó fo-choiste de chuid Coiste Oireachtais iomchuí den sórt sin.

An tAire do sholáthar seirbhísí agus acmhainní don Oifig

- 31AI.** (1) D'fhonn a chumasú don Oifig a feidhmeanna a chomhlíonadh, féadfaidh an tAire seirbhísí (lena n-áirítear seirbhísí foirne ar iasacht nó ar bhonn buan) a sholáthar don Oifig ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear íocaíocht as na seirbhísí sin) a chomhaontófar, tar éis comhchomhairle a

dhéanamh leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus féadfaidh an Oifig leas a bhaint as na seirbhísí sin.

- (2) Féadfaidh an Oifig seirbhísí (lena n-áirítear seirbhísí foirne) a sholáthar don Aire ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear íocaíocht as na seirbhísí sin) a chomhaontófar, tar éis comhchomhairle a dhéanamh leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus féadfaidh an tAire leas a bhaint as na seirbhísí sin.
- (3) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), féadfaidh an tAire, ar iarraidh a bheith déanta ag an Rialálaí Pleanála, áitreabh, trealamh, seirbhísí agus acmhainní eile chun go gcomhlíonfaidh an Oifig a feidhmeanna, a chur ar fáil don Oifig, nó a chur faoi deara iad a chur ar fáil don Oifig, de réir mar a chinneadh an Oifig ó am go ham i gcomhairle leis an Aire agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- (4) Féadfaidh an tAire, faoi réir é a chomhaontú leis an bpríomhfheidhmeannach iomchuí (cibé ainm a thugtar air nó uirthi) de chuid aon chomhlacht poiblí atá faoi choimirce an Aire, lena n-áirítear aon údarás áitiúil, socrú a dhéanamh maidir le seirbhísí a sholáthar faoi fho-alt (3).

Soláthraithe seirbhíse

- 31AJ.** (1) Féadfaidh an Oifig ó am go ham cibé sainchomhairleoirí nó comhairleoirí a fhostú a mheasfaidh sí is gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh agus íocfaidh an Oifig, as airgead a bheidh faoina réir aici, aon táillí a bheidh dlíthe do shainchomhairleoir nó do chomhairleoir a fhostófar de bhun an ailt seo.
- (2) Áireoidh an Oifig, i ngach tuarascáil a dhéanfar faoi alt 31AH, ráiteas ina mbeidh ainmneacha na ndaoine (más ann) a fostaíodh de bhun an ailt seo le linn na bliana lena mbaineann an tuarascáil.

Táillí is iníoctha leis an Oifig

- 31AK.** (1) Féadfaidh Oifig an Rialálaí Pleanála táillí a chinneadh a fhéadfar a ghearradh i ndáil le haon ní dá dtagraítear i bhfo-alt (2), faoi réir cheadú an Aire, agus beidh táille a chinnfear amhlaidh iníoctha leis an Oifig ag aon duine lena mbaineann de réir mar is cuí, agus féadfar socrú a dhéanamh maidir le táillí éagsúla i leith nithe éagsúla.
- (2) Maidir leis na nithe a bhféadfaidh Oifig an Rialálaí Pleanála táillí a chinneadh i ndáil leo faoi fho-alt (1), is nithe iad i leith costais réasúnacha a ghabhann leis na seirbhísí seo a leanas a sholáthar nó a ghabháil de láimh—
- (a) cláir oideachais agus oiliúna,
 - (b) cláir taighde, agus
 - (c) aon seirbhísí eile, faoi réir cheadú an Aire.
- (3) D'ainneoin fho-alt (2), féadfaidh an Oifig, faoi réir cheadú an Aire, socrú a dhéanamh maidir le táillí éagsúla a íoc i ndáil le nithe éagsúla dá dtagraítear i bhfo-alt (2), maidir le díolúine a fháil ó tháillí a íoc in imthosca sonraithe, agus maidir le táillí a tharscaoileadh, a loghadh nó a aisíoc go hiomlán nó go páirteach in imthosca sonraithe.

Cód iompair

- 31AL.** (1) (a) Glacfaidh an Oifig cód iompair chun déileáil le coibhleachtaí leasa agus chun muinín an phobail in ionracas sheoladh a gnó a chur chun cinn agus ní foláir do na daoine sin dá dtagraítear i bhfo-alt (3) é a leanúint.
- (b) Beidh cód iompair faoin alt seo faoi réir cheadú an Aire agus glacfar an cód laistigh de bhliain amháin tar éis an lae bunaithe.
- (2) Is é a bheidh i gcód cleachtas ráiteas i scríbhinn ina leagfar amach beartas na hOifige maidir leis na nithe seo a leanas, ar a laghad:
- (a) nochtadh leasanna agus gaolmhaireachtaí i gcás na leasanna agus na gaolmhaireachtaí a bheith iomchuí maidir le hobair na hOifige, de réir mar is cuí;
- (b) comhaltas d’eagraíochtaí, de chomhlachais agus de chomhlachtaí eile, gairmiúil nó eile;
- (c) comhaltas de chuideachtaí, de chomhpháirtíochtaí nó de comhlachtaí eile, nó leasanna airgeadais eile iontu;
- (d) obair a ghlacadh ar láimh, nach obair thar ceann na hOifige, le linn agus i ndiaidh aon tréimhse fostaíochta leis an Oifig, cibé acu mar shainchomhairleoir, mar chomhairleoir nó ar shlí eile;
- (e) glacadh le bronntanais, le hurraíocht, le comaoineacha nó le fabhair;
- (f) faisnéis a nochtadh maidir le nithe a bhaineann le hobair na hOifige, de réir mar is cuí;
- (g) an cleachtas is fearr a bheidh le leanúint i ndáil le feidhmeanna na hOifige, lena n-áirítear na nósanna imeachta a bhaineann le tuairimí, aighneachtaí nó moltaí a sholáthar de réir an Achta seo i ndáil leis na nithe seo a leanas—
- (i) pleananna forbartha a athbhreithniú, a dhéanamh agus a athrú,
- (ii) pleananna limistéir áitiúil a athbhreithniú, a dhéanamh agus a leasú,
- (iii) straitéisí spáis agus eacnamaíochta réigiúnacha a athbhreithniú, a dhéanamh agus a leasú, agus
- (iv) an Rialálaí Pleanála, comhaltaí d’fhoireann na hOifige nó daoine lena mbaineann alt 31AJ do nochtadh aon uirill a bhaineann le hobair nó feidhmeanna na hOifige, is uirill a dhéanfar chuig an Rialálaí Pleanála, nó chuig aon chomhalta den fhoireann nó aon duine den sórt sin, cibé acu i scríbhinn nó ar shlí eile i ndáil leis na nithe sin.
- (3) Tá feidhm ag an gcód iompair arna ghlacadh ag an Oifig—
- (a) maidir leis an Rialálaí Pleanála,
- (b) maidir le comhalta d’fhoireann na hOifige, nó

- (c) a mhéid a thaispeántar sa chód iompair, maidir le haon duine nó le haon aicme nó aicmí daoine lena mbaineann alt 31AJ,

agus déanfaidh gach duine an cód iompair a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann sé leis nó léi nó a mhéid a chuirfear chun feidhme é maidir leis nó léi.

CAIBIDIL III

MEASTÓIREACHT AGUS MEASÚNACHT ARNA SEOLADH AG OIFIG AN RIALÁLAÍ PLEANÁLA

An Oifig do dhéanamh meastóireacht agus measúnacht ar nithe a bhaineann le pleananna forbartha

31AM. (1) Déanfaidh an Oifig meastóireacht agus measúnacht, ar leibhéal straitéiseach ar a laghad, ar na nithe seo a leanas—

- (a) fógra arna thabhairt faoi fho-alt (2) d'alt 11 ag údarás pleanála don Oifig chun críocha an ailt sin i dtaobh é a bheith ar intinn ag an údarás pleanála athbheithniú a dhéanamh ar a phlean forbartha reatha,
- (b) fógra faoin dréachtphlean forbartha, agus cóip den dréachtphlean forbartha, arna gcur chuig an Oifig faoi fho-alt (1)(a) d'alt 12 ag an údarás pleanála lena mbaineann chun críoch an ailt sin,
- (c) fógra arna thabhairt faoi alt 12(5)(aa) ag an údarás pleanála lena mbaineann don Oifig i leith dréachtphlean forbartha,
- (d) fógra arna thabhairt don Oifig ag údarás pleanála faoi alt 12(7)(a), mar aon leis an leasú beartaithe a bheadh ina athrú ábhartha ar an dréachtphlean forbartha lena mbaineann, dá ndéanfaí é,
- (e) fógra arna chur mar aon leis an gcóip d'aon athrú beartaithe ar an bplean forbartha lena mbaineann arna cur chuig an Oifig faoi fho-alt (2)(a) d'alt 13 ag an údarás pleanála lena mbaineann chun críoch an ailt sin,
- (f) fógra arna thabhairt faoi alt 13(5)(aa) ag an údarás pleanála lena mbaineann don Oifig i leith athrú beartaithe ar phlean forbartha,

agus féadfaidh an Oifig cibé tuairimí a thabhairt nó aighneachtaí a dhéanamh chun críocha na forála iomchuí.

- (2) Le linn don Oifig measúnacht agus meastóireacht a dhéanamh ar aon cheanglas lena mbaineann fo-alt (1), féachfaidh sí lena chinntiú, más cuí, go ndíríonn sí ar ábhair reachtacha agus bheartais a bhaineann le pleananna forbartha mar seo a leanas:
 - (a) nithe a thagann i gcoitinne faoi réim alt 10 agus, go háirithe, faoi réim fho-alt (2)(n) den alt sin i ndáil leis an athrú aeráide;
 - (b) é a bheith ar comhréir leis an bplean forbartha agus leis an gCreat Pleanála Náisiúnta (nó, más cuí, leis an Straitéis Spáis Náisiúnta) agus le straitéisí spáis agus eacnamaíocha réigiúnacha;

- (c) treoirlínte iomchuí d'údaráis phleanála arna ndéanamh faoi alt 28, lena n-áirítear pleananna forbartha a bheith ar comhréir le haon cheanglais shonracha i dtaca le beartas pleanála a shonrófar sna treoirlínte sin;
 - (d) teoracha beartais arna n-eisiúint faoi alt 29;
 - (e) cibé ábhair reachtacha agus bheartais eile a chuirfidh an tAire in iúl don Oifig i scríbhinn, agus a bhfoilseofar an éifeacht a bheidh leo ar shuíomh gréasáin na hOifige.
- (3) Le linn don Oifig tuairimí a thabhairt nó aighneachtaí a dhéanamh chun críocha na bhforálacha dá dtagraítear i bhfo-alt (1), nó tuairimí a thabhairt nó aighneachtaí a dhéanamh i leith aon mheastóireacht nó measúnacht lena mbaineann fo-alt (2), déanfaidh an Oifig—
- (a) cibé moltaí don údarás pleanála iomchuí i ndáil le meastóireacht agus measúnachtaí na hOifige a mheasfaidh sí is gá chun a chinntiú go ndéanfaidh an t-údarás áitiúil iomchuí comhordú éifeachtach ar cheanglais phleanála náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla le linn dó a fheidhmeanna pleanála forbartha a chomhall, agus
 - (b) cóip d'aon tuairimí nó aighneachtaí den sórt sin a chur chuig an Aire, mar aon le haon mholtaí a dhéanfar.
- (4) Sa tuarascáil ó phríomhfheidhmeannach an údaráis pleanála a ullmhófar do na comhaltaí tofa—
- (a) faoi alt 11(4), i leith plean forbartha nua a ullmhú,
 - (b) faoi fho-alt (4) nó (8) d'alt 12 i leith dréachtphlean forbartha, nó
 - (c) faoi alt 13(4), i leith athrú ar phlean forbartha, déanfar—
 - (i) achoimre a thabhairt ar na saincheistanna a dúisíodh sna tuairimí arna dtabhairt nó sna haighneachtaí arna ndéanamh, lena n-áirítear moltaí arna ndéanamh, ag an Oifig i ndáil le meastóireacht agus measúnachtaí na hOifige faoi fho-alt (1),
 - (ii) sracléiriú a thabhairt ar mholtaí an phríomhfheidhmeannaigh i ndáil leis an modh ar chóir díriú ar na saincheistanna agus na moltaí sin, agus pleanáil chúí agus forbairt inchothaithe an limistéir á gcur i gcuntas, agus
 - (iii) an tuarascáil a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin an údaráis pleanála a luaithe is indéanta tar éis í a chur faoi bhráid chomhaltaí an údaráis.
- (5) Déanfaidh tionól réigiúnach cóip de na nithe seo a leanas a chur chuig an Oifig—
- (a) aon tuairim a thabharfaidh sé d'údarás pleanála nó aighneachtaí a dhéanfaidh se chuig údarás pleanála, lena n-áirítear moltaí a dhéanfaidh sé dó, faoi alt 27A(1), i leith an athbhreithnithe ar phlean forbartha reatha,

- (b) aon tuairim a thabharfaidh sé d'údarás pleanála nó aighneachtaí a dhéanfaidh se chuig údarás pleanála, lena n-áirítear moltaí a dhéanfaidh sé dó, faoi alt 27B(1), i leith dréachtphlean forbartha,
- (c) aon tuairim a thabharfaidh sé d'údarás pleanála nó aighneachtaí a dhéanfaidh se chuig údarás pleanála, lena n-áirítear moltaí a dhéanfaidh sé dó, faoi alt 27C(1), i leith athrú beartaithe i bplean forbartha.
- (6) Tabharfaidh údarás pleanála fógra don Oifig laistigh de 5 lá oibre á rá go ndearnadh plean forbartha nó athrú ar phlean forbartha agus cuirfidh sé cóip den ráiteas i scríbhinn agus de na léarscáileanna arna ndéanamh go cuí, agus más rud é—
- (a) go dtabharfaidh an t-údarás pleanála breith gan aon mholtaí arna ndéanamh sa tuarascáil iomchuí ón Oifig a chomhlíonadh, nó
- (b) ar shlí eile, go ndéanfaidh an t-údarás pleanála an plean ar mhodh a d'fhágfadh nach mbeadh sé ar comhréir le haon mholadh arna dhéanamh ag an Oifig,
- ansin tabharfaidh an príomhfheidhmeannach fógra don Oifig i scríbhinn dá réir sin, agus luafar san fhógra sin cúiseanna le breith an údaráis pleanála.
- (7) I gcás go mbeidh feidhm ag mír (a) nó (b) d'fho-alt (6), breithneoidh an Oifig cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an plean forbartha, nó an t-athrú air, arna dhéanamh ag an údarás pleanála ar comhréir, i dtuairim na hOifige, le haon mholtaí arna ndéanamh ag an Oifig.
- (8) I gcás go mbeidh an Oifig den tuairim, tar éis aon bhreithniú a dhéanamh chun críocha fho-alt (7)—
- (a) nach ndearnadh an plean forbartha, nó an t-athrú air, de réir mar a bheidh, ar mhodh atá ar comhréir le moltaí na hOifige,
- (b) gurb é an toradh a bheidh ar bhreith an údaráis pleanála lena mbaineann go ndéanfar plean forbartha, nó athrú air, ar mhodh a mhainníonn straitéis fhoriomlán a leagan amach maidir le pleanáil chúí agus forbairt inchothaithe an limistéir lena mbaineann, agus
- (c) de dhroim mhíreanna (a) agus (b), gurbh fhiúntach don Aire a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a úsáid chun ordachán a eisiúint faoi alt 31,
- ansin, déanfaidh an Oifig, tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis an plean forbartha nó an t-athrú ar an bplean forbartha a dhéanamh, fógra a eisiúint chuig an Aire ina mbeidh—
- (i) moltaí gur chóir don Aire a fheidhm nó a feidhm a fheidhmiú chun cibé bearta a dhéanamh chun an ní a chur ina cheart ar mhodh lena gcinnteofar, i dtuairim na hOifige, go ndéanfar straitéis fhoriomlán maidir le pleanáil chúí agus forbairt inchothaithe a leagan amach sa phlean forbartha, nó sa phlean forbartha arna athrú ag an údarás pleanála, agus
- (ii) dréacht beartaithe d'ordachán lena mbainfeadh mír (c).

- (9) Déanfaidh an Oifig cóip den fhógra arna eisiúint chuig an Aire faoi fho-alt (8) a chur ar fáil ar a suíomh gréasáin.

Forálacha de dhroim alt 31AM

31AN. (1) Breithneoidh an tAire na moltaí ón Oifig a bheidh san fhógra arna eisiúint faoi alt 31AM agus—

- (a) i gcás go n-aontóidh an tAire leis an bhfógra sin, ansin rachaidh an tAire ar aghaidh, de bhun alt 31, le fógra a eisiúint chun críocha fho-ailt (3) agus (4) den alt sin, tar éis dó nó di an dréacht-ordachán beartaithe arna chur faoina bhráid nó faoina bráid ag an Oifig a chur i gcuntas, nó
- (b) i gcás nach n-aontóidh an tAire amhlaidh leis an Oifig, ansin déanfaidh an tAire—
- (i) ráiteas i scríbhinn a ullmhú maidir leis na cúiseanna atá aige nó aici gan aontú,
- (ii) a chur faoi deara an ráiteas sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, agus
- (iii) a luaithe is indéanta, an ráiteas sin a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.
- (2) A luaithe is indéanta tar éis ráiteas a ullmhú faoi fho-alt (1)(b), cuirfidh an tAire faoi deara cóip de a chur chuig an Oifig agus chuig an údarás pleanála lena mbaineann, agus cuirfidh an Oifig agus an t-údarás sin é ar fáil, a luaithe is indéanta dá éis sin, ar a suíomh ghréasáin faoi seach.
- (3) I gcás go n-eiseoidh an tAire fógra faoi alt 31 chun críocha fho-ailt (3) agus (4) den alt sin—
- (a) sonrófar san fhógra gur don Oifig a thabharfar tuarascáil an phríomhfheidhmeannaigh maidir leis na haighneachtaí faoin dréacht-ordachán, agus
- (b) gníomhóidh an príomhfheidhmeannach dá réir sin.
- (4) Breithneoidh an Oifig tuarascáil an phríomhfheidhmeannaigh maidir leis na haighneachtaí, mar aon le haon aighneacht arna déanamh faoi alt 31(10), agus molfaidh sí don Aire go n-eiseoidh sé nó sí an t-ordachán fara mionleasuithe nó gan mhionleasuithe nó, i gcás go mbeidh an Oifig den tuairim—
- (a) go bhféadfadh ceanglas a bheith ann leasú ábhartha a dhéanamh ar an dréacht-ordachán,
- (b) gur gá imscrúdú breise a dhéanamh chun aon ghné den tuarascáil a tugadh nó d'aighneachtaí a cuireadh faoina bráid a shoiléiriú, nó
- (c) go bhfuil gá leis ar aon chúis eile,
- ansin féadfaidh an Oifig, ar chúiseanna sonraithe, duine a cheapadh chun bheith ina chigire nó ina cigire, tráth nach déanaí ná 3 seachtaine tar éis an dáta a gheofar tuarascáil an phríomhfheidhmeannaigh.

- (5) Maidir le cigire a cheapfar faoi fho-alt (4)—
- (a) is duine é nó í a mbeidh, i dtuairim na hOifige, taithí agus inniúlacht shásúil aige nó aici chun na feidhmeanna a chomhlíonadh a cheanglaítear air nó uirthi faoin alt seo, agus
 - (b) beidh sé nó sí neamhspleách i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin.
- (6) Maidir leis an gcigire—
- (a) déanfaidh sé nó sí athbhreithniú ar an dréacht-ordachán, ar an tuarascáil a thabharfar ón bpríomhfheidhmeannach agus ar aon aighneachtaí a dhéanfar,
 - (b) rachaidh sé nó sí i gcomhairle le príomhfheidhmeannach agus le comhaltaí tofa an údaráis pleanála,
 - (c) féadfaidh sé nó sí dul i gcomhairle leis an tionól réigiúnach agus le daoine a rinne aighneachtaí, agus
 - (d) déanfaidh sé nó sí, tráth nach déanaí ná 3 seachtaine tar éis é nó í a cheapadh, tuarascáil ina mbeidh moltaí a thabhairt don Oifig.
- (7) Maidir le cóipeanna den tuarascáil ón gcigire faoi fho-alt (6)—
- (a) tabharfaidh an Oifig iad gan mhoill don phríomhfheidhmeannach agus, más iomchuí, don tionól réigiúnach, agus
 - (b) cuirfear ar fáil iad go leictreonach, ar cibé modh is cuí leis an Oifig sna himthosca, do dhaoine a rinne aighneachtaí.
- (8) Aon duine ar tugadh cóip den tuarascáil ón gcigire dó nó di, nó ar cuireadh cóip den tuarascáil ar fáil dó nó di, féadfaidh sé nó sí aighneacht a dhéanamh chuig an Oifig i ndáil le haon ní dá dtagraítear sa tuarascáil tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis—
- (a) an tuarascáil a thabhairt dó nó di, i gcás feidhm a bheith ag fo-alt (7)(a), nó
 - (b) an tuarascáil a chur ar fáil dó nó di, i gcás feidhm a bheith ag fo-alt (7)(b).
- (9) Déanfaidh an Oifig, tráth nach déanaí ná 3 seachtaine (nó a luaithe is féidir le linn cibé tréimhse lena bhfadófar an tréimhse 3 seachtaine sin a chinnfidh an Oifig) tar éis an tuarascáil ón gcigire, nó aon aighneachtaí a dhéanfar chuige nó chuici, a fháil, agus tar éis di an tuarascáil, na moltaí nó na haighneachtaí, de réir mar a bheidh, a bhreithniú, a mholadh don Aire ar chúiseanna a shonrófar—
- (a) an t-ordachán a eisiúint,
 - (b) gan an t-ordachán a eisiúint, nó
 - (c) an t-ordachán a eisiúint, agus é arna leasú ag an Oifig chun aon cheann de na nithe seo a leanas is cuí leis an Oifig a chur i gcuntas:
 - (i) moltaí atá sa tuarascáil ón gcigire;

- (ii) aon aighneachtaí a bheidh déanta,
- agus, i gcás go mbeidh feidhm ag mír (a) nó (c) agus go gcomhaontóidh an tAire leis an moladh, ansin déanfaidh sé nó sí, faoi réir fho-alt (16), an t-ordachán a eisiúint faoi alt 31 fara mionleasuithe nó gan mhionleasuithe.
- (10) Déanfar cóip de na moltaí a cuireadh faoi bhráid an Aire faoi fho-alt (9), den tuarascáil ón gcigire agus d'aon aighneachtaí arna ndéanamh a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige agus cuirfear iad chuig an údarás pleanála iomchuí.
- (11) Ón tráth a ghlacfar plean forbartha—
- (a) measfar cibé forálacha—
- (i) a cheanglaítear a bheith ar áireamh i bplean forbartha de bhua ordachán arna eisiúint ag an Aire faoi alt 31, agus
- (ii) nach bhfuil ar áireamh amhlaidh,
- a bheith ar áireamh sa phlean forbartha sin, agus
- (b) maidir le cibé forálacha den phlean forbartha nach bhfuil de réir ordachán arna eisiúint amhlaidh, measfar nach bhfuil siad ar áireamh sa phlean forbartha sin.
- (12) Cuirfidh an tAire faoi deara cóip d'ordachán arna eisiúint a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.
- (13) A luaithe is féidir tar éis ordachán a eisiúint chuig údarás pleanála faoin alt seo, cuirfidh an t-údarás pleanála an t-ordachán arna eisiúint amhlaidh ar fáil do dhaoine den phobal, le linn ghnáthuaireanta oifige an údaráis, in oifigí an údaráis, agus féadfaidh sé an t-ordachán a chur ar fáil freisin trína chur ar shuíomh gréasáin an údaráis pleanála nó ar shlí eile i bhfoirm leictreonach.
- (14) Déanfar cóip den ordachán arna eisiúint ag an Aire faoi alt 31 a chur i gcóip chuig an Oifig agus cuirfear ar fáil ar a suíomh gréasáin í.
- (15) Foilseoidh an tAire cóip den ordachán arna eisiúint faoi alt 31 ar shuíomh gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.
- (16) (a) I gcás go gceanglófaí athrú ábhartha a dhéanamh ar phlean forbartha mar gheall ar an Aire do thabhairt ordachán de réir fho-alt (9), déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná 3 seachtaine tar éis don Oifig an moladh a dhéanamh faoin bhfo-alt sin—
- (i) fógra maidir leis an athrú ábhartha a cheanglófaí amhlaidh a fhoilsiú i nuachtán amháin ar a laghad a scaiptear i limistéar riaracháin an údaráis áitiúil a d'ullmhaigh an plean forbartha, agus
- (ii) cóip den fhógra sin a chur chuig an údarás pleanála lena mbaineann, chuig an tionól réigiúnach lena mbaineann, chuig an Oifig, chuig an mBord agus chuig na húdaráis fhorordaithe.

- (b) Sula dtabharfaidh an tAire ordachán de réir fho-alt (9), cinnfidh sé nó sí—
- (i) cibé acu atá nó nach bhfuil ceanglas ann measúnacht straitéiseach timpeallachta nó measúnacht chuí a dhéanamh maidir le hathrú ábhartha ar phlean forbartha a cheanglófaí d'fhonn an t-ordachán a chomhlíonadh, agus
 - (ii) i gcás go gcinneadh sé nó sí go bhfuil ceanglas ann amhlaidh measúnacht straitéiseach timpeallachta nó measúnacht chuí a dhéanamh, an tréimhse ama is gá chun an mheasúnacht straitéiseach timpeallachta nó an mheasúnacht chuí sin a dhéanamh.
- (c) I gcás go ndéanfaidh an tAire cinneadh faoi mhír (b) go bhfuil ceanglas ann measúnacht straitéiseach timpeallachta nó measúnacht chuí a dhéanamh maidir le hathrú ábhartha ar phlean forbartha a cheanglófaí d'fhonn an t-ordachán a chomhlíonadh, foilseoidh sé nó sí fógra maidir leis an gcinneadh sin i nuachtán amháin ar a laghad a scaiptear i limistéar riaracháin an údaráis áitiúil a d'ullmhaigh an plean forbartha lena mbaineann.
- (d) Déanfar cóip den chinneadh faoi mhír (b) agus cóip den athrú ábhartha beartaithe ar an bplean forbartha lena mbaineann, ar feadh tréimhse nach lú ná 4 seachtaine ó dháta an chinnidh, a chur ar fáil lena n-íniúchadh—
- (i) ag daoine den phobal i cibé áit agus ag cibé tráthanna a shonrófar san fhógra dá dtagraítear i mír (c), agus
 - (ii) ar shuíomh gréasáin idirlín an Aire agus ar shuíomh gréasáin idirlín an údaráis pleanála lena mbaineann.
- (e) Maidir le fógra lena mbaineann mír (c)—
- (i) luafar ann go ndearnadh cinneadh faoi mhír (b) d'fhonn ordachán a thabhairt de réir fho-alt (9),
 - (ii) sonrófar ann an áit ina gcuirfear, agus na tráthanna ar lena linn a chuirfear, cóipeanna den chinneadh faoi mhír (b) agus den athrú ábhartha beartaithe ar an bplean forbartha lena mbaineann ar fáil lena n-íniúchadh ag daoine den phobal,
 - (iii) luafar ann go mbeidh na cóipeanna sin ar fáil lena n-íniúchadh ar shuíomh gréasáin idirlín an Aire agus ar shuíomh gréasáin idirlín an údaráis pleanála lena mbaineann,
 - (iv) lorgófar ann aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn maidir leis an athrú ábhartha beartaithe nó maidir le measúnacht straitéiseach timpeallachta nó measúnacht chuí a cheanglófar a dhéanamh de bhua an chinnidh sin a thabhairt don Aire roimh dhul in éag do cibé tréimhse a shonrófar san fhógra, agus
 - (v) luafar ann go gcuirfidh an tAire aon aighneachtaí nó tuairimí den sórt sin i gcuntas agus ordachán á thabhairt de réir fho-alt (9).

- (f) Déanfaidh an tAire measúnacht straitéiseach timpeallachta, measúnacht chuí, nó iad araon, ar an athrú ábhartha beartaithe ar an bplean forbartha laistigh den tréimhse arna cinneadh ag an Aire de réir mhír (b).
- (g) Déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná 8 seachtaine tar éis fógra a fhoilsiú faoi mhír (c), tuarascáil a ullmhú maidir le haon aighneachtaí nó tuairimí a gheofar de réir an fhógra sin.
- (h) Maidir le tuarascáil faoi mhír (g)—
 - (i) sonrúfar inti na daoine a rinne aighneachtaí nó a thug tuairimí de réir an fhógra faoi mhír (c),
 - (ii) tabharfar inti achoimre ar na haighneachtaí agus na tuairimí sin, agus
 - (iii) leagfar amach inti freagra an Aire ar na haighneachtaí agus na tuairimí sin.
- (i) Déanfaidh an tAire, le linn dó nó di a fhreagra nó a freagra ar aighneachtaí nó tuairimí a leagan amach de réir an fhógra faoi mhír (c), na nithe seo a leanas a chur i gcuntas:
 - (i) pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir a bhfuil ar intinn go mbeidh feidhm ag an bplean forbartha beartaithe maidir leis,
 - (ii) na dualgais faoi reacht atá ar an údarás áitiúil a bhfuil ar intinn go mbeidh feidhm ag an bplean forbartha beartaithe laistigh dá limistéar riaracháin,
 - (iii) an gá atá ann a chinntiú go mbeidh an plean forbartha beartaithe ar comhréir leis na nithe seo a leanas—
 - (I) na cuspóirí forbartha náisiúnta agus réigiúnacha arna leagan amach sa Chreat Pleanála Náisiúnta agus sa straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach,
 - (II) ceanglais shonracha i dtaca le beartas pleanála a shonraítear i dtreoirínte faoi alt 28(1), agus
 - (III) beartais nó cuspóirí de chuid an Rialtais nó de chuid aon Aire den Rialtas de thuras na huair.

An Oifig do dhéanamh meastóireacht agus measúnacht ar nithe a bhaineann le pleananna limistéir áitiúil

31AO. (1) Déanfaidh an Oifig meastóireacht agus measúnacht, ar leibhéal straitéiseach ar a laghad, ar na nithe seo a leanas—

- (a) fógra arna thabhairt faoi fho-alt (3)(a)(i) d’alt 20 ag údarás pleanála don Oifig sin maidir le togra chun plean limistéir áitiúil a dhéanamh, a leasú nó a chúlghairm chun críocha an ailt sin,
- (b) fógra arna chur chuig an Oifig sin faoi fho-alt (3)(e) d’alt 20 ag údarás pleanála a bhaineann le hathrú ábhartha ar phlean limistéir áitiúil (lena n-áirítear, más rud é gur cuireadh í, cóip den athrú ábhartha beartaithe) chun críocha an ailt sin,

agus féadfaidh an Oifig cibé aighneachtaí a dhéanamh nó cibé tuairimí, moltaí nó tuarascálacha a thabhairt dá bhforáiltear leis an bhforáil iomchuí.

- (2) Le linn don Oifig measúnacht agus meastóireacht a dhéanamh ar aon cheanglas lena mbaineann fo-alt (1), féachfaidh sí lena chinntiú, más cuí, go ndíríonn sé ar ábhair reachtacha agus bheartais a bhaineann leis na nithe seo a leanas:
 - (a) nithe a thagann i gcoitinne faoi réim alt 19;
 - (b) é a bheith ar comhréir le cuspóirí an phlean forbartha iomchuí, lena chroistraitéis, le haon straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a bhfuil feidhm aici maidir leis an limistéar agus le straitéis iompair an Údaráis Náisiúnta Iompair;
 - (c) treoirlínte iomchuí d'údaráis phleanála arna ndéanamh faoi alt 28;
 - (d) treoracha beartais arna n-eisiúint faoi alt 29;
 - (e) cibé nithe eile a fhorordóidh an tAire faoi alt 262 nó a fhorordóidh sé nó sí ar shlí eile.
- (3) Le linn don Oifig tuairimí a thabhairt nó aighneachtaí a dhéanamh chun críocha na bhforálacha dá dtagraítear i bhfo-alt (1), nó tuairimí a thabhairt nó aighneachtaí a dhéanamh i leith aon mheastóireacht nó measúnacht lena mbaineann fo-alt (2), déanfaidh an Oifig—
 - (a) cibé moltaí don údarás phleanála iomchuí i ndáil le meastóireacht agus measúnachtaí na hOifige a mheasfaidh sí is gá chun a chinntiú go ndéanfaidh an t-údarás áitiúil iomchuí comhordú éifeachtach ar cheanglais phleanála náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla le linn dó a fheidhmeanna phleanála forbartha a chomhall, agus
 - (b) cóip d'aon tuairimí nó aighneachtaí den sórt sin a chur chuig an Aire, mar aon le haon mholtaí a dhéanfar.
- (4) Sa tuarascáil ó phríomhfheidhmeannach an údaráis phleanála arna hullmhú do na comhaltaí tofa faoi alt 20 i leith plean limistéir áitiúil a ullmhú, a leasú nó a chúlghairm, déanfar—
 - (a) achoimre a thabhairt ar na saincheisteanna a dúisíodh sna haighneachtaí arna ndéanamh nó sna tuairimí arna dtabhairt, lena n-áirítear moltaí arna ndéanamh, ag an Oifig i ndáil le meastóireacht agus measúnachtaí na hOifige faoi fho-alt (1),
 - (b) sracléiriú a thabhairt ar mholtaí an phríomhfheidhmeannaigh i ndáil leis an modh ar chóir díriú ar na saincheisteanna agus na moltaí sin, agus pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir á gcur i gcuntas, agus
 - (c) an tuarascáil a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin an údaráis phleanála tar éis do na comhaltaí tofa breith a thabhairt.
- (5) Tabharfaidh údarás phleanála fógra don Oifig laistigh de 5 lá oibre á rá go ndearnadh plean limistéir áitiúil nó leasú ar phlean limistéir áitiúil agus

cuirfidh sé cóip den ráiteas i scríbhinn agus de léarscáileanna arna ndéanamh go cuí, agus más rud é—

- (a) go dtabharfaidh an t-údarás pleanála breith gan aon mholtaí arna ndéanamh sa tuarascáil iomchuí ón Oifig a chomhlíonadh, nó
- (b) ar shlí eile, go ndéanfaidh an t-údarás pleanála an plean ar shlí eile ar mhodh a d'fhágfadh nach mbeadh sé ar comhréir le haon mholadh arna dhéanamh ag an Oifig,

ansin tabharfaidh an príomhfheidhmeannach fógra don Oifig i scríbhinn dá réir sin, agus luafar san fhógra sin cúiseanna le breith an údaráis pleanála.

- (6) I gcás go mbeidh feidhm ag mír (a) nó (b) d'fho-alt (5), breithneoidh an Oifig cibé acu atá nó nach bhfuil an plean limistéir áitiúil, mar a bheidh sé déanta, leasaithe nó cúlghairthe ag an údarás pleanála, ar comhréir, i dtuairim na hOifige, le haon mholtaí arna ndéanamh ag an Oifig.
- (7) I gcás go mbeidh an Oifig den tuairim, tar éis aon bhreithniú a dhéanamh chun críocha fho-alt (6)—
 - (a) nach ndearnadh, nár leasaíodh nó nár cúlghaireadh an plean limistéir áitiúil, de réir mar a bheidh, ar mhodh atá ar comhréir le moltaí na hOifige,
 - (b) gurb é an toradh a bheidh ar bhreith an údaráis pleanála lena mbaineann go ndéanfar plean limistéir áitiúil, nó go leasófar nó go gcúlghairfear é, de réir mar a bheidh, ar mhodh nach mbeidh ar comhréir le plean forbartha an limistéir lena mbaineann, agus
 - (c) de dhroim mhíreanna (a) agus (b), gurbh fhiúntach don Aire a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a úsáid chun ordachán a eisiúint faoi alt 31,

ansin déanfaidh an Oifig, tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis an plean limistéir áitiúil a dhéanamh, a leasú nó a chúlghairm, de réir mar a bheidh, fógra a eisiúint chuig an Aire ina mbeidh—

- (i) moltaí gur chóir don Aire a fheidhm nó a feidhm a fheidhmiú chun cibé bearta a dhéanamh chun an ní a chur ina cheart ar mhodh lena gcinnteofar, i dtuairim na hOifige, go ndéanfar straitéis fhoriomlán maidir le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe a leagan amach sa phlean forbartha, nó sa phlean forbartha arna athrú ag an údarás pleanála, agus
 - (ii) dréacht beartaithe d'ordachán lena mbainfeadh mír (c).
- (8) Déanfaidh an Oifig cóip den fhógra arna eisiúint chuig an Aire faoi fho-alt (7) a chur ar fáil ar a shuíomh gréasáin.

Forálacha a leanann as alt 31AO

31AP. (1) Breithneoidh an tAire na moltaí ón Oifig a bheidh san fhógra arna eisiúint faoi alt 31AO, agus—

- (a) i gcás go n-aontóidh an tAire leis an bhfógra sin, ansin rachaidh an tAire ar aghaidh, de bhun alt 31, le fógra a eisiúint chun críocha fho-ailt (3) agus (4) den alt sin tar éis don Aire an dréacht-ordachán beartaithe arna chur faoina bhráid nó faoina bráid ag an Oifig a chur i gcountas, nó
- (b) i gcás nach n-aontóidh an tAire amhlaidh leis an Oifig, ansin déanfaidh an tAire—
- (i) ráiteas i scríbhinn a ullmhú maidir leis na cúiseanna atá aige nó aici gan aontú,
- (ii) a chur faoi deara an ráiteas sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, agus
- (iii) a luaithe is indéanta, an ráiteas sin a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.
- (2) A luaithe is indéanta tar éis ráiteas a ullmhú faoi fho-alt (1)(b), cuirfidh an tAire faoi deara cóip de a chur chuig an Oifig agus chuig an údarás pleanála lena mbaineann, agus cuirfidh an Oifig agus an t-údarás sin ar fáil é, a luaithe is indéanta dá éis sin, ar a suímh ghréasáin faoi seach.
- (3) I gcás go n-eiseoidh an tAire fógra faoi alt 31, chun críocha fho-ailt (3) agus (4) den alt sin—
- (a) sonrú san fhógra gur don Oifig a thabharfar tuarascáil an phríomhfheidhmeannaigh i dtaca leis na haighneachtaí maidir leis an dréacht-ordachán, agus
- (b) gníomhóidh an príomhfheidhmeannach dá réir sin.
- (4) Breithneoidh an Oifig tuarascáil an phríomhfheidhmeannaigh maidir leis na haighneachtaí, mar aon le haon aighneacht arna déanamh faoi alt 31(10), agus molfaidh sí don Aire go n-eiseoidh sé nó sí an t-ordachán fara mionleasuithe nó gan mhionleasuithe nó, i gcás go mbeidh an Oifig den tuairim—
- (a) go bhféadfadh ceanglas a bheith ann leasú ábhartha a dhéanamh ar an dréacht-ordachán,
- (b) gur gá imscrúdú breise a dhéanamh chun aon ghné den tuarascáil a tugadh nó d'aighneachtaí a cuireadh faoina bráid a shoiléiriú, nó
- (c) go bhfuil gá leis ar aon chúis eile,
- ansin féadfaidh an Oifig, ar chúiseanna sonrath, duine a cheapadh chun bheith ina chigire nó ina cigire, tráth nach déanaí ná 3 seachtaine tar éis an dáta a gheofar tuarascáil an phríomhfheidhmeannaigh.
- (5) Maidir le cigire a cheapfar faoi fho-alt (4)—
- (a) is duine é nó í a mbeidh, i dtuairim na hOifige, taithí agus inniúlacht shásúil aige nó aici chun na feidhmeanna a chomhlíonadh a cheanglaítear air nó uirthi faoin alt seo, agus
- (b) beidh sé nó sí neamhspleách i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin.

- (6) Maidir leis an gcigire—
- (a) déanfaidh sé nó sí athbhreithniú ar an dréacht-ordachán, ar an tuarascáil a thabharfar ón bpríomhfheidhmeannach agus ar aon aighneachtaí a dhéanfar,
 - (b) rachaidh sé nó sí i gcomhairle le príomhfheidhmeannach agus le comhaltaí tofa an údaráis pleanála,
 - (c) féadfaidh sé nó sí dul i gcomhairle leis an tionól réigiúnach agus le daoine a rinne aighneachtaí, agus
 - (d) déanfaidh sé nó sí, tráth nach déanaí ná 3 seachtaine tar éis é nó í a cheapadh, tuarascáil ina mbeidh moltaí a thabhairt don Oifig.
- (7) Maidir le cóipeanna den tuarascáil ón gcigire faoi fho-alt (6)—
- (a) tabharfaidh an Oifig iad gan mhoill don phríomhfheidhmeannach agus, más iomchuí, don tionól réigiúnach, agus
 - (b) cuirfear ar fáil iad go leictreonach, ar cibé modh is cuí leis an Oifig sna himthosca, do dhaoine a rinne aighneachtaí.
- (8) Aon duine ar tugadh cóip den tuarascáil ón gcigire dó nó di, nó ar cuireadh cóip den tuarascáil ón gcigire ar fáil dó nó di, féadfaidh sé nó sí aighneacht a dhéanamh chuig an Oifig i ndáil le haon ní dá dtagraítear sa tuarascáil tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis—
- (a) an tuarascáil a thabhairt dó nó di, i gcás feidhm a bheith ag fo-alt (7)(a), nó
 - (b) an tuarascáil a chur ar fáil dó nó di, i gcás feidhm a bheith ag fo-alt (7)(b).
- (9) Déanfaidh an Oifig, tráth nach déanaí ná 3 seachtaine (nó a luaithe is féidir le linn cibé tréimhse lena bhfadófar an tréimhse 3 seachtaine sin a chinnfidh an Oifig) tar éis an tuarascáil ón gcigire, nó aon aighneachtaí a dhéanfar chuige nó chuici, a fháil, agus tar éis di an tuarascáil, na moltaí nó na haighneachtaí, de réir mar a bheidh, a bhreithniú, a mholadh don Aire ar chúiseanna a shonrófar—
- (a) an t-ordachán a eisiúint,
 - (b) gan an t-ordachán a eisiúint, nó
 - (c) an t-ordachán a eisiúint, agus é arna leasú ag an Oifig chun aon cheann de na nithe seo a leanas is cuí leis an Oifig a chur i gcuntas:
 - (i) moltaí atá sa tuarascáil ón gcigire;
 - (ii) aon aighneachtaí a bheidh déanta,
- agus, i gcás go mbeidh feidhm ag mír (a) nó (c) agus go n-aontóidh an tAire leis an moladh, ansin déanfaidh sé nó sí, faoi réir fho-alt (16), an t-ordachán a eisiúint faoi alt 31 fara mionleasuithe nó gan mhionleasuithe.

- (10) Déanfar cóip de na moltaí a cuireadh faoi bhráid an Aire faoi fho-alt (9), den tuarascáil ón gcigire agus d'aon aighneachtaí arna ndéanamh a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige agus cuirfear iad chuig an údarás pleanála iomchuí.
- (11) Ón tráth a ghlacfar plean limistéir áitiúil—
- (a) measfar cibé forálacha—
- (i) a cheanglaítear a bheith ar áireamh sa phlean limistéir áitiúil de bhua ordachán arna eisiúint ag an Aire faoi alt 31, agus
- (ii) nach bhfuil ar áireamh amhlaidh,
a bheith ar áireamh sa phlean limistéir áitiúil sin, agus
- (b) maidir le cibé forálacha den phlean limistéir áitiúil nach bhfuil de réir ordachán arna eisiúint amhlaidh, measfar nach bhfuil siad ar áireamh sa phlean limistéir áitiúil sin.
- (12) Cuirfidh an tAire faoi deara cóip d'ordachán arna eisiúint a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.
- (13) A luaithe is féidir tar éis ordachán a eisiúint chuig údarás pleanála faoin alt seo, cuirfidh an t-údarás pleanála an t-ordachán arna eisiúint amhlaidh ar fáil do dhaoine den phobal, le linn ghnáthuaireanta oifige an údaráis, in oifigí an údaráis, agus féadfaidh sé an t-ordachán a chur ar fáil freisin trína chur ar shuíomh gréasáin an údaráis pleanála nó ar shlí eile i bhfoirm leictreonach.
- (14) Déanfar cóip den ordachán arna eisiúint ag an Aire faoi alt 31 a chur i gcóip chuig an Oifig agus cuirfear ar fáil ar a suíomh gréasáin í.
- (15) Foilseoidh an tAire cóip den ordachán arna eisiúint faoi alt 31 ar shuíomh gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.
- (16) (a) I gcás go gceanglófaí athrú ábhartha a dhéanamh ar phlean limistéir áitiúil mar gheall ar an Aire do thabhairt ordachán de réir fho-alt (9), déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná 3 seachtaine tar éis don Oifig an moladh a dhéanamh faoin bhfo-alt sin—
- (i) fógra maidir leis an athrú ábhartha a cheanglófaí amhlaidh a fhoilsiú i nuachtán amháin ar a laghad a scaiptear i limistéar riaracháin an údaráis áitiúil a d'ullmhaigh an plean limistéir áitiúil, agus
- (ii) cóip den fhógra sin a chur chuig an údarás pleanála lena mbaineann, chuig an tionól réigiúnach, chuig an Oifig, chuig an mBord agus chuig na húdaráis fhorordaithe.
- (b) Sula dtabharfaidh an tAire ordachán de réir fho-alt (9), cinnfidh sé nó sí—
- (i) cibé acu atá nó nach bhfuil ceanglas ann measúnacht straitéiseach timpeallachta nó measúnacht chuí a dhéanamh maidir le hathrú ábhartha ar phlean limistéir áitiúil a cheanglófaí d'fhonn an t-ordachán a chomhlíonadh, agus

- (ii) i gcás go gcinneadh sé nó sí go bhfuil ceanglas ann amhlaidh measúnacht straitéiseach timpeallachta nó measúnacht chuí a dhéanamh, an tréimhse ama is gá chun an mheasúnacht straitéiseach timpeallachta nó an mheasúnacht chuí sin a dhéanamh.
- (c) I gcás go ndéanfaidh an tAire cinneadh faoi mhír (b) go bhfuil ceanglas ann measúnacht straitéiseach timpeallachta nó measúnacht chuí a dhéanamh maidir le hathrú ábhartha ar phlean limistéir áitiúil a cheanglófaí d'fhonn an t-ordachán a chomhlíonadh, foilseoidh sé nó sí fógra maidir leis an gcinneadh sin i nuachtán amháin ar a laghad a scaiptear i limistéar riaracháin an údaráis áitiúil a d'ullmhaigh an plean limistéir áitiúil lena mbaineann.
- (d) Déanfar cóip den chinneadh faoi mhír (b) agus cóip den athrú ábhartha beartaithe ar an bplean limistéir áitiúil lena mbaineann, ar feadh tréimhse nach lú ná 4 seachtaine ó dháta an chinnidh, a chur ar fáil lena n-íniúchadh—
 - (i) ag daoine den phobal i cibé áit agus ag cibé tráthanna a shonrófar san fhógra dá dtagraítear i mír (c), agus
 - (ii) ar shuíomh gréasáin idirlín an Aire agus ar shuíomh gréasáin idirlín an údaráis pleanála lena mbaineann.
- (e) Maidir le fógra lena mbaineann mír (c)—
 - (i) luafar ann go ndearnadh cinneadh faoi mhír (b) d'fhonn ordachán a thabhairt de réir fho-alt (9),
 - (ii) sonrófar ann an áit ina gcuirfear, agus na tráthanna ar lena linn a chuirfear, cóipeanna den chinneadh faoi mhír (b) agus den athrú ábhartha beartaithe ar an bplean limistéir áitiúil lena mbaineann ar fáil lena n-íniúchadh ag daoine den phobal,
 - (iii) luafar ann go mbeidh na cóipeanna sin ar fáil lena n-íniúchadh ar shuíomh gréasáin idirlín an Aire agus ar shuíomh gréasáin idirlín an údaráis pleanála lena mbaineann,
 - (iv) iarrfar ann aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn, maidir leis an athrú ábhartha beartaithe nó maidir le measúnacht straitéiseach timpeallachta nó measúnacht chuí a cheanglófar a dhéanamh de bhua an chinnidh sin, a thabhairt don Aire roimh dhul in éag do cibé tréimhse a shonrófar san fhógra, agus
 - (v) luafar ann go gcuirfidh an tAire aon aighneachtaí nó tuairimí den sórt sin i gcuntas agus ordachán á thabhairt de réir fho-alt (9).
- (f) Déanfaidh an tAire measúnacht straitéiseach timpeallachta, measúnacht chuí, nó iad araon, ar an athrú ábhartha beartaithe ar an bplean limistéir áitiúil laistigh den tréimhse arna cinneadh ag an Aire de réir mhír (b).
- (g) Déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná 8 seachtaine tar éis fógra a fhoilsiú faoi mhír (c), tuarascáil a ullmhú maidir le haon aighneachtaí nó tuairimí a gheofar de réir an fhógra sin.

- (h) Maidir le tuarascáil faoi mhír (g)—
- (i) sonrófar inti na daoine a rinne aighneachtaí nó a thug tuairimí de réir an fhógra faoi mhír (c),
 - (ii) tabharfar inti achoimre ar na haighneachtaí agus na tuairimí sin, agus
 - (iii) leagfar amach inti freagra an Aire ar na haighneachtaí agus na tuairimí sin.
- (i) Déanfaidh an tAire, le linn dó nó di a fhreagra nó a freagra ar aighneachtaí nó tuairimí a leagan amach de réir an fhógra faoi mhír (c), na nithe seo a leanas a chur i gcuntas:
- (i) pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir a bhfuil ar intinn go mbeidh feidhm ag an bplean limistéir áitiúil beartaithe maidir leis,
 - (ii) na dualgais faoi reacht atá ar an údarás áitiúil a bhfuil ar intinn go mbeidh feidhm ag an bplean limistéir áitiúil beartaithe laistigh dá limistéar riaracháin,
 - (iii) an gá atá ann a chinntiú go mbeidh an plean limistéir áitiúil beartaithe ar comhréir leis na nithe seo a leanas—
 - (I) na cuspóirí forbartha náisiúnta agus réigiúnacha arna leagan amach sa Chreat Pleanála Náisiúnta agus sa straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach,
 - (II) ceanglais shonracha i dtaca le beartas pleanála a shonraítear i dtreoirilínte faoi alt 28(1), agus
 - (III) beartais nó cuspóirí de chuid an Rialtais nó de chuid aon Aire den Rialtas de thuras na huair.

An Oifig do meastóireacht agus measúnacht ar nithe a bhaineann le straitéisí spáis agus eacnamaíocha réigiúnacha

31AQ. (1) Déanfaidh an Oifig meastóireacht agus measúnacht, ar leibhéal straitéiseach, ar na nithe seo a leanas—

- (a) fógra arna thabhairt faoi fho-alt (2) d'alt 24 ag tionól réigiúnach don Oifig sin chun críocha an ailt sin i dtaobh é a bheith ar intinn ag an tionól réigiúnach straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh,
- (b) fógra faoin dréacht den straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach, agus cóip den dréacht den straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach, arna gcur chuig an Oifig faoi fho-alt (4)(a) d'alt 24 ag an tionól réigiúnach lena mbaineann chun críoch an ailt sin,

agus féadfaidh an Oifig cibé aighneachtaí a dhéanamh nó tuairimí a thabhairt mar a fhoráiltear le halt 24.

- (2) Le linn don Oifig measúnacht agus meastóireacht a dhéanamh ar aon cheanglas lena mbaineann fo-alt (1), féachfaidh sí lena chinntiú, más cuí,

go ndírionn sé ar ábhair reachtacha agus bheartais a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- (a) nithe a thagann i gcoitinne faoi réim alt 23 agus, go háirithe, faoi réim fho-alt (2)(c)(viii) den alt sin i ndáil leis an athrú aeráide;
 - (b) é a bheith ar comhréir leis na straitéisí spáis agus eacnamaíocha réigiúnacha agus leis an gCreat Pleanála Náisiúnta (nó, más cuí, leis an Straitéis Spáis Náisiúnta) agus leis an gcreat pleanála straitéiseach fadtéarmach le haghaidh fhorbairt an réigiúin nó na réigiún, de réir mar a bheidh, arb ina leith a dhéantar iad, de réir phrionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inchothaithe;
 - (c) treoirlínte iomchuí d'údaráis phleanála arna ndéanamh faoi alt 28;
 - (d) teoracha beartais arna n-eisiúint faoi alt 29;
 - (e) i leith tionól réigiúnach nó údaráis áitiúla lena mbaineann Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath (MLBÁC), é a bheith ar comhréir leis na straitéisí spáis agus eacnamaíocha réigiúnacha agus le straitéis iompair an Údaráis Náisiúnta Iompair;
 - (f) cibé nithe eile a fhorordóidh an tAire faoi alt 262 nó ar shlí eile.
- (3) Le linn don Oifig tuairimí a thabhairt nó aighneachtaí a dhéanamh chun críocha na bhforálacha dá dtagraítear i bhfo-alt (1), nó tuairimí a thabhairt nó aighneachtaí a dhéanamh i leith aon mheastóireacht nó measúnacht lena mbaineann fo-alt (2), déanfaidh an Oifig—
- (a) tuairimí agus moltaí a thabhairt don tionól réigiúnach lena mbaineann i ndáil le meastóireacht agus measúnachtaí na hOifige de réir mar a mheasfaidh sí is gá chun a chinntiú go ndéanfaidh an tionól réigiúnach iomchuí comhordú éifeachtach ar cheanglais phleanála náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, agus
 - (b) cóip d'aon tuairimí nó aighneachtaí den sórt sin a chur chuig an Aire, mar aon le haon mholtaí a dhéanfar.
- (4) Sa tuarascáil ó stiúrthóir an tionóil réigiúnaigh a ullmhófar do chomhaltaí an tionóil réigiúnaigh faoi Chaibidil III de Chuid II, déanfar, a mhéid a bhaineann sé le hullmhú na dréachtstraitéise spáis agus eacnamaíche réigiúnaí—
- (a) achoimre a thabhairt ar na saincheisteanna a dúisíodh sna haighneachtaí arna ndéanamh nó sna tuairimí arna dtabhairt, lena n-áirítear moltaí arna ndéanamh, ag an Oifig i ndáil le meastóireacht agus measúnachtaí na hOifige faoi fho-alt (1),
 - (b) sracléiriú a thabhairt ar mholtaí stiúrthóir an tionóil réigiúnaigh i ndáil leis an modh ar chóir díriú ar na saincheisteanna agus na moltaí sin, agus na nithe seo a leanas á gcur i gcuntas—
 - (i) an Creat Pleanála Náisiúnta (nó, más cuí, an Straitéis Spáis Náisiúnta) agus an creat pleanála straitéiseach fadtéarmach le

haghaidh fhorbairt an réigiúin nó na réigiún, de réir mar a bheidh, arb ina leith a dhéantar an creat, agus

(ii) prionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inchothaithe, agus

(c) an tuarascáil a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionóil réigiúnaigh.

(5) Tabharfaidh tionól réigiúnach fógra don Oifig laistigh de 5 lá oibre á rá go ndearnadh straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach agus cuirfidh sé cóip den straitéis, agus más rud é—

(a) go dtabharfaidh an tionól réigiúnach breith gan aon mholtaí arna ndéanamh sa tuarascáil iomchuí ón Oifig a chomhlíonadh, nó

(b) ar shlí eile, go ndéanfaidh an tionól réigiúnach an straitéis ar mhodh a d'fhágfadh nach mbeadh sí ar comhréir le haon mholtaí arna ndéanamh ag an Oifig,

ansin tabharfaidh stiúrthóir an tionóil réigiúnaigh fógra don Oifig i scríbhinn dá réir sin, agus luafar san fhógra sin na cúiseanna le breith an tionóil réigiúnaigh.

(6) I gcás go mbeidh feidhm ag mír (a) nó (b) d'fho-alt (5), breithneoidh an Oifig cibé acu atá nó nach bhfuil an straitéis, mar a bheidh sí déanta ag an tionól réigiúnach, ar comhréir, i dtuairim na hOifige, le haon mholtaí arna ndéanamh ag an Oifig.

(7) I gcás go mbeidh an Oifig den tuairim, tar éis aon bhreithniú a dhéanamh chun críocha fho-alt (6)—

(a) nach ndearnadh an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach ar mhodh atá ar comhréir le moltaí na hOifige,

(b) gurb é an toradh a bheidh ar bhreith an tionóil réigiúnaigh lena mbaineann go ndéanfar straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach nach mbeidh ar comhréir leis an gCreat Pleanála Náisiúnta (nó, más cuí, leis an Straitéis Spáis Náisiúnta) ná leis an gcreat pleanála straitéiseach fadtéarmach le haghaidh fhorbairt an réigiúin nó na réigiún, de réir mar a bheidh, arb ina leith a dhéantar an creat, ná nach mbeidh de réir phrionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inchothaithe, agus

(c) de dhroim mhíreanna (a) agus (b), gurbh fhiúntach don Aire a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi alt 31 a úsáid,

ansin déanfaidh an Oifig, tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh, fógra a eisiúint chuig an Aire ina mbeidh—

(i) moltaí gur chóir don Aire a fheidhm nó a feidhm a fheidhmiú chun cibé bearta a dhéanamh chun an ní a chur ina cheart ar mhodh lena gcinnteofar, i dtuairim na hOifige, go ndéanfar an straitéis a chur ar comhréir leis na nithe seo a leanas—

(I) an Creat Pleanála Náisiúnta (nó, más cuí, an Straitéis Spáis Náisiúnta), agus

(II) an creat pleanála straitéiseach fadtéarmach le haghaidh fhorbairt an réigiúin nó na réigiún, de réir mar a bheidh, arb ina leith a dhéantar an creat,

agus go mbeidh sí de réir phrionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inchothaithe, agus

(ii) dréacht beartaithe d'ordachán lena mbainfeadh mír (c).

(8) Déanfaidh an Oifig cóip den fhógra arna eisiúint chuig an Aire faoi fho-alt (7) a chur ar fáil ar a suíomh gréasáin.

Forálacha de dhroim alt 31AQ

31AR. (1) Breithneoidh an tAire na moltaí ón Oifig a bheidh san fhógra faoi alt 31AQ, agus—

(a) i gcás go n-aontóidh an tAire le tuairim na hOifige mar a luaitear san fhógra arna eisiúint faoi alt 31AQ(7), ansin rachaidh an tAire ar aghaidh, de bhun alt 31A, le fógra a eisiúint chun críocha fho-ailt (3) agus (4) den alt sin, nó

(b) i gcás nach n-aontóidh an tAire amhlaidh leis an Oifig, ansin déanfaidh an tAire—

(i) ráiteas i scríbhinn a ullmhú maidir leis na cúiseanna atá aige nó aici gan aontú,

(ii) a chur faoi deara an ráiteas sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas,

(iii) a luaithe is indéanta, an ráiteas sin a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

(2) A luaithe is indéanta tar éis ráiteas a ullmhú faoi fho-alt (1)(b), cuirfidh an tAire faoi deara cóip de a chur chuig an Oifig agus chuig an tionól réigiúnach lena mbaineann agus cuirfidh an Oifig agus an tionól réigiúnach sin é ar fáil, a luaithe is indéanta dá éis sin, ar a suíomh ghréasáin faoi seach.

(3) I gcás go n-eiseoidh an tAire fógra faoi alt 31A chun críocha fho-alt (3) nó (4) den alt sin—

(a) sonrúfar san fhógra gur don Oifig a thabharfar tuarascáil stiúrthóir an tionóil réigiúnaigh lena mbaineann i dtaca leis na haighneachtaí maidir leis an dréacht-ordachán, agus

(b) gníomhóidh stiúrthóir an tionóil réigiúnaigh dá réir sin.

(4) Breithneoidh an Oifig tuarascáil stiúrthóir an tionóil réigiúnaigh lena mbaineann maidir leis na haighneachtaí, mar aon le haon aighneacht arna déanamh faoi alt 31A(10), agus molfaidh an Oifig don Aire go n-eiseoidh sé nó sí an t-ordachán fara mionleasuithe nó gan mhionleasuithe nó, i gcás go gcreidfidh an Oifig—

- (a) go bhféadfadh ceanglas a bheith ann leasú ábhartha a dhéanamh ar an dréacht-ordachán,
 - (b) gur gá imscrúdú breise a dhéanamh chun aon ghné den tuarascáil a tugadh nó d'aighneachtaí a cuireadh faoina bráid a shoiléiriú, nó
 - (c) go bhfuil gá leis ar aon chúis eile,
- ansin féadfaidh an Oifig, ar chúiseanna sonrath, duine a cheapadh chun bheith ina chigire nó ina cigire, tráth nach déanaí 3 seachtaine tar éis an dáta a gheofar tuarascáil an stiúrthóra.
- (5) Maidir leis an gcigire a cheapfar faoi fho-alt (4)—
 - (a) is duine é nó í a mbeidh, i dtuairim na hOifige, taithí agus inniúlacht shásúil aige nó aici chun na feidhmeanna a chomhlíonadh a cheanglaítear air nó uirthi faoin alt seo, agus
 - (b) beidh sé nó sí neamhspleách i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin.
 - (6) Maidir leis an gcigire—
 - (a) déanfaidh sé nó sí athbhreithniú ar an dréacht-ordachán, ar an tuarascáil a thabharfar ó stiúrthóir an tionóil réigiúnaigh agus ar aon aighneachtaí a dhéanfar,
 - (b) rachaidh sé nó sí i gcomhairle le stiúrthóir agus le comhaltaí tofa an tionóil réigiúnaigh,
 - (c) le haon daoine a rinne aighneachtaí, agus
 - (d) déanfaidh sé nó sí, tráth nach déanaí ná 3 seachtaine tar éis é nó í a cheapadh, tuarascáil ina mbeidh moltaí a thabhairt don Oifig.
 - (7) Maidir le cóipeanna den tuarascáil ón gcigire faoi fho-alt (6)—
 - (a) tabharfaidh an Oifig iad gan mhoill do stiúrthóir an tionóil réigiúnaigh lena mbaineann, agus
 - (b) déanfar iad a chur ar fáil go leictreonach, ar cibé modh is cuí leis an Oifig sna himthosca, do dhaoine a rinne aighneachtaí.
 - (8) Aon duine ar tugadh cóip den tuarascáil ón gcigire dó nó di, nó ar cuireadh cóip den tuarascáil ar fáil dó nó di, féadfaidh sé nó sí aighneacht a dhéanamh chuig an Oifig i ndáil le haon ní dá dtagraítear sa tuarascáil tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis—
 - (a) an tuarascáil a thabhairt dó nó di, i gcás feidhm a bheith ag fo-alt (7)(a), nó
 - (b) an tuarascáil a chur ar fáil dó nó di, i gcás feidhm a bheith ag fo-alt (7)(b).
 - (9) Déanfaidh an Oifig, tráth nach déanaí ná 3 seachtaine (nó a luaithe is féidir le linn cibé tréimhse lena bhfadófar an tréimhse 3 seachtaine sin a chinnfidh an Oifig) tar éis an tuarascáil ón gcigire, nó aon aighneachtaí a dhéanfar chuige nó chuici, a fháil, agus tar éis di an tuarascáil, na moltaí nó na

haighneachtaí, de réir mar a bheidh, a bhreithniú, a mholadh don Aire ar chúiseanna a shonrófar—

- (a) an t-ordachán a eisiúint,
- (b) gan an t-ordachán a eisiúint, nó
- (c) an t-ordachán a eisiúint, agus é arna leasú ag an Oifig chun aon cheann de na nithe seo a leanas is cuí leis an Oifig a chur i gcuntas:
 - (i) moltaí atá sa tuarascáil ón gcigire;
 - (ii) aon aighneachtaí a bheidh déanta,

agus, i gcás go mbeidh feidhm ag mír (a) nó (c) agus go gcomhaontóidh an tAire leis an moladh, ansin déanfaidh sé nó sí, faoi réir fho-alt (16), an t-ordachán a eisiúint faoi alt 31A fara mionleasuithe nó gan mhionleasuithe.

- (10) Déanfar cóip de na moltaí arna n-eisiúint chuig an Aire faoi fho-alt (9), den tuarascáil ón gcigire agus d'aon aighneachtaí arna ndéanamh a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige agus cuirfear iad chuig an tionól réigiúnach iomchuí.
- (11) Ón tráth a ghlacfar straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach—
 - (a) measfar cibé forálacha—
 - (i) a cheanglaítear a bheith ar áireamh sa straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach de bhua ordachán arna eisiúint ag an Aire faoi alt 31A, agus
 - (ii) nach bhfuil ar áireamh amhlaidh,
 - a bheith ar áireamh sa straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach sin, agus
 - (b) maidir le cibé forálacha den straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach nach bhfuil de réir ordachán arna eisiúint amhlaidh, measfar nach bhfuil siad ar áireamh sa straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach sin.
- (12) Cuirfidh an tAire faoi deara cóip d'ordachán arna eisiúint a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.
- (13) A luaithe is féidir tar éis ordachán a eisiúint chuig tionól réigiúnach faoin alt seo, cuirfidh an tionól réigiúnach an t-ordachán arna eisiúint amhlaidh ar fáil tríd an ordachán a chur ar shuíomh gréasáin an tionóil.
- (14) Déanfar cóip den ordachán arna eisiúint ag an Aire faoi alt 31A a chur i gcóip chuig an Oifig agus cuirfear ar fáil ar a suíomh gréasáin í.
- (15) Foilseoidh an tAire cóip den ordachán arna eisiúint faoi alt 31A ar shuíomh gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.
- (16) (a) I gcás go gceanglófaí athrú ábhartha a dhéanamh ar straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach mar gheall ar an Aire do thabhairt ordachán de réir fho-alt (9), déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná 3 seachtaine tar éis don Oifig an moladh a dhéanamh faoin bhfo-alt sin—

- (i) fógra maidir leis an athrú ábhartha a cheanglófaí amhlaidh a fhoilsiú i nuachtán amháin ar a laghad a scaiptear i limistéir riaracháin na n-údarás áitiúil lena mbaineann an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach, agus
 - (ii) cóip den fhógra sin a chur chuig na húdaráis phleanála lena mbaineann, chuig an tionól réigiúnach lena mbaineann, chuig an Oifig, chuig an mBord agus chuig na húdaráis fhorordaithe.
- (b) Sula dtabharfaidh an tAire ordachán de réir fho-alt (9), cinnfidh sé nó sí—
- (i) cibé acu atá nó nach bhfuil ceanglas ann measúnacht straitéiseach timpeallachta nó measúnacht chuí a dhéanamh maidir le hathrú ábhartha ar straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a cheanglófaí d'fhonn an t-ordachán a chomhlíonadh, agus
 - (ii) i gcás go gcinneadh sé nó sí go bhfuil ceanglas ann amhlaidh measúnacht straitéiseach timpeallachta nó measúnacht chuí a dhéanamh, an tréimhse ama a is gá chun an mheasúnacht straitéiseach timpeallachta nó an mheasúnacht chuí sin a dhéanamh.
- (c) I gcás go ndéanfaidh an tAire cinneadh faoi mhír (b) go bhfuil ceanglas ann measúnacht straitéiseach timpeallachta nó measúnacht chuí a dhéanamh maidir le hathrú ábhartha ar straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a cheanglófaí d'fhonn an t-ordachán a chomhlíonadh, foilseoidh sé nó sí fógra maidir leis an gcinneadh sin i nuachtán amháin ar a laghad a scaiptear i limistéar riaracháin na n-údarás áitiúil a bhfuil ar intinn go mbeidh feidhm ag an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach atá beartaithe maidir leo.
- (d) Déanfar cóip den chinneadh faoi mhír (b) agus cóip den athrú ábhartha beartaithe ar an straitéis spáis eacnamaíoch réigiúnach lena mbaineann, ar feadh tréimhse nach lú ná 4 seachtaine ó dháta an chinnidh, a chur ar fáil lena n-íniúchadh—
- (i) ag daoine den phobal i cibé áit agus ag cibé tráthanna a shonrófar san fhógra dá dtagraítear i mír (c), agus
 - (ii) ar shuíomh gréasáin idirlín an Aire, ar shuíomh gréasáin idirlín an tionóil réigiúnaigh lena mbaineann agus ar shuíomh gréasáin idirlín na n-údarás phleanála a bhfuil ar intinn go mbeidh feidhm ag an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach beartaithe lena mbaineann maidir leo.
- (e) Maidir le fógra lena mbaineann mír (c)—
- (i) luafar ann go ndearnadh cinneadh faoi mhír (b) d'fhonn ordachán a thabhairt de réir fho-alt (9),
 - (ii) sonrófar ann an áit ina gcuirfear, agus na tráthanna ar lena linn a chuirfear, cóipeanna den chinneadh faoi mhír (b) agus den athrú ábhartha beartaithe ar an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach lena mbaineann ar fáil lena n-íniúchadh ag daoine den phobal,

- (iii) luafar ann go mbeidh na cóipeanna sin ar fáil lena n-íniúchadh ar shuíomh gréasáin idirlín an Aire agus ar shuíomh gréasáin idirlín na n-údarás pleanála a bhfuil ar intinn go mbeidh feidhm ag an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach beartaithe lena mbaineann maidir leo,
- (iv) iarrfar ann aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn maidir leis an athrú ábhartha beartaithe nó maidir le measúnacht straitéiseach timpeallachta nó measúnacht chuí a cheanglófar a dhéanamh de bhua an chinnidh sin a thabhairt don Aire roimh dhul in éag do cibé tréimhse a shonrófar san fhógra, agus
- (v) luafar ann go gcuirfidh an tAire aon aighneachtaí nó tuairimí den sórt sin i gcuntas agus ordachán á thabhairt de réir fho-alt (9).
- (f) Déanfaidh an tAire measúnacht straitéiseach timpeallachta, measúnacht chuí, nó iad araon, ar an athrú ábhartha beartaithe ar an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach laistigh den tréimhse arna cinneadh ag an Aire de réir mhír (b).
- (g) Déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná 8 seachtaine tar éis fógra a fhoilsiú faoi mhír (c), tuarascáil a ullmhú maidir le haon aighneachtaí nó tuairimí a gheofar de réir an fhógra sin.
- (h) Maidir le tuarascáil faoi mhír (h)—
 - (i) sonrófar inti na daoine a rinne aighneachtaí nó a thug tuairimí de réir an fhógra faoi mhír (c),
 - (ii) tabharfar inti achoimre ar na haighneachtaí agus na tuairimí sin, agus
 - (iii) leagfar amach inti freagra an Aire ar na haighneachtaí agus na tuairimí sin.
- (i) Déanfaidh an tAire, le linn dó nó di a fhreagra nó a freagra ar aighneachtaí nó tuairimí a leagan amach de réir an fhógra faoi mhír (c), na nithe seo a leanas a chur i gcuntas:
 - (i) pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe limistéir riaracháin na n-údarás áitiúil a bhfuil ar intinn go mbeidh feidhm ag an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach atá beartaithe maidir leo,
 - (ii) na dualgais faoi reacht atá ar na húdarais áitiúla ar laistigh dá limistéir riaracháin a bhfuil ar intinn go mbeidh feidhm ag an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach atá beartaithe,
 - (iii) an gá atá ann a chinntiú go mbeidh an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach atá beartaithe ar comhréir leis na nithe seo a leanas—
 - (I) na cuspóirí forbartha náisiúnta agus réigiúnacha arna leagan amach sa Chreat Pleanála Náisiúnta,
 - (II) ceanglais shonracha i dtaca le beartas pleanála a shonraítear i dtreoirilíní faoi alt 28(1), agus

(III) beartais nó cuspóirí de chuid an Rialtais nó de chuid aon Aire den Rialtas de thuras na huaire.

CAIBIDIL IV

ATHBHREITHNIÚ AR FHEIDHMEANNA PLEANÁLA

Athbhreithniú ar thionscnamh na hOifige

- 31AS.** (1) I gcás go measfaidh an Oifig gur gá nó gur cuí é sna himthosca, féadfaidh an Oifig athbhreithniú a sheoladh ar údarás pleanála nó ar an mBord maidir leis na córais agus na nósanna imeachta a úsáideann an t-údarás sin nó an Bord i ndáil lena fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht seo.
- (2) Féadfar duine údaraithe a cheapadh faoi alt 31AW chun críoch athbhreithnithe faoin alt seo.
- (3) I gcás go mbeidh athbhreithniú á sheoladh faoin alt seo agus, sula gcríochnófar é, go n-iarrfaidh an tAire faoi alt 31AT ar an Oifig athbhreithniú a sheoladh faoin alt sin agus go mbeadh na nithe lena mbaineann an t-athbhreithniú faoin alt seo ar áireamh in athbhreithniú den sórt sin, ansin, más cuí é—
- (a) aon bhearta a dhéanfaidh an Oifig chun críoch an athbhreithnithe faoin alt seo, féadfar a mheas gur bearta iad a dhéanfar chun críocha iarraidh an Aire faoi alt 31AT,
- (b) i gcás ina gceapfar duine údaraithe de bhua fho-alt (2), féadfar a mheas gur ceapachán é faoi alt 31AW chun críoch athbhreithnithe faoi alt 31AT, agus
- (c) ní gá an t-athbhreithniú faoin alt seo a chríochnú.
- (4) I gcás go gcríochnófar athbhreithniú a bheidh á sheoladh chun críocha an ailt seo, ansin cuirfidh an Oifig dréacht den tuarascáil bheartaithe maidir leis an athbhreithniú, mar aon le haon mholtaí a dhéanfaidh sí, chuig an údarás pleanála lena mbaineann, chuig an mBord agus chuig an Aire, de réir mar is cuí.
- (5) Laistigh de cibé tréimhse ama a shonróidh an Oifig, ag féachaint do chineál, méid agus castacht dréacht-tuarascála agus d'aon phráinn a bhaineann lena thabhairt chun críche, féadfaidh an t-údarás pleanála lena mbaineann, an Bord nó an tAire, de réir mar a bheidh, aighneachtaí a dhéanamh chuig an Oifig nó tuairimí a thabhairt di maidir leis an dréacht-tuarascáil.
- (6) Déanfaidh an Oifig athbhreithniú ar aon aighneachtaí a dhéanfar nó aon tuairimí a thabharfar chun críocha fho-alt (5) sula dtabharfaidh sí an tuarascáil chun críche, lena n-áirítear aon mholtaí, agus—
- (a) cuirfidh an Oifig cóip den tuarascáil chuig aon duine ar cuireadh an dréacht-tuarascáil chuige nó chuici faoi fho-alt (4),
- (b) foilseoidh an Oifig an tuarascáil, nó cuirfidh sí faoi deara í a fhoilsiú, ar shuíomh gréasáin na hOifige, agus

- (c) féadfaidh an Oifig cóip den tuarascáil a chur chuig cibé daoine eile is dóigh léi is cuí sna himthosca.
- (7) Maidir le moladh ón Oifig a bhaineann le húdarás pleanála agus a bheidh ar áireamh i ndrúacht de thuarascáil bheartaithe faoi fho-alt (4) nó i dtuarascáil faoi fho-alt (6), féadfaidh a bheith ar áireamh ann, más cuí agus gan dochar d'aon mholadh eile a dhéanamh, moladh go ndéanfaidh an tAire breithniú i dtaobh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a fheidhmiú faoi aon cheann díobh seo a leanas:
- (a) alt 28 chun treoir a eisiúint;
- (b) alt 29 chun treoracha beartais a eisiúint;
- (c) fo-alt (2) d'alt 255 chun treoir a thabhairt faoin bhfo-alt sin;
- (d) fo-alt (4) d'alt 255 chun coimisinéir a cheapadh chun feidhmeanna uile, nó aon cheann amháin nó níos mó d'fheidhmeanna, an údarais pleanála lena mbaineann a chomhall agus chun bheith freagrach go hiomlán as an gcéanna.

An Oifig do dhéanamh athbhreithniú ar thionscnamh an Aire

31AT. (1) I gcás go mbeidh an tAire tagtha ar an tuairim maidir le húdarás pleanála—

- (a) go bhféadfadh sé nach bhfuil sé ag comhlíonadh a fheidhmeanna de réir cheanglais an Achta seo nó de réir na gceanglas faoin Acht seo,
- (b) nach bhfuil sé ag comhlíonadh treoirínite arna n-eisiúint faoi alt 28, treoir bheartais arna heisiúint faoi alt 29, ordachán arna eisiúint faoi alt 31 nó treoir arna heisiúint faoi alt 255(2),
- (c) go bhféadfadh sé nach bhfuil sé ag feidhmiú a fheidhmeanna forfheidhmiúcháin faoi Chuid VIII go cuí chun a chinntiú go gcomhlíonfar na *hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2018* ina limistéar riaracháin, lena n-áirítear forfheidhmiú de dhroim aon treoir bheartais arna heisiúint chuige faoi alt 29 chun go gcomhlíonfaidh sé na *hAchtanna* sin,
- (d) go bhféadfadh sé go bhfuil sé ag cur caighdeáin mhíchuí maidir le cleachtas riaracháin chun feidhme nó go bhfuil sé, ar shlí eile, ag gníomhú contrártha do riaradh cóir nó fóna i seoladh a fheidhmeanna,
- (e) go bhféadfadh sé go bhfuil idirdhealú córasach á chur chun feidhme aige i seoladh a fheidhmeanna,
- (f) go bhféadfadh sé go bhfuil sé ag oibriú ar mhodh atá míchuí nó lena ngabhann baol an éilithe i seoladh a fheidhmeanna, nó
- (g) go bhféadfadh go bhfuil sé ag oibriú ar mhodh lena mbaineann díbharainneachtaí nó mí-éifeachtúlachtaí tromchúiseacha i seoladh a fheidhmeanna,

ansin féadfaidh an tAire a iarraidh ar an Oifig athbhreithniú a sheoladh ar an eagraíocht agus ar na córais agus na nósanna imeachta a úsáidtear i ndáil le feidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht seo—

- (i) ag an údarás pleanála lena mbaineann, nó
 - (ii) más iomchuí, ag an údarás pleanála lena mbaineann agus, a mhéid a bhaineann sé leis an údarás sin, ag an mBord.
- (2) I gcás iarraidh a bheith déanta ag an Aire chuig an Oifig faoi fho-alt (1), seolfaidh an Oifig athbhreithniú faoin gCaibidil seo agus, chun na críche sin, féadfar duine údaraithe a cheapadh faoi alt 31AW.
- (3) I gcás go gcríochnófar athbhreithniú a bheidh á sheoladh chun críocha an ailt seo, ansin cuirfidh an Oifig dréacht den tuarascáil bheartaithe maidir leis an athbhreithniú, mar aon le haon mholtaí a dhéanfaidh sí, chuig an údarás pleanála lena mbaineann, chuig an mBord agus chuig an Aire, de réir mar is cuí.
- (4) Laistigh de cibé tréimhse ama a shonróidh an Oifig, ag féachaint do chineál, méid agus castacht dréacht-tuarascála agus d'aon phráinn a bhaineann lena tabhairt chun críche, féadfaidh an t-údarás pleanála lena mbaineann, an Bord nó an tAire, de réir mar a bheidh, aighneachtaí a dhéanamh nó tuairimí a thabhairt don Oifig maidir leis an dréacht-tuarascáil.
- (5) Déanfaidh an Oifig athbhreithniú ar aon aighneachtaí a dhéanfar nó aon tuairimí a thabharfar chun críocha fho-alt (4) sula dtabharfaidh sí an tuarascáil chun críche, lena n-áirítear aon mholtaí, agus—
- (a) cuirfidh an Oifig cóip den tuarascáil chuig aon duine ar cuireadh an dréacht-tuarascáil chuige nó chuici faoi fho-alt (4),
 - (b) foilseoidh an Oifig an tuarascáil, nó cuirfidh sí faoi deara í a fhoilsiú, ar shuíomh gréasáin na hOifige, agus
 - (c) féadfaidh an Oifig cóip den tuarascáil a chur chuig cibé daoine eile ar dóigh léi gur cuí í a sheoladh chucu sna himthosca.
- (6) Maidir le moladh ón Oifig a bhaineann le húdarás pleanála agus a bheidh ar áireamh i ndréacht de thuarascáil bheartaithe faoi fho-alt (3) nó i dtuarascáil faoi fho-alt (5), féadfaidh a bheith ar áireamh ann, más cuí agus gan dochar d'aon mholadh eile a dhéanamh, moladh go ndéanfaidh an tAire breithniú i dtaobh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a fheidhmiú faoi aon cheann díobh seo a leanas:
- (a) alt 28 chun treoirlínte a eisiúint;
 - (b) alt 29 chun teoracha beartais a eisiúint;
 - (c) fo-alt (2) d'alt 255 chun treoir a thabhairt faoin bhfo-alt sin;
 - (d) fo-alt (4) d'alt 255 chun coimisinéir a cheapadh chun feidhmeanna uile, nó aon cheann amháin nó níos mó d'fheidhmeanna, an údarás pleanála lena mbaineann a sheoladh agus chun bheith freagrach go hiomlán as an gcéanna.

Gearán leis an Oifig maidir le húdarás pleanála

31AU. (1) Féadfaidh an Oifig scrúdú a dhéanamh—

- (a) ar ghearáin arna ndéanamh ag aon duine leis an Oifig, nó

- (b) i gcás go n-iarrfaidh an tAire é, ar ghearáin arna ndéanamh ag duine leis an Aire,

maidir le húdarás pleanála i gcás go mbaineann an gearán sin le heagrú an údaráis agus le heagrú na gcóras agus na nósanna imeachta a úsáideann sé i ndáil lena fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht seo.

- (2) Más rud é, maidir le gearán lena mbaineann fo-alt (1), go mbeidh an Oifig tagtha ar an tuairim, tar éis di réamhscrúdú a dhéanamh ar an ngearán agus ag féachaint d'aon fhaisnéis, taifid nó doiciméid ábhartha a bheidh ar fáil di, gur cheart scrúdú a dhéanamh ar an ngearán agus, maidir leis an údarás pleanála lena mbaineann—

- (a) go bhféadfadh sé nach bhfuil sé ag comhlíonadh a fheidhmeanna de réir cheanglais an Achta seo nó de réir na gceanglas faoin Acht seo,
- (b) nach bhfuil sé ag comhlíonadh treoirlínte arna n-eisiúint faoi alt 28, treoir arna heisiúint faoi alt 29, nó ordachán arna eisiúint faoi alt 31,
- (c) go bhféadfadh sé go bhfuil sé ag cur caighdeáin mhíchuí maidir le cleachtas riaracháin chun feidhme nó go bhfuil sé, ar shlí eile, ag gníomhú contrártha do riaradh cóir nó fóna i seoladh a fheidhmeanna,
- (d) go bhféadfadh sé go bhfuil idirdhealú córasach á chur chun feidhme aige i seoladh a fheidhmeanna,
- (e) go bhféadfadh sé go bhfuil sé ag oibriú ar mhodh atá míchuí nó lena ngabhann baol an éilithe i seoladh a fheidhmeanna, nó
- (f) go bhféadfadh go bhfuil sé ag oibriú ar mhodh lena mbaineann díbharainneachtaí nó mí-éifeachtúlachtaí tromchúiseacha i seoladh a fheidhmeanna,

ansin cinnfidh an Oifig scrúdú a ghabháil de láimh nó tuarascáil a ullmhú maidir leis an réamhscrúdú (lena n-áirítear aon mholtaí) agus, i gcás go ndéanfar scrúdú a ghabháil de láimh, tuarascáil a ullmhú maidir leis an scrúdú (lena n-áirítear aon mholtaí) agus, dá réir sin, déanfaidh an Oifig, de réir mar is cuí léi sna himthosca—

- (i) an tuarascáil lena mbaineann a chur faoi bhráid an údaráis pleanála nó faoi bhráid an Aire, nó faoina mbráid araon, nó
- (ii) an tuarascáil lena mbaineann nó an gearán, lena n-áirítear aon fhaisnéis, taifid nó doiciméid ábhartha a bheidh ar fáil, a chur faoi bhráid aon cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:
- (I) an tOmbudsman;
- (II) an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí;
- (III) an Garda Síochána;
- (IV) cibé údarás Stáit eile a fhorordófar.
- (3) Maidir le moladh ón Oifig a bhaineann le húdarás pleanála agus a bheidh ar áireamh i dtuarascáil faoi fho-alt (2), féadfaidh go mbeidh ar áireamh

- ann moladh go ndéanfaidh an tAire breithniú i dtaobh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a fheidhmiú faoi aon cheann díobh seo a leanas:
- (a) alt 28 chun treoirlínte a eisiúint;
 - (b) alt 29 chun teoracha beartais a eisiúint;
 - (c) fo-alt (2) d'alt 255 chun treoir a thabhairt faoin bhfo-alt sin;
 - (d) fo-alt (4) d'alt 255 chun coimisinéir a cheapadh chun feidhmeanna uile, nó aon cheann amháin nó níos mó d'fheidhmeanna, an údaráis pleanála lena mbaineann a sheoladh agus chun bheith freagrach go hiomlán as an gcéanna.
- (4) Más rud é, ar réamhscrúdú a dhéanamh ar ghearán, go mbeidh an Oifig den tuairim maidir le gearán a bheidh faighte aici, nach gearán é a bhfuil feidhm ag fo-alt (1) ina leith, ansin scoirfidh sí dá scrúdú chun críocha fhorálacha eile an ailt seo ach féadfaidh sí, más dóigh leis an Oifig gur cuí é sna himthosca, é a tharchur, nó an gearánach a tharchur chuig an Aire nó chuig comhlacht lena mbaineann fo-alt (2)(ii).
- (5) Féadfaidh an Oifig—
- (a) tar éis di réamhscrúdú a dhéanamh ar ghearán lena mbaineann fo-alt (1), breith a thabhairt gan imscrúdú a dhéanamh faoin alt seo ar aon ní a ndéantar gearán ina leith, nó
 - (b) breith a thabhairt gan réamhscrúdú a sheoladh, nó gan leanúint de réamhscrúdú, faoin alt seo, ar an ní sin i gcás go dtiocfaidh an Oifig ar an tuairim—
 - (i) nach féidir an gearán a shuíomh nó gur dealraitheach don Oifig é a bheith de chineál fánach nó cráiteach,
 - (ii) gur dealraitheach nach bhfuil aon leas ag an duine atá ag déanamh an ghearáin, nó ag an duine arb ina leith a ndearnadh an gearán, san ábhar arb ina leith a ndearnadh an gearán,
 - (iii) nach ndearna an duine atá ag déanamh an ghearáin bearta réasúnacha chun sásamh a lorg i leith ábhar an ghearáin leis an údarás pleanála lena mbaineann,
 - (iv) nár ídigh an duine atá ag déanamh an ghearáin aon nósanna imeachta achomhairc nó athbhreithnithe atá ar fáil dó nó di maidir le hábhar an ghearáin, nó
 - (v) gur tionscnaíodh imeachtaí dlíthiúla i leith ábhar an ghearáin.
- (6) I gcás go dtabharfaidh an Oifig breith faoi fho-alt (5), cuirfidh sí in iúl i scríbhinn don duine a rinne an gearán na cúiseanna a bhaineann le breith na hOifige.
- (7) Le linn cinneadh a dhéanamh an dtionscnóidh sí athbhreithniú nó scrúdú, nó an leanfaidh sí nó nach leanfaidh sí d'athbhreithniú nó de scrúdú, faoin alt seo, beidh Oifig an Rialálaí Pleanála faoi réir fhorálacha an ailt seo.

- (8) Ní dhéanfaidh scrúdú ag Oifig an Rialálaí Pleanála ann féin difear do bhailíocht an ní a scrúdaíodh ná d'aon chumhacht nó dualgas i dtaca le comhlíonadh fheidhm an údaráis pleanála nó an Bhoird faoin Acht seo chun feidhmeanna breise de chuid an údaráis pleanála nó de chuid an Bhoird faoin Acht seo a fheidhmiú maidir le haon nithe is ábhar don scrúdú.
- (9) Ní fheidhmeoidh an Oifig aon cheann dá feidhmeanna i ndáil le haon chás áirithe lena bhfuil baint ag údarás pleanála nó ag an mBord nó a bhféadfadh baint a bheith aige leis.

Faisnéis agus taifid a bheidh le cur ar fáil don Oifig

31AV. (1) Féadfaidh an Oifig, mar chuid dá hathbheithniú nó dá scrúdú a iarraidh ar údarás pleanála nó ar an mBord rochtain a thabhairt di ar cibé faisnéis, taifid nó doiciméid a bhaineann le comhlíonadh a fheidhmeanna ag an údarás pleanála nó ag an mBord.

- (2) I gcás go seolfaidh an Oifig athbheithniú nó scrúdú, comhoibreoidh an t-údarás pleanála nó an Bord le haon iarraidh ón Oifig, agus comhlíonfaidh sé an iarraidh, i ndáil le gach ní nó le haon ní is ábhar don athbheithniú nó don scrúdú.
- (3) Is é dualgas gach comhalta d'údarás pleanála nó den Bhord, agus gach comhalta dá fhoireann, comhoibriú leis an Oifig.
- (4) Féadfaidh comhlacht poiblí, chun críoch athbheithnithe nó scrúdaithe faoi alt 31AS, 31AT nó 31AU, faisnéis, taifid nó doiciméid (lena n-áirítear sonraí pearsanta de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016³) atá ina sheilbh aige, a nochtadh don Oifig, is faisnéis, taifid nó doiciméid a bhaineann le nithe is ábhar don athbheithniú nó don scrúdú sin.

- (5) San alt seo—

tá le 'cuideachta' an bhrí a shanntar dó le hAcht na gCuideachtaí, 2014; ciallaíonn 'comhlacht poiblí'—

- (a) Roinn Stáit,
- (b) Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste,
- (c) Oifig an Ombudsman,
- (d) údarás áitiúil (de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 1941),
- (e) comhlacht (nach cuideachta é) arna bhunú le reacht nó faoi reacht,
- (f) cuideachta arna bunú de bhun cumhacht a thugtar le hachtachán nó faoi achtachán, agus a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach—
- (i) trí airgead arna sholáthar, nó trí iasachtaí arna dtabhairt nó arna ráthú, ag Aire den Rialtas, nó

3 I.O. Uimh. L119, 04.05.2016, lch. 1

(ii) trí eisiúint scaireanna arna sealbhú ag Aire den Rialtas nó thar ceann Aire den Rialtas,

nó

(g) cuideachta a bhfuil tromlach de na scaireanna inti á shealbhú ag Aire den Rialtas nó thar ceann Aire den Rialtas.

Rochtain ar fhaisnéis (Cuid IIB)

31AW. (1) Féadfaidh an Oifig aon duine a cheapadh (dá ngairtear ‘duine údaraithe’ san alt seo) chun athbhreithniú nó scrúdú a bheidh údaraithe leis an gCaibidil seo a sheoladh.

(2) Déanfaidh an t-údarás pleanála nó an Bord cibé faisnéis, taifid, nó doiciméid maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna ag an údarás pleanála nó ag an mBord a iarrfaidh an duine údaraithe ó am go ham a sholáthar don duine údaraithe.

(3) Beidh duine údaraithe a cheapfar chun críocha an ailt seo, i dteannta cibé daoine eile is cuí leis nó léi sna himthosca, i dteideal, gach tráth réasúnach, dul isteach in aon talamh nó áitreabh nó déanmhas (seachas teaghais) agus é a iniúchadh, is talamh, áitreabh nó déanmhas atá ar úinéireacht, á úsáid, á rialú nó á bhainistiú ag údarás pleanála nó ag an mBord agus tabharfaidh an t-údarás pleanála (a phríomhfheidhmeannach agus a fhoireann) nó an Bord gach saoráid agus comhoibriú dó no di, lena n-áirítear faisnéis a thabhairt a éileoidh sé nó sí le réasún agus beidh rochtain aige nó aici ar na doiciméid, na taifid nó an fhaisnéis eile go léir a éileoidh sé nó sí le réasún agus tabharfar saoráidí dó nó di chun nótaí a ghlacadh ó aon doiciméid nó taifid den sórt sin nó chun cóipeanna a dhéanamh díobh.

Cionta (Cuid IIB)

31AX. (1) Aon duine—

(a) a dhéanfaidh cion faoi alt 31AD, nó

(b) a bhacfaidh nó a choisfidh aon duine díobh seo a leanas, nó a mhainneoidh iarraidh ó dhuine díobh a chomhlíonadh, gan leithscéal réasúnach—

(i) an Rialálaí Pleanála nó comhalta d’fhoireann na hOifige, nó

(ii) duine údaraithe, lena n-áirítear aon duine eile lena mbaineann alt 31AW(3),

le linn dó nó di a bheith ag gníomhú i bhfeidhmiú feidhmeanna lena mbaineann alt 31AW(2), déanfaidh sé nó sí cion,

agus dlífeair, ar é a chiontú go hachomair, fineáil d’Aicme C nó, de rogha na cúirte, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(2) Féadfaidh an Rialálaí Pleanála imeachtaí achoimre i leith cion faoin alt seo a thionscnamh agus a ionchúiseamh.”.

CUID 3

LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA AGUS IARMHARTACHA AR NA HACHTANNA UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT,
2000 GO 2016**Oifig an Rialálaí Pleanála agus leasuithe ar Chuid II den Phríomh-Acht**

5. Déantar na forálacha de Chuid II den Phríomh-Acht dá dtagraítear i *gcolún (2)* de *Sceideal 1* a leasú ar an modh dá dtagraítear i *gcolún (3)* den *Sceideal* sin os coinne na tagartha i *gcolún (2)* don fhoráil lena mbaineann.

Tagairtí do bhainisteoir, etc., sa Phríomh-Acht

6. (1) Déantar tagairtí, cibé slí a mbeidh ina mbeidh siad sainráite, sa Phríomh-Acht do bhainisteoir údaráis áitiúil nó do bhainisteoir údaráis pleanála a leasú go príomhfheidhmeannach údaráis áitiúil nó príomhfheidhmeannach údaráis pleanála, de réir mar a bheidh, agus chun na críche sin déantar forálacha an Achta sin dá dtagraítear i *gcolún (2)* de *Sceideal 2* a leasú ar an modh dá dtagraítear i *gcolún (3)* den *Sceideal* sin os coinne na tagartha i *gcolún (2)* don fhoráil lena mbaineann.
- (2) Déantar an tagairt in alt 147(13) den Phríomh-Acht do “bainisteoir cúnta” a leasú ar an modh atá leagtha amach i *Sceideal 2*.

Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht

7. Leasaítear fo-alt (1) d’alt 2 den Phríomh-Acht, i mír (b) den mhíniú ar “forbairt bonneagair straitéisigh”, trí “i bhfo-alt (3) nó (6) d’alt 226” a chur in ionad “226(6)”.

Leasú ar alt 4 den Phríomh-Acht

8. Leasaítear alt 4 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (ia):

“(ia) forbairt (seachas forbairt arb éard í rochtain ar bhóthar náisiúnta de réir bhrí Acht na mBóithre, 1993 a chur ar fáil) arb éard í—

(I) bóthar (seachas bóthar poiblí) a fhónann d’fhoraois nó do choillearnach a fhoirgníú, a chothabháil nó a fheabhsú, nó

(II) oibreacha a ghabhann leis an bhfoirgníú, leis an gcothabháil nó leis an bhfeabhsú sin;”.

Leasú ar alt 7 den Phríomh-Acht

9. Leasaítear alt 7 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (2), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (e):

“(e) breith iomlán an údaráis pleanála i leith aon iarratas den sórt sin, lena n-áirítear aon choinniollacha a forchuireadh, agus dáta na breithe, mar aon le cibé poncanna sonraí breise a chomhaontófar, nó a mheasfar a bheith comhaontaithe, faoi alt 34(5), idir an t-údarás pleanála agus an duine a bheidh ag déanamh na forbartha;”.

An plean forbartha le bheith ar comhréir le ceanglais shonracha i dtaca le beartas pleanála**10. Leasaítear alt 10 den Phríomh-Acht—**

- (a) i bhfo-alt (1A), trí “agus le ceanglais shonracha i dtaca le beartas pleanála atá sonraithe i dtreoirlínte faoi fho-alt (1) d’alt 28” a chur isteach i ndiaidh “sa straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach”, agus
- (b) i mír (a) d’fho-alt (2A), trí “agus le ceanglais shonracha i dtaca le beartas pleanála a bheidh sonraithe i dtreoirlínte faoi fho-alt (1) d’alt 28” a chur isteach i ndiaidh “leis an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach”.

Leasú ar alt 10 den Phríomh-Acht**11. Leasaítear alt 10 den Phríomh-Acht trí fho-ailt (1B) agus (1C) a scriosadh.****Leasú ar alt 11 den Phríomh-Acht****12. Leasaítear alt 11 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):**

“(1) (a) Tráth nach déanaí ná 4 bliana tar éis plean forbartha a dhéanamh, déanfaidh údarás pleanála, faoi réir mhír (b), fógra a thabhairt á rá go bhfuil ar intinn aige a phlean forbartha láithreach a athbhreithniú agus plean forbartha nua a ullmhú dá limistéar.

(b) D’fhonn a chumasú an Creat Pleanála Náisiúnta agus straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a chuimsiú i bplean forbartha—

(i) i gcás go dtiocfaidh fógra maidir le hathbhreithniú ar phlean forbartha a bheidh le tabhairt de réir mhír (a) i gceist sula ndéanfar an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach iomchuí, ansin déanfar fógra maidir leis an athbhreithniú a chur siar go dtí tráth nach déanaí ná 13 seachtaine tar éis an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach iomchuí a dhéanamh,

(ii) i gcás go mbeidh tús curtha le hathbhreithniú ar phlean forbartha dá dtagraítear i mír (a) agus nár cuireadh dréachtphlean faoi bhráid chomhaltaí an údaráis pleanála lena mbaineann de réir fho-alt (5) (a) sula ndéanfar an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach iomchuí, ansin déanfar an próiseas athbhreithnithe a chur ar fionraí go dtí tráth nach déanaí ná 13 seachtaine tar éis an straitéis spáis agus eacnamaíoch iomchuí a dhéanamh,

(iii) i gcás, maidir le fógra faoi athbhreithniú ar phlean forbartha a bheidh le tabhairt de réir mhír (a), gurbh fhaide é, murach an fhomhír seo, ná an tréimhse 26 seachtaine tar éis an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach iomchuí a dhéanamh, ansin déanfaidh gach údarás pleanála lena mbaineann, laistigh den tréimhse sin—

(I) fógra maidir le hathrú ar phlean forbartha a thabhairt de réir alt 13, nó

(II) fógra a thabhairt maidir le hathbhreithniú ar phlean forbartha.”.

Leasú ar alt 11B den Phríomh-Acht

13. Leasaítear alt 11B den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) I gcás nach mbeidh tús curtha ag údarás pleanála lena mbaineann fo-alt (1) le dréachtphlean a ullmhú de réir an ailt seo sula ndéanfar an straitéis spáis agus eacnamaíoch i dtosach, ansin déanfar an tagairt san fho-alt sin do ‘laistigh de 12 mhí ón tráth a dhéantar treoirlínte pleanála réigiúnacha lena ndéantar cónascadh na limistéar riaracháin lena mbaineann a chur i gcuntas’ a léamh mar thagairt do ‘tráth nach déanaí ná 26 seachtaine tar éis an tráth a dhéantar an straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach iomchuí i dtosach lena ndéantar cónascadh na limistéar riarachán lena mbaineann a chur i gcuntas’.”.

Leasú ar alt 12 den Phríomh-Acht

14. Leasaítear alt 12 den Phríomh-Acht—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(2A) Féadfaidh an tAire nó Oifig an Rialálaí Pleanála, i ndáil le dréachtphlean forbartha, cibé moltaí a dhéanamh is cuí leis an Aire nó leis an Oifig sin, de réir mar a bheidh.”,

- (b) i bhfo-alt (4)—

- (i) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii) de mhír (b):

“(ii) tabharfar achoimre—

- (I) ar na moltaí agus na haighneachtaí a bheidh déanta, agus na tuairimí a bheidh tugtha, ag an Aire, i gcás gur seoladh an fôgra faoi mhír (a) d’fho-alt (2) sular bunaíodh Oifig an Rialálaí Pleanála,
- (II) ar na moltaí agus na haighneachtaí a bheidh déanta, agus na tuairimí a bheidh tugtha, ag Oifig an Rialálaí Pleanála, agus
- (III) ar na haighneachtaí a bheidh déanta agus na tuairimí a bheidh tugtha ag aon daoine eile,

i ndáil leis an ndr éachtphlean forbartha de réir an ailt seo,”

agus

- (ii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach:

“(ba)Beidh i dtuarascáil a ullmhófar agus a chuirfear faoina mbráid de réir mhír (a) achoimre ar na tuairimí a bheidh tugtha ag Oifig an Rialálaí Pleanála don údarás pleanála lena mbaineann, ar na haighneachtaí a bheidh déanta ag Oifig an Rialálaí Pleanála chuige, agus ar na moltaí a beidh déanta ag Oifig an Rialálaí Pleanála dó, faoi alt 31AM.”,

- (c) i mír (aa) d’fho-alt (5)—

- (i) trí “nó ó Oifig an Rialálaí Pleanála a bheidh curtha faoi bhráid an údaráis pleanála sin faoi alt 31AM” a chur isteach i ndiaidh “faoi alt seo”, agus
 - (ii) trí “d’Oifig an Rialálaí Pleanála agus” a chur isteach i ndiaidh “an méid sin in iúl”,
- (d) i bhfo-alt (8), tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii) de mhír (b)—

“(ii) tabharfar achoimre—

(I) ar na moltaí agus na haighneachtaí a bheidh déanta, agus na tuairimí a bheidh tugtha, ag an Aire, i gcás gur seoladh an fógra faoi mhír (a) d’fho-alt (2) sular bunaíodh Oifig an Rialálaí Pleanála,

(II) ar na moltaí agus na haighneachtaí a bheidh déanta, agus na tuairimí a bheidh tugtha, ag Oifig an Rialálaí Pleanála, agus

(III) ar na haighneachtaí a bheidh déanta agus na tuairimí a bheidh tugtha ag aon daoine eile,

i ndáil leis an dréachtphlean forbartha de réir an ailt seo,”

agus

- (e) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(18) San alt seo, folaíonn ‘oibleagáidí reachtúla’, i ndáil le húdarás áitiúil, an oibleagáid a chinntiú go bhfuil an plean forbartha ar comhréir leis na nithe seo a leanas—

- (a) na cuspóirí forbartha náisiúnta agus réigiúnacha a shonraítear—

(i) sa Chreat Pleanála Náisiúnta, agus

(ii) sa straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach,

agus

- (b) ceanglais shonracha i dtaca le beartas pleanála a shonraítear i dtreoirlínte faoi fho-alt (1) d’alt 28.”.

Leasú ar alt 13 den Phríomh-Acht

15. Leasaítear alt 13 den Phríomh-Acht—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(3A) Féadfaidh an tAire nó Oifig an Rialálaí Pleanála, i ndáil le hathrú beartaithe ar phlean forbartha, cibé moltaí a dhéanamh is cuí leis an Aire nó leis an Oifig sin, de réir mar a bheidh.”

- (b) i bhfo-alt (4)—

- (i) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii) de mhír (b):

“(ii) tabharfar achoimre—

(I) ar na moltaí agus na haighneachtaí a bheidh déanta, agus na tuairimí a bheidh tugtha, ag an Aire, i gcás gur seoladh an fôgra faoi mhír (a) d'fho-alt (2) sular bunaíodh Oifig an Rialálaí Pleanála,

(II) ar na moltaí agus na haighneachtaí a bheidh déanta, agus na tuairimí a bheidh tugtha, ag Oifig an Rialálaí Pleanála, agus

(III) ar na haighneachtaí a bheidh déanta agus na tuairimí a bheidh tugtha ag aon daoine eile,

i ndáil leis an dréachtphean forbartha de réir an ailt seo,”

agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(14) San alt seo, folaíonn ‘oibleagáidí reachtúla’, i ndáil le húdarás áitiúil, an oibleagáid a chinntiú go bhfuil an plean forbartha ar comhréir leis na nithe seo a leanas—

(a) na cuspóirí forbartha náisiúnta agus réigiúnacha a shonraítear—

(i) sa Chreat Pleanála Náisiúnta, agus

(ii) sa straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach,

agus

(b) ceanglais shonracha i dtaca le beartas pleanála a shonraítear i dtreoirlínte faoi fho-alt (1) d’alt 28.”.

Iarraidh ar bhainisteoir tuarascáil a thabhairt ar thogra ó chomhaltaí údaráis pleanála chun plean forbartha a athrú

16. Leasaítear alt 13 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) (a) Féadfaidh comhaltaí údaráis pleanála aon tráth, ar chúiseanna sonrath, rún a chur faoi bhráid bhainisteoir an údaráis pleanála á iarraidh air nó uirthi tuarascáil a ullmhú ar thogra uathu próiseas a thionscnamh chun breithniú a dhéanamh ar athrú ar an bplean forbartha a bheidh i bhfeidhm de thuras na huairé i gcás go mbeidh rún den sórt sin ceadaithe ag trí cheathrú de chomhaltaí an údaráis sin.

(b) Déanfaidh bainisteoir údaráis pleanála tuarascáil de bhun iarraidh faoi mhír (a) a chur faoi bhráid na gcomhaltaí tofa laistigh de cheithre seachtaine ón rún a ghlacadh.”.

Leasú ar alt 20 den Phríomh-Acht

17. Leasaítear alt 20 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(1A) Féadfaidh an tAire nó Oifig an Rialálaí Pleanála, i ndáil le plean limistéir áitiúil, cibé moltaí a dhéanamh is cuí leis an Aire nó leis an Oifig sin, de réir mar a bheidh.”,

(b) i bhfo-alt (3)—

(i) tríd an gclásal seo a leanas a chur in ionad chlásal (II) d’fhomhír (ii) de mhír (c):

“(II) tabharfar achoimre—

- (A) ar na moltaí agus na haighneachtaí a bheidh déanta, agus na tuairimí a bheidh tugtha, ag an Aire, i gcás gur seoladh an fógra faoi mhír (a) d’fho-alt (2) sular bunaíodh Oifig an Rialálaí Pleanála,
- (B) ar na moltaí agus na haighneachtaí a bheidh déanta, agus na tuairimí a bheidh tugtha, ag Oifig an Rialálaí Pleanála, agus
- (C) ar na haighneachtaí a bheidh déanta agus na tuairimí a bheidh tugtha ag aon daoine eile,

i ndáil leis an dréachtphlean limistéir áitiúil de réir an ailt seo,”

agus

(ii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii) de mhír (1):

“(ii) tabharfar achoimre inti—

- (I) ar na moltaí agus na haighneachtaí a bheidh déanta, agus na tuairimí a bheidh tugtha, ag an Aire, i gcás gur seoladh an fógra faoi mhír (a) d’fho-alt (2) sular bunaíodh Oifig an Rialálaí Pleanála,
- (II) ar na moltaí agus na haighneachtaí a bheidh déanta, agus na tuairimí a bheidh tugtha, ag Oifig an Rialálaí Pleanála, agus
- (III) ar na haighneachtaí a bheidh déanta agus na tuairimí a bheidh tugtha ag aon daoine eile,

i ndáil leis an dréachtphlean limistéir áitiúil de réir an ailt seo,”

agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(5) San alt seo, folaíonn ‘oibleagáidí reachtúla’, i ndáil le húdarás áitiúil, an oibleagáid a chinntiú go bhfuil an plean limistéir áitiúil ar comhréir leis na nithe seo a leanas—

(a) cuspóirí an phlean forbartha,

(b) na cuspóirí forbartha náisiúnta agus réigiúnacha atá sonraithe—

(i) sa Chreat Pleanála Náisiúnta, agus

(ii) sa straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach,

agus

- (c) ceanglais shonracha i dtaca le beartas pleanála a shonraítear i dtreoirlínte faoi fho-alt (1) d’alt 28.”.

An Creat Pleanála Náisiúnta

18. (1) Leasaítear an Príomh-Acht i gCuid II tríd an gCaibidil seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chaibidil II:

“CAIBIDIL IIA

AN CREAT PLEANÁLA NÁISIÚNTA

An Creat Pleanála Náisiúnta

- 20A. Tabharfar an Creat Pleanála Náisiúnta ar an Straitéis Spáis Náisiúnta arna leasú ag féachaint d’fhorálacha na Caibidle seo lena n-áirítear aon doiciméad arna fhoilsiú ag an Rialtas lena leasaítear an Straitéis nó a chuirtear ina hionad, nó lena leasaítear an doiciméad sin dá éis sin nó a chuirtear ina ionad.

Cuspóir an Chreata Pleanála Náisiúnta

- 20B. Is iad seo a leanas cuspóirí an Chreata Pleanála Náisiúnta—

- (a) plean náisiúnta leathan a bhunú don Rialtas i ndáil le pleanáil straitéiseach agus forbairt inchothaithe limistéar uirbeach agus tuaithe,
- (b) forbairt réigiúnach chothrom a áirithiú tríd an ngealladh atá sna réigiúin a bharrfheabhsú, agus tacú le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe, agus
- (c) a áirithiú go gcomhordófar straitéisí spáis agus eacnamaíocha réigiúnacha agus pleananna forbartha cathrach agus contae.

Nithe a ndíreofar orthu sa Chreat Pleanála Náisiúnta

- 20C. (1) Aon doiciméad a fhoilseofar tar éis thosach feidhme na Caibidle seo agus lena leasófar an Straitéis Spáis Náisiúnta nó a chuirfear ina hionad, nó, lena n-athleasófar an Creat Pleanála Náisiúnta nó a chuirfear ina ionad dá éis sin, díreofar ann ar na nithe atá leagtha amach i bhfo-alt (2)—

- (a) chun críocha chuspóirí an Chreata Pleanála Náisiúnta, agus
- (b) i leith tréimhse nach giorra ná 10 mbliana nó nach faide ná 20 bliain tar éis an fhoilsithe sin nó in aon athleasú ar an gCreat Pleanála Náisiúnta nó in aon doiciméad a chuirfear ina ionad.

- (2) Is iad seo a leanas na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1):

- (a) riachtanais forbartha straitéisí ar bhonn náisiúnta a shainaithint maidir le cathracha, bailte agus ceantair thuaithe i ndáil le fostaíocht, athrú daonra amach anseo, agus riachtanais ghaolmhara maidir le tithíocht agus forbairt tráchtála;
- (b) tosaíochtaí bonneagair náisiúnta a chur in iúl chun díriú ar na riachtanais forbartha straitéisí dá dtagraítear i mír (a) maidir le hiompar (lena n-áirítear iompar poiblí), seirbhísí uisce, bainistiú dramhaíola, líonraí

fuinnimh agus cumarsáide agus soláthar saoráidí oideachais, cúraim sláinte, miondíola, cultúrtha agus áineasa;

- (c) comhordú forbartha a chur chun cinn idir na hearnálacha talún agus mara, ag féachaint do Threoir 2014/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh pleanáil spáis mara⁴, agus aon bhearta arna ndéanamh ag an Stát chun éifeacht a thabhairt don Treoir sin;
 - (d) caomhnú an chomhshaoil agus a thaitneamhachtaí lena n-áirítear an tírdhreach agus an oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus nádúrtha;
 - (e) straitéisí maidir le lonnaíocht agus iompar inchothaithe a chur chun cinn i limistéir uirbeacha agus i limistéir thuaithe, lena n-áirítear bearta a chur chun cinn chun astaíochtaí gás ceaptha teasa antrapaigineacha a laghdú agus chun aghaidh a thabhairt ar an riachtanas atá ann oiriúnú d’athrú aeráide;
 - (f) na doiciméid lena mbaineann fo-alt (3).
- (3) Maidir leis an gCreat Pleanála Náisiúnta—
- (a) tabharfar aird ann ar an doiciméad dar teideal “PSE – Peirspictíocht Spásfhorbartha na hEorpa i dtreo Fhorbairt Chothrom Inchothaithe Chríoch an Aontais Eorpaigh” a glacadh an 11 Bealtaine 1999 in Potsdam i ndeireadh Comhairle Neamhfhoirmiúil d’Airí AE atá freagrach as pleanáil spásúil sna Ballstáit in Potsdam, an 10 agus an 11 Bealtaine 1999, agus
 - (b) cuirfear i gcuntas ann forálacha Straitéis Forbartha Réigiúnaí 2035 arna foilsíú ag Roinn Forbartha Réigiúnaí Thuaisceart Éireann agus aon doiciméad lena leasaítear doiciméad lena mbaineann an mhír seo nó a chuirtear ina ionad.
- (4) Ullmhóidh agus foilseoidh an Rialtas an Creat Pleanála Náisiúnta agus coimeádfaidh sé cur i ngníomh an Chreata faoi athbhreithniú.
- (5) Gach 6 bliana tar éis dháta foilsithe an Chreata Pleanála Náisiúnta, déanfaidh an Rialtas—
- (a) an Creat a athleasú nó creat nua a chur ina ionad, nó
 - (b) ráiteas a fhoilsíú á mhíniú cén fáth gur thug an Rialtas breith gan an Creat a athbhreithniú agus léiriú a áireamh sa ráiteas ar dháta faoina ndéanfar é a athleasú nó faoina ndéanfar Creat Pleanála Náisiúnta nua a fhoilsíú.
- (6) Déanfaidh an tAire socrú maidir le comhchomhairliúchán poiblí le linn Creat Pleanála Náisiúnta nua nó athleasaithe a ullmhú, lena n-áirítear socruithe maidir le comhchomhairle a dhéanamh leo seo a leanas—
- (a) tionóil réigiúnacha,
 - (b) údaráis áitiúla,

4 I.O. Uimh. L257 de 28.8.2014, l. 135

- (c) an Bord,
 - (d) comhlachtaí arna bhforordú faoi rialacháin phleanála chun críoch comhchomhairliúcháin phoiblí i dtaobh pleananna a dhéanamh, agus
 - (e) Roinn Forbartha Réigiúnaí Thuaisceart Éireann, i gcás go gcomhaontóidh an Roinn sin go ndéanfar comhchomhairle den sórt sin léi.
- (7) Beidh ullmhú an Chreata Pleanála Náisiúnta faoi réir forálacha de chuid Treoracha Comhshaoil AE iomchuí lena n-áirítear an Treoir um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus an Treoir um Ghnáthóga (Measúnacht Chuí).
- (8) Déanfaidh an Rialtas an dréacht den Chreat Pleanála Náisiúnta athleasaithe nó nua, mar aon leis an Tuarascáil Timpeallachta agus an Tuarascáil Measúnachta Cuí, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas lena cheadú acu, sula bhfoilseofar é.
- (9) Le linn don Rialtas an Creat Pleanála Náisiúnta a ullmhú nó a athleasú, beidh aird aige ar aon rún nó tuarascáil ón Oireachtas, nó ó aon choiste den Oireachtas, a dhéanfar, le linn na tréimhse breithnithe, maidir leis an straitéis bheartaithe nó, de réir mar a bheidh, maidir leis an gCreat mar a bheartaítear é a athleasú.”
- (2) Chun críocha an leasaithe dá bhforáiltear le *fo-alt (1)*, leasaítear forálacha na nAchtanna a leagtar amach i *gcolúin (2)* agus *(3)* de *Sceideal 3* ar an modh dá dtagraítear i *gcolúin (4)* den *Sceideal* sin os coinne na tagartha i *gcolúin (2)* agus *(3)* don Acht agus don fhoráil lena mbaineann faoi seach.

Doiciméid áirithe a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin údarás pleanála

19. D’fhonn doiciméid áirithe a fhoilsiú ar shuíomh ghréasáin údarás pleanála, leasaítear ailt 9, 11, 12, 13 agus 20 den Phríomh-Acht ar an modh dá dtagraítear i *gcolúin (3)* de *Sceideal 4* os coinne na tagartha i *gcolúin (2)* den *Sceideal* don alt lena mbaineann.

Leasú ar alt 28 den Phríomh-Acht

20. Leasaítear alt 28 den Phríomh-Acht—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1C):

“(1C) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), féadfaidh ceanglais shonracha i dtaca le beartas pleanála a bheith i dtreoirlínte faoin bhfo-alt sin a chomhlíonfaidh údaráis phleanála, tionóil réigiúnacha agus an Bord, i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna.”

agus

- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(1D) Déanfar measúnacht straitéiseach timpeallachta nó measúnacht chuí, de réir mar is gá sa chás, a sheoladh i ndáil le dréacht de threoirlínte a bheartaítear a eisiúint faoi fho-alt (1).”

Leasú ar alt 31 den Phríomh-Acht**21.** Leasaítear alt 31 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)—

(a) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) gur mhainnigh údarás pleanála, le linn plean forbartha, athrú ar phlean forbartha, plean limistéir áitiúil nó leasú ar phlean limistéir áitiúil (dá ngairtear ‘plean’ san alt seo) a dhéanamh—

(i) moladh a chur i ngníomh a bheidh déanta don údarás pleanála—

(I) ag an Aire faoi alt 12, 13 nó 20, nó

(II) ag Oifig an Rialálaí Pleanála faoi alt 31AM nó 31AO,

nó

(ii) aon aighneacht a dhéanfar chuig an údarás pleanála nó tuairim a thabharfar dó a chur i gcuntas—

(I) ag an Aire faoi alt 12, 13 nó 20, nó

(II) ag Oifig an Rialálaí Pleanála faoi alt 31AM nó 31AO,”

(b) tríd an mír seo a leanas a chur isteach:

“(ba)nach bhfuil plean ar comhréir leis na nithe seo a leanas—

(i) na cuspóirí forbartha náisiúnta agus réigiúnacha atá leagtha amach sa Chreat Pleanála Náisiúnta agus sa straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach, nó

(ii) ceanglais shonracha i dtaca le beartas pleanála a shonraítear i dtreoirínte arna n-eisiúint ag an Aire faoi fho-alt (1) d’alt 28,”

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) (a) Féadfaidh an tAire, tar éis d’Oifig an Rialálaí Pleanála moladh a dhéanamh faoi fho-alt (9) d’alt 31AN nó faoi fho-alt (9) d’alt 31AP, ordachán a thabhairt faoin alt seo d’údarás pleanála i ndáil le plean.

(b) Sula dtabharfaidh an tAire ordachán faoin alt seo d’údarás pleanála, eiseoidh sé nó sí fógra i scríbhinn chuig an údarás pleanála i dtaobh é a bheith ar intinn aige nó aici an t-ordachán sin a thabhairt agus ní eiseofar an fógra sin tar éis do 4 seachtaine a bheith caite ón tráth a dhéanfaidh an t-údarás pleanála plean.”

Leasú ar alt 33 den Phríomh-Acht**22.** Leasaítear alt 33 d’Acht 2000 i bhfo-alt (2)—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(ca)á fhoráil táille lena mbainfeadh mír (c) a tharscaoileadh nó a laghdú, nó táille éagsúil a íoc, i leith aighneachtaí a dhéanfaidh duine nó tuairimí a thabharfaidh sé nó sí ina cháil nó ina cáil mar chomhalta d’údarás áitiúil,”

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (k):

“(ka) á éascú na nithe seo a leanas a dhéanamh agus a phróiseáil trí mheán leictreonach—

(i) iarratais phleanála, achomhairc, tarchuir, iarratais ar cheadú, aighneachtaí agus toiliú faoin Acht seo, agus

(ii) táillí a íoc, breitheanna a eisiúint agus ceanglais lena mbaineann fomhír (i) a leagan amach;

(kb) á cheangal ar údaráis phleanála sonraí a ionchur i cibé bunachair sonraí nó córais phleanála náisiúnta a fhorordóidh an tAire;”.

Leasú ar alt 34 den Phríomh-Acht

23. (1) Leasaítear alt 34 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (2)(a) trí “agus” a scriosadh i bhfomhír (v) agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (v):

“(va) ar fhorbairtí roimhe sin ag an iarratasóir nár críochnaíodh go sásúil,

(vb) ar chiontuithe roimhe sin i gcoinne an iarratasóra as gan déanamh de réir an Achta seo, an Achta um Rialú Foirgníochta, 2007 nó an Achta Seirbhísí Dóiteáin, 1981, agus”.

(2) Leasaítear alt 34 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (3) trí “an t-iarratasóir, agus” a chur in ionad “an t-iarratasóir.” i mír (b) agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) i gcás go mbaineann iarratas ar chead le forbairt chónaithe a bhfuil 10 dteach nó níos mó ar áireamh inti—

(i) ar aon fhaisnéis atá ar fáil don údarás pleanála, nó arna tabhairt ag an iarratasóir dó, maidir le haon fhorbairt tithíochta a bheidh curtha i ngníomh ag an iarratasóir sna 5 bliana roimhe sin, agus

(ii) ar mheasúnacht ag an údarás pleanála ar an dóchúlacht go gcuirfear an fhorbairt bheartaithe i ngníomh laistigh den tréimhse chuí a iarrtar, arb í an tréimhse chuí de réir na brí dá bhforáiltear le halt 40(3).”.

(3) Leasaítear alt 34 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (4)(g) trí “go dtabharfar agus go gcothabhálfar urrús leordhóthanach” a chur in ionad “go dtabharfar urrús leordhóthanach”.

(4) Leasaítear alt 34 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) Féadfar a fhoráil leis na coinníollacha faoi fho-alt (1) gur féidir poncanna sonraí a bhaineann le deonú ceada a chomhaontú idir an t-údarás pleanála agus an duine atá ag déanamh na forbartha agus, dá réir sin—

(a) más rud é, chun na críche sin, go mbeidh na poncanna sonraí sin curtha faoi bhráid an údaráis pleanála lena mbaineann ag an duine sin, ansin déanfaidh an t-údarás sin, laistigh de 8 seachtaine ón tráth a cuireadh

na poncanna sin faoina bhráid amhlaidh, nó cibé tréimhse is faide a chomhaontófar eatarthu i scríbhinn—

- (i) teacht ar chomhaontú leis an duine sin maidir leis na poncanna sin, nó
- (ii) i gcás nach bhféadfaidh an t-údarás sin agus an duine sin comhaontú amhlaidh maidir leis na poncanna sin, féadfaidh an t-údarás sin—
 - (I) an méid sin a chur in iúl i scríbhinn don duine sin dá réir sin, nó
 - (II) an ní a tharchur chun an Bhoird lena chinneadh,
 agus, i gcás go mbeidh feidhm ag clásal (I), féadfaidh an duine sin, laistigh de 4 seachtaine tar éis an méid sin a bheith curtha in iúl dó nó di, an ní a tharchur chun an Bhoird lena chinneadh,

nó

- (b) i gcás nach dtarlóidh aon cheann de na teagmhais dá dtagraítear i bhfómhír (i) nó i gclásal (I) nó (II) d'fhómhír (ii) laistigh de na 8 seachtaine sin nó cibé tréimhse is faide ná sin a bheidh comhaontaithe amhlaidh, ansin measfar gur chomhaontaigh an t-údarás sin leis na poncanna sonraí mar a cuireadh faoina bhráid iad.”.

(5) Leasaítear alt 34 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (6)—

- (a) i mír (a)(i), trí “nó den phlean limistéir áitiúil, de réir mar a bheidh,” a chur isteach i ndiaidh “den phlean forbartha”,

- (b) i mír (a)(ii), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh chlásal (I):

“(IA) an tionól réigiúnach don limistéar ina bhfuil an t-údarás pleanála suite”,
agus

- (c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(ba) I gcás go mbeidh rún dá dtagraítear i mír (a) rite ag údarás pleanála de réir mhír (b), déanfaidh an t-údarás pleanála—

- (i) cóip den fhógra faoi mhír (a) a bhaineann leis an rún a sheoladh chuig an tionól réigiúnach don limistéar agus chuig Oifig an Rialálaí Pleanála, agus
- (ii) an tráth céanna, a chur in iúl don tionól réigiúnach don limistéar agus d’Oifig an Rialálaí Pleanála i scríbhinn gur ritheadh an rún.”.

(6) Leasaítear alt 34 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (10) trí “chuig an bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “chuig an mbainisteoir”.

Leasú ar alt 35 den Phríomh-Acht

24. Leasaítear alt 35 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (7) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(ba) cumann cláraithe faoi na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair, 1893 go 2014—

(i) a rinne forbairt de bhun cead a tugadh roimhe sin,

(ii) a rinne forbairt shubstaintiúil neamhúdraithe, nó

(iii) a ciontaíodh i gcion faoin Acht seo,

nó, le linn aon tréimhse lena mbaineann fómhír (i) nó (ii) nó lena mbaineann aon chiontú faoi fhómhír (iii), go raibh an cumann cláraithe, le linn na tréimhse sin, faoi rialú ag an iarratasóir—

(I) más rud é, de bhun alt 15 d’Acht na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014, go bhfuil le ‘rialú’ an bhrí chéanna atá leis in alt 220(5) d’Acht na gCuideachtaí, 2014, nó

(II) mar chúlstiúrthóir de réir bhrí alt 2(1) d’Acht na gCuideachtaí, 2014.”.

Leasú ar alt 38 den Phríomh-Acht

25. Leasaítear alt 38 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) seachas míreanna (a) go (e):

“(1) I gcás go dtabharfaidh údarás pleanála a bhreith maidir le hiarratas pleanála, cuirfidh an t-údarás na doiciméid seo a leanas ar fáil, laistigh de 3 lá oibre, trí na doiciméid a chur ar a shuíomh gréasáin, agus féadfaidh sé na doiciméid sin a chur ar fáil freisin i bhfoirm leictreonach agus lena n-iniúchadh agus lena gceannach ag daoine den phobal le linn uaireanta oifige.”.

Cumhacht chun an tréimhse chuí a athrú, etc

26. (1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 41:

“Cumhacht chun an tréimhse chuí a athrú

41. (1) Gan dochar do na cumhachtaí a thugtar dóibh leis an gCuid seo chun cead a dheonú talamh a fhorbairt ar feadh tréimhse theoranta amháin, féadfaidh údarás pleanála nó an Bord, de réir mar is cuí, le linn cinneadh a dhéanamh cead a dheonú faoi alt 34, 37, 37G nó 37N, ag féachaint do chineál agus do mhéid na forbartha iomchuí agus d’aon chúinse ábhartha eile, an tréimhse a shonrú a mbeidh éifeacht leis an gcead lena linn, is tréimhse—

(a) i gcás gach forbartha ar gá cead ina leith, nach lú ná 2 bhliain, agus

(b) i gcás forbairt chónaithe ar gá cead ina leith, nach faide ná 10 mbliana,

agus i gcás go bhfeidhmeoidh an t-údarás pleanála nó an Bord an chumhacht a thugtar dó leis an alt seo, nó i gcás go ndiúltóidh sé an chumhacht sin a fheidhmiú, measfar an feidhmiú nó an diúltú feidhmiú sin ina chuid de bhreith iomchuí an údaráis nó an Bhoird faoi alt 34, 37, 37G nó 37N.

(2) I gcás go mbaineann iarratas ar chead le forbairt chónaithe a bhfuil 10 dteach nó níos mó ar áireamh inti—

- (a) féadfaidh a bheith ar áireamh i gcúinsí ábhartha i bhfo-alt (1) aon fhaisnéis atá ar fáil don údarás pleanála, nó arna tabhairt ag an iarratasóir dó, maidir le haon fhorbairt tithíochta a bheidh curtha i ngníomh ag an iarratasóir sna 5 bliana roimhe sin, agus
- (b) measúnacht ag an údarás pleanála ar an dóchúlacht go gcuirfear an fhorbairt bheartaithe i ngníomh laistigh den tréimhse chuí a iarrtar, arb í an tréimhse chuí de réir na brí dá bhforáiltear le halt 40(3).”.

(2) Aisghairtear alt 42A den Phríomh-Acht.

Cead pleanála a chúlghairm nó a mhodhnú ar chúiseanna áirithe

27. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach:

“44A.(1) Féadfaidh an tAire, ar iarraidh ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ón Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála nó ón Aire Cosanta agus le ceadú an Rialtais, ordú a dhéanamh lena gcúlghairtear nó lena modhnaítear deonú ceada faoin Acht seo, más deimhin leis nó léi—

- (a) gur dóigh, dá ndéanfaí an fhorbairt lena mbaineann an deonú, go ndéanfaí díobháil—
 - (i) do shlándáil nó do chosaint an Stáit, nó
 - (ii) do chaidreamh an Stáit le stáit eile,
 agus
- (b) gur gá an chúlghairm nó an modhnú lena mbaineann a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail.

(2) Féadfaidh an tAire dul i gcomhairle leo seo a leanas sula ndéanfaidh sé nó sí ordú faoin alt seo—

- (a) an t-údarás pleanála a dheonaigh an cead lena mbaineann,
- (b) an duine dár deonaíodh an cead, nó
- (c) aon duine eile is dóigh a ndéanfar difear ábhartha dó nó di, i dtuairim an Aire, má dhéantar an t-ordú sin,

ach ní rachaidh sé nó sí i gcomhairle leo amhlaidh má mheasann sé nó sí go ndéanfaí díobháil do shlándáil nó do chosaint an Stáit nó do chaidreamh an Stáit le stáit eile, dá ndéanfadh sé nó sí amhlaidh.

(3) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le ceadanna cibé acu a dheonófar iad roimh an *Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2018* a rith, nó ar é a rith, nó dá éis.

(4) I gcás go ndéanfar ordú faoin alt seo, déanfaidh an t-údarás pleanála a dheonaigh an cead lena mbaineann an t-ordú, laistigh de cibé tréimhse a bheidh sonraithe san ordú—

- (a) fógra i scríbhinn a sheirbheáil—
 - (i) ar an duine dár deonaíodh an cead lena mbaineann, agus

- (ii) ar aon duine eile a shonraítear san ordú,
ina gcuirfear an chúlghairm nó an modhnú a rinneadh leis an ordú in iúl dó nó di, agus
- (b) fógra i scríbhinn a sheirbheáil—
- (i) i gcás forbairt a bheidh tosaithe ach nach mbeidh críochnaithe, ar aon duine a bheidh ag déanamh na forbartha ar deonaíodh an cead ina leith, nó a bhfuil an fhorbairt sin á déanamh thar a cheann nó thar a ceann, á cheangal air nó uirthi scor den fhorbairt agus an talamh a bhfuil an fhorbairt lena mbaineann á déanamh air a chur ar ais sa riocht ina raibh sé sular cuireadh tús leis an bhforbairt, nó
- (ii) i gcás forbairt a bheidh críochnaithe, ar aon duine a rinne an fhorbairt, nó a ndearnadh an fhorbairt thar a cheann nó thar a ceann, á cheangal air nó uirthi an talamh a bhfuil an fhorbairt lena mbaineann á déanamh air a chur ar ais sa riocht ina raibh sé sular cuireadh tús leis an bhforbairt.
- (5) Aon duine ar a seirbheálfar fógra faoi mhír (b) d’fho-alt (4), comhlíonfaidh sé nó sí an fógra.
- (6) (a) Déanfaidh an tAire, a luaithe is indéanta tar éis ordú a dhéanamh faoin alt seo, cóip den ordú a thabhairt don údarás pleanála a dheonaigh an cead lena mbaineann an t-ordú.
- (b) Déanfaidh údarás pleanála, a luaithe is indéanta tar éis an chóip d’ordú a bheith tugtha dó de réir mhír (a), cóip den ordú a thabhairt do na daoine seo a leanas—
- (i) an duine dár deonaíodh an cead lena mbaineann an t-ordú, agus
- (ii) aon duine eile a ordóidh an tAire.
- (7) Ar an ordú a dhéanamh, aon chead a mbaineann ordú faoin alt seo leis, beidh sé arna chúlghairm nó arna mhodhnú, de réir mar is cuí, de réir an ordaithe.
- (8) Is forbairt neamhúdaraíthe aon fhorbairt a dhéanfar de shárú ar ordú faoin alt seo.
- (9) I gcás go ndéanfaidh an tAire ordú lena gcúlghairtear ordú faoin alt seo—
- (a) measfar, chun gach críche, nach ndearnadh an t-ordú daraluaite riamh, agus leasófar an clár dá réir sin, agus
- (b) ní bheidh an tréimhse idir an t-ordú daraluaite agus an t-ordú céadluaite a dhéanamh ináirithe d’fhonn an tréimhse ó deonaíodh an cead a ríomh.
- (10) Ní dhéanfaidh an tAire ordú faoin alt seo, i ndáil le cead, más faide ná 5 bliana an tréimhse ó deonaíodh an cead.
- (11) A luaithe is féidir tar éis ordú a dhéanamh faoin alt seo, déanfar taifead sa chlár go ndearnadh é.

- (12) (a) Is i gcúirt iata a éistfeadh aon imeachtaí a bheidh os comhair cúirte agus a bhaineann le hordú faoin alt seo.
- (b) Aon chúirt a mbeidh imeachtaí a bhaineann le hordú faoin alt seo á n-éisteacht os a comhair, glacfaidh sí gach réamhchúram réasúnach ionas nach nochtfar—
- (i) don phobal, ná
- (ii) d’aon pháirtí sna himeachtaí, i gcás gur cuí leis an gcúirt é, aon fhianaise arna tabhairt nó aon doiciméad arna cur faoi bhráid na cúirte chun críocha na n-imeachtaí, a bhféadfaí a mheas le réasún go ndéanfaí díobháil do shlándáil nó do chosaint an Stáit nó do chaidreamh an Stáit le stáit eile, dá ndéanfaí í nó é a nochtadh.
- (c) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (b), féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh sna réamhchúraimí dá dtagraítear sa mhír sin—
- (i) toirmeasc ar cibé fianaise nó doiciméadacht a chinnfidh an Chúirt a nochtadh, agus
- (ii) aon fhianaise a éisteacht nó aon fhinné nó doiciméad a scrúdú, in éagmais aon duine nó daoine lena n-áirítear aon pháirtí sna himeachtaí, a d’fhéadfaí a mheas le réasún, i dtuairim na Cúirte, go ndéanfadh sé nó sí díobháil do shlándáil nó do chosaint an Stáit nó do chaidreamh an Stáit le stáit eile.”.

Ranníocaí forbartha agus scéimeanna ranníocaí forbartha forlíontacha

28. (1) Leasaítear alt 48 (a bhaineann le ranníocaí forbartha) den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (3A)(a cuireadh isteach leis an Acht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe, 2015) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b);

“(b) i gcás gur tithe atá san fhorbairt agus, maidir le ceann amháin nó níos mó de na tithe sin, nach mbeidh sé ligthe ar cíos nó ar léas, ar áitiú nó díolta,”,

agus

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3B)(arna chur isteach amhlaidh):

“(3B) I gcás gurb éard atá i bhforbairt dá dtagraítear i bhfo-alt (3A) tithe nach mbeidh ceann amháin nó níos mó díobh ligthe ar cíos nó ar léas, ar áitiú nó díolta, is i leith aon teach nó tithe nach bhfuil ligthe ar cíos nó ar léas, ar áitiú nó díolta, agus ina leith sin amháin, a chuirfidh an t-údarás pleanála an t-athrú i bhfeidhm ar an mbonn chun an ranníoc dá dtagraítear san fho-alt sin a chinneadh.”.

(2) Leasaítear alt 48 (a bhaineann le ranníocaí forbartha) den Phríomh-Acht i bhfo-alt (17)—

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) bóithre, carrchlóis, ionaid charrloetha, séaraigh uisce dromchla agus oibreacha faoisimh tuile, agus bonneagar coimhdeach, a sholáthar,”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (e):

“(e) bóithre, carrchlóis, ionaid charrloctha, séaraigh uisce dromchla, oibreacha faoisimh tuile agus bonneagar coimhdeach a athchóiriú, a uasghrádú, a mhéadú nó a athsholáthar.”.

(3) Leasaítear alt 49 (a bhaineann le scéimeanna ranníocáí forbartha forlíontacha) den Phríomh-Acht i bhfo-alt (7), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) séaraigh uisce dromchla nua agus bonneagar coimhdeach a sholáthar.”.

Leasú ar alt 50B den Phríomh-Acht

29. Leasaítear alt 50B den Phríomh-Acht—

(a) i mír (a) d’fho-alt (1)—

(i) trí “foráil reachtach” a chur in ionad “dlí de chuid an Stáit”,

(ii) trí “nó” a scriosadh i gclásal (II),

(iii) trí “den Treoir sin, nó” a chur in ionad “den Treoir sin; nó” i gclásal (III), agus

(iv) tríd an gclásal seo a leanas a chur isteach i ndiaidh chlásal (III):

“(IV) do mhír 3 nó 4 d’Airteagal 6 den Treoir um Ghnáthóga; nó”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(6) San alt seo, ciallaíonn ‘foráil reachtuil’ foráil d’achtachán nó ionstraim faoi achtachán.”.

Leasú ar alt 144 den Phríomh-Acht

30. Leasaítear alt 144 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1A)(a cuireadh isteach leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2010) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a)—

“(aa) achomharc chun an Bhoird faoi Chuid 2 den Acht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe, 2015;”.

Leasú ar alt 162 den Phríomh-Acht

31. Leasaítear alt 162 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (2) trí “alt 34(12C)” a chur in ionad “alt 34(12)”.

Leasú ar alt 169 den Phríomh-Acht

32. Leasaítear alt 169 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (8), trí “aon ceanglais shonracha i dtaca le beartas pleanála a bheidh i dtreoirlínte faoi fho-alt (1) d’alt 28,” a chur isteach i ndiaidh “forálacha na straitéise tithíochta,” agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(8A) (a) Measfar scéim pleanála ina bhfuil foráil a sháraíonn aon cheanglas sonrach i dtaca le beartas pleanála i dtreoirilínte faoi fho-alt (1) d’alt 28 a bheith déanta, faoi mhír (b) d’fho-alt (4) d’alt 169, faoi réir an fhoráil sin a scriosadh.

(b) I gcás go sáraíonn scéim pleanála ceanglas sonrach i dtaca le beartas pleanála i dtreoirilínte faoi fho-alt (1) d’alt 28 trí fhoráil atá de réir an cheanglais sin a fhágáil ar lár, measfar an scéim pleanála a bheith déanta faoi mhír (b) d’fho-alt (4) d’alt 169 faoi réir an fhoráil sin a chur leis an scéim.”.

Leasú ar alt 176A den Phríomh-Acht

33. Leasaítear alt 176A den Phríomh-Acht i bhfo-alt (7)(a) trí “mar aon le haon táille a fuarthas ón iarratasóir,” a scriosadh.

Leasú ar alt 176C den Phríomh-Acht

34. Leasaítear alt 176C den Phríomh-Acht—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9):

“(9A) Tar éis don Bhord fógra a thabhairt faoi fho-alt (8), foilseoidh an Bord a chinneadh agus na príomhchúiseanna agus na príomhchúinsí ar a raibh a chinneadh bunaithe, mar aon le fógra dá dtagraítear i bhfo-alt (9), ar a shuíomh gréasáin.”.

agus

(b) i bhfo-alt (10), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) an taifead, agus na príomhchúiseanna agus na príomhchúinsí ar a raibh a chinneadh bunaithe, a chur ar fáil ar a shuíomh gréasáin agus lena gceannach agus lena n-iniúchadh le linn uaireanta oifige.”.

Leasú ar alt 177S den Phríomh-Acht

35. Leasaítear alt 177S den Phríomh-Acht i bhfo-alt (2) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) i ndáil le dréacht-Chreat Pleanála Náisiúnta, an tAire.”.

Leasú ar alt 177T den Phríomh-Acht

36. Leasaítear alt 177T den Phríomh-Acht i bhfo-alt (3) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) maidir le dréacht-Chreat Pleanála Náisiúnta, an tAire.”.

Leasú ar alt 180 den Phríomh-Acht

37. Leasaítear alt 180 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)—

- (i) trí “Faoi réir fho-alt (7), i gcás ina mbeidh ar áireamh i bhforbairt” a chur in ionad “I gcás ina mbeidh ar áireamh i bhforbairt”, agus
- (ii) trí “a luaithe is féidir,” a scríosadh agus trí “tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an méid sin a iarraidh amhlaidh,” a chur isteach i ndiaidh “amhlaidh,”
- (b) i bhfo-alt (2)(a), trí “de 4 bliana” a chur in ionad “de sheacht mbliana”,
- (c) i bhfo-alt (2)(b), “, nó coinníoll atá ag gabháil le cead faoi alt 9(4) den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016” a chur isteach i ndiaidh “alt 34(4)(g)”,
- (d) i bhfo-alt (2A)(a)(i), trí “de 4 bliana” a chur in ionad “de sheacht mbliana”,
- (e) i bhfo-alt (2A)(b), “, nó coinníoll atá ag gabháil le cead faoi alt 9(4) den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016” a chur isteach i ndiaidh “alt 34(4)(g)”,
- (f) i bhfo-alt (2A), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):
 - “(c) Maidir le tionscnamh nósanna imeachta faoi alt 11 d’Acht na mBóithre, 1993, ní choiscfear leis sin ar an údarás pleanála lena mbaineann forbróir a leanúint, faoi na *hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2018* nó ar shlí eile, i leith na gcostas arna dtabhú ag an údarás sin i leith oibreacha arna ngabháil de lámh ar fhorbairt chun go bhféadfaidh an t-údarás sin í a ghlacadh faoina chúram.”
- (g) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):
 - “(7) Tá feidhm ag an alt seo maidir leis an gcuid sin d’fhorbairt dá ndeonaítear cead faoi alt 9 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016 a bhaineann le tithe a thógáil agus—
 - (a) le bóithre nua, spásanna oscailte nó carrchlóis, nó
 - (b) le séaraigh, príomhphíopaí uisce nó ceangail seirbhíse, de réir bhrí an Achta um Sheirbhísí Uisce, 2007,
 a sholáthar i dtaca leis na tithe sin agus léifear tagairtí do ‘forbairt’ i bhforálacha eile den alt seo dá réir sin.”

Leasú ar alt 195 den Phríomh-Acht

38. Leasaítear alt 195 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

- “(3) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le hordú arna dhéanamh faoi alt 44A faoi réir na nithe seo a leanas—
 - (a) an modhnú go ndéanfar tagairtí d’údarás pleanála a fhorléiriú mar thagairtí don Aire, agus
 - (b) aon mhodhnuithe eile is gá.”

Leasú ar alt 208 den Phríomh-Acht

39. Leasaítear alt 208 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh “i bplean forbartha”:

“nó i bplean limistéir áitiúil”.

Comhaltaí údarás pleanála díolmhaithe ó tháillí áirithe a íoc

40. Leasaítear alt 246 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) táillí forordaithe a íoc le húdarás phleanála i ndáil le haighneachtaí a dhéanamh nó tuairimí a thabhairt maidir le hiarratais ar chead dá dtagraítear i mír (a), cé is moite de chomhaltaí údarás áitiúil atá díolmhaithe ó gach táille i ndáil le haighneachtaí a dhéanamh nó tuairimí a thabhairt maidir le hiarratais ar chead dá dtagraítear i mír (a), a mhéid a bhaineann sé le hiarratais arna ndéanamh laistigh de thoghlimistéar áitiúil na gcomhaltaí údarás áitiúil.”.

Leasú ar alt 246 den Phríomh-Acht

41. Leasaítear alt 246 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (d):

“(d) táillí forordaithe a íoc—

(i) le húdarás áitiúla i ndáil le hiarratais ar dheonú ceadúnas faoi alt 231 nó ar dheimhnithe sábháilteachta faoi alt 239, agus

(ii) le húdarás phleanála i ndáil le haon chomhchomhairliúchán nó comhairle faoi alt 247, agus”,

agus

- (b) i bhfo-alt (3), trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) Más rud é, faoi rialacháin faoin alt seo, go mbeidh táille—

(i) iníoctha le húdarás pleanála ag iarratasóir i leith iarratas lena mbaineann mír (a) nó (e) d’fho-alt (1), nó

(ii) iníoctha le húdarás áitiúil i leith iarratas lena mbaineann fomhír (i) de mhír (d) den fho-alt sin,

ní thabharfar breith i ndáil leis an iarratas go dtí go n-íocfar an táille.

(aa) Más rud é, faoi rialacháin faoin alt seo, go mbeidh táille iníoctha le húdarás pleanála ag duine ina leith seo a leanas—

(i) iarraidh lena mbaineann mír (c) d’fho-alt (1), nó

(ii) comhchomhairliúchán nó comhairle lena mbaineann fomhír (ii) de mhír (d) den fho-alt sin,

ní dhéanfaidh an t-údarás pleanála—

- (I) an dearbhú a thabhairt, ná
 - (II) an comhchomhairliúchán nó an chomhairle a sholáthar,
- de réir mar is cuí, go dtí go n-íocfar an táille.”.

Díolúine ó tháillí le haghaidh aighneachtaí agus tuairimí ó chomhairleoirí maidir le hiarratais phleanála

42. Leasaítear alt 246 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 tríd an bhfo-alt seo nua a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Ní bheidh feidhm ag rialacháin faoi fho-alt (1) maidir le haighneacht a dhéanamh chuig údarás phleanála nó tuairim a thabhairt dó, i leith iarratas ar chead dá dtagraítear i mír (a) den fho-alt sin, i gcás gur comhalta tofa den údarás phleanála lena mbaineann an duine a dhéanfaidh an aighneacht nó a thabharfaidh an tuairim.”.

Leasú ar alt 247 den Phríomh-Acht

43. Leasaítear alt 247 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir fho-alt (1A), aon duine a bhfuil leas aige nó aici i dtalamh” a chur in ionad “Aon duine a bhfuil leas aige nó aici i dtalamh”,
- (b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) (a) Faoi réir alt 5 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016, sula ndéanfaidh sé nó sí iarratas chuig údarás phleanála nó údarás phleanála faoi alt 34 i leith forbairt—

- (i) arb éard í, nó ar cuid di, forbairt chónaithe a bhfuil breis agus 10 n-aonad tithíochta inti nó forbairt neamhchónaithe ar mó ná 1,000 méadar cearnach a hollspás urláir, nó iad araon, nó

- (ii) cibé forbairt eile a bheidh forordaithe,

beidh iarratasóir ionchasach tar éis comhchomhairle a dhéanamh leis an údarás phleanála cuí nó leis na húdarás phleanála chuí ar ina limistéar nó limistéir a bheadh an fhorbairt bheartaithe suite, is comhchomhairliúchán ina mbeidh aon chruinniú amháin ar a laghad, agus chun na críche sin—

- (I) faoi réir mhír (b), tá feidhm ag alt 247, fara aon mhodhnuithe is gá maidir leis na comhchomhairliúcháin sin, agus

- (II) féachfar sna comhchomhairliúcháin sin don mhéid sin de Chuid V a bheadh iomchuí maidir le tograí a bhfuil forbairt tithíochta ar áireamh iontu.

- (b) Seolfar comhchomhairliúcháin faoi alt 247 i ndáil le forbairt bheartaithe dá dtagraítear i mír (a) laistigh de 4 seachtaine ón dáta a gheobhaidh an t-údarás phleanála, nó na húdarás phleanála, de réir mar a bheidh, iarraidh ón iarratasóir ionchasach ar chomhchomhairliúchán den sórt sin, mura n-iarrfaidh an t-iarratasóir ionchasach go bhfadófar an tréimhse go ceann tréimhse shonraithe agus, sa chás sin—

- (i) déanfaidh an t-údarás pleanála, nó na húdaráis phleanála, de réir mar a bheidh, an tréimhse a fhadú go ceann na tréimhse sonraithe sin ar an gcéad iarraidh den sórt sin, agus
 - (ii) féadfar an tréimhse a fhadú, de rogha an údaráis pleanála nó na n-údarás pleanála, de réir mar a bheidh, go ceann na tréimhse sonraithe sin ar an dara hiarraidh nó ar iarraidh dá éis den sórt sin.
- (c) Má mhainníonn údarás pleanála an ceanglas a chomhlíonadh cruinniú comhchomhairliúcháin a sheoladh chun críocha alt 247 de bhua mhír (b) laistigh de na teorainneacha ama dá bhforáiltear leis an mír sin, ní chuirfear cosc ar an iarratasóir ionchasach leis an mainneachtain sin, tar éis don tréimhse a shonraítear sa mhír sin a bheith caite, iarratas a dhéanamh chuig údarás pleanála nó údaráis phleanála faoi alt 34 lena mbaineann an iarraidh ar chomhchomhairliúchán faoi mhír (a).
- (d) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, forordú a dhéanamh i leith cibé nithe a bhaineann le nós imeachta agus riarachán ar dealraitheach don Aire gur gá nó gur fóirsteanach iad i leith iarrataí lena mbaineann mír (a) agus féadfar na nithe sin a fhorordú amhlaidh i leith aicmí éagsúla iarrataí den sórt sin.
- (e) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (d), féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin mír sin maidir leis na nithe seo a leanas—
- (i) an modh ar a mbeidh iarrataí faoi mhír (a) le déanamh chuig údaráis phleanála,
 - (ii) a cheangal ar údaráis phleanála a admháil i scríbhinn go bhfuarthas iarrataí faoi mhír (a),
 - (iii) a cheangal ar aon duine a bheidh ag déanamh iarraidh faoi mhír (a) aon chineálacha sonraithe líníochtaí, pleananna, doiciméad nó faisnéise eile i ndáil leis an iarraidh sin a thabhairt don údarás pleanála lena mbaineann.
- (f) Chun críocha an fho-ailt seo, ciallaíonn ‘ollspás urláir’ an t-achar arna fhionnadh trí thomhas inmheánach a dhéanamh ar an spás urláir ar gach urlár d’fhoirgneamh (lena n-áirítear ballaí inmheánacha agus landairí), gan aird a thabhairt ar aon spás urláir arna sholáthar chun go ndéanfaidh daoine atá ag áitiú nó ag úsáid an fhoirgnimh nó na bhfoirgneamh feithiclí a locadh, i gcás go mbeidh an spás urláir sin teagmhasach le príomhchuspóir an fhoirgnimh.”,

agus

- (c) i bhfo-alt (5), trí “nó iarraidh ar chomhchomhairliúcháin” a chur isteach i ndiaidh “aon chomhchomhairliúcháin” agus trí “nó in iarraidh ar chomhchomhairliúcháin” a chur isteach i ndiaidh “sna comhchomhairliúcháin”.

Leasú ar alt 248 den Phríomh-Acht

44. Leasaítear alt 248 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (2)(c), trí “, má thoilíonn an duine a gceanglaítear nó a gceadaítear an doiciméad nó an fhaisnéis eile a thabhairt dó nó di leis an bhfaisnéis a thabhairt san fhoirm sin” a scriosadh, agus
- (b) i bhfo-alt (5), trí “, agus féadfaidh an tAire déileáil le hiarratais, le hachomhairc agus le tarchuir trí mheán leictreonach.” a chur isteach i ndiaidh “i bhfoirm leictreonach”.

Leasú ar alt 255 den Phríomh-Acht

45. Leasaítear alt 255 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

- “(4A) I bhfo-alt (4), foláíonn ‘ó fhaisnéis a bheidh ar fáil dó nó di’ aon fhaisnéis nó moladh ó Oifig an Rialálaí Pleanála, ag féachaint do na nithe seo a leanas—
- (a) dréacht-tuarascáil faoi fho-alt (4) d’alt 31AS nó, i gcás go mbeidh an tuarascáil tugtha chun críche, sa tuarascáil faoi fho-alt (6) den alt sin,
 - (b) dréacht-tuarascáil faoi fho-alt (3) d’alt 31AT nó, i gcás go mbeidh an tuarascáil tugtha chun críche, sa tuarascáil faoi fho-alt (5) den alt sin,
 - (c) tuarascáil ar réamhscrúdú faoi alt 31AU, nó
 - (d) ordacháin arna n-eisiúint ag an Aire ar scór moltaí ón Oifig faoi Chaibidil III de Chuid IIB.”.

Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht

46. (1) Leasaítear an Céad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht i gCuid III (a bhaineann le saoráidí pobail) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 3:

“4. Forbairt áitreabh ceadúnaithe a rialáil, a shríonadh nó a rialú de réir bhrí na hAchtanna Ceadúnúcháin, 1833 go 2011.”.

- (2) Beidh éifeacht leis an alt seo maidir le plean forbartha nua de chuid údarás pleanála lena mbainfidh alt 11(1) den Phríomh-Acht i gcás go dtabharfaidh an t-údarás pleanála fógra ar dtús, tar éis an *tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2018* a rith, go bhfuil ar intinn aige faoi alt 11(1) den Phríomh-Acht athbhreithniú a dhéanamh ar a phlean forbartha láithreach agus plean forbartha nua a ullmhú dá limistéar.

Leasú ar an gCeathrú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht

47. Leasaítear an Ceathrú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 23:

“23A.(1) Gur forbairt í an fhorbairt bheartaithe ag iarratasóir atá comhbhainteach le forbairt roimhe sin (cibé acu a bhí nó nach raibh an fhorbairt sin roimhe sin laistigh de limistéar feidhme an údaráis pleanála lena mbaineann an fhorbairt bheartaithe)—

- (a) nár críochnaíodh go sásúil i ngnáthchúrsa na forbartha, i dtuairim an údaráis pleanála ar ina limistéar feidhme a bhfuil an fhorbairt roimhe sin suite, nó

- (b) nár ghlac an t-údarás áitiúil lena mbaineann an t-eastát lena mbaineann an fhorbairt roimhe sin faoina chúram de bharr nár críochnaíodh an t-eastát chun sástacht an údaráis sin.
- (2) Sa mhír seo, ciallaíonn ‘comhbhainteach’, i ndáil le forbairt roimhe sin, forbairt faoi na *hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2018* lena mbaineann alt 180 agus arb ina leith nár críochnaíodh an fhorbairt go sásúil nó nár ghlac an t-údarás áitiúil lena mbaineann faoina chúram í de dheasca ghníomhartha (cibé acu trí ghníomh nó neamhghníomh) na ndaoine nó na n-eintiteas seo a leanas—
- (a) an t-iarratasóir ar an bhforbairt bheartaithe,
- (b) comhpháirtíocht ar comhalta nó ar chomhalta di an t-iarratasóir agus a rinne, le linn don iarratasóir sin a bheith ina chomhalta nó ina comhalta, forbairt de bhun cead a tugadh roimhe sin, forbairt neamhúdaraithe shubstaintiúil nó a ciontaíodh i gcion faoin Acht seo,
- (c) cumann cláraithe faoi na *hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair, 1893 go 2014*—
- (i) a rinne forbairt de bhun cead a tugadh roimhe sin,
- (ii) a rinne forbairt neamhúdaraithe shubstaintiúil, nó
- (iii) a ciontaíodh i gcion faoin Acht seo,
- nó, le linn aon tréimhse lena mbaineann fochlásal (i) nó (ii) nó lena mbaineann aon chiontú faoi fhochlásal (iii), go raibh an cumann cláraithe, le linn na tréimhse sin, faoi rialú ag an iarratasóir—
- (I) más rud é, de bhun alt 15 d’Acht na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014, go bhfuil le ‘rialú’ an bhrí chéanna atá leis in alt 220(5) d’Acht na gCuideachtaí, 2014, nó
- (II) mar chulstíúirthóir de réir bhrí alt 2(1) d’Acht na gCuideachtaí, 2014,
- (d) i gcás gur cuideachta an t-iarratasóir ar an bhforbairt bheartaithe—
- (i) go bhfuil an chuideachta lena mbaineann gaolmhar le cuideachta (de réir bhrí alt 2(10) d’Acht na gCuideachtaí, 2014) a rinne forbairt de bhun cead a tugadh roimhe sin, a rinne forbairt neamhúdaraithe shubstaintiúil nó a ciontaíodh i gcion faoin Acht seo, nó
- (ii) go bhfuil an chuideachta lena mbaineann faoin rialú céanna le cuideachta a rinne forbairt dá dtagraítear i bhfómhír (1), i gcás go bhfuil le ‘rialú’ an bhrí chéanna atá leis in alt 220(5) d’Acht na gCuideachtaí, 2014,
- nó
- (e) cuideachta a rinne forbairt de bhun cead a tugadh roimhe sin, a rinne forbairt neamhúdaraithe shubstaintiúil nó a ciontaíodh i gcion faoin Acht seo, is cuideachta atá faoi rialú an iarratasóra—

[2018.]

*An tAcht um Pleanáil agus Forbairt
(Leasú), 2018.*

[Uimh. 16.] CD.3 A.47

- (i) i gcás go bhfuil le ‘rialú’ an bhrí chéanna atá leis in alt 220(5) d’Acht na gCuideachtaí, 2014, nó
- (ii) mar chúlstiúrthóir de réir bhrí alt 2(1) d’Acht na gCuideachtaí, 2014.”.

Forléiriú an Chúigiú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht

48. (1) Leasaítear Acht 2016 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 25:

“Forléiriú an Chúigiú Sceideal (coinníollacha is féidir a fhorchur, gan cúiteamh a íoc, ar dheonú ceada chun talamh a forbairt) a ghabhann le hAcht 2000 le linn tréimhse shonraithe

25A. Tá éifeacht leis an gCúigiú Sceideal a ghabhann le hAcht 2000 le linn na tréimhse sonraithe amháil is dá ndéanfaí ‘nó faoi alt 9(4) den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016’ a chur isteach i mír 1 i ndiaidh ‘d’alt 34(4)(g) ’.”.

- (2) Tá feidhm ag alt 1(3) d’Acht 2016 (a bhaineann le tosach feidhme fhorálacha an Achta sin) maidir le tosach feidhme an leasaithe dá bhforáiltear le fo-alt (1).

Leasú ar an Seachtú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht

49. Leasaítear an Seachtú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

“Bonneagar Cumarsáide agus Sonraí

- 5. Forbairt arb éard í na nithe seo a leanas:

Saoráid ina bhfuil déanamhas amháin nó níos mó, ar mó ná 10,000 méadar cearnach a hollspás urláir le chéile, agus a úsáidtear go príomha chun sonraí a stóráil, a bhainistiú agus a scaipeadh agus an bonneagar nasc leictreachais gaolmhar a sholáthar.”.

Leasú ar alt 3 d’Acht 2016

50. (1) Leasaítear alt 3 d’Acht 2016—

- (a) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “cruinniú comhchomhairliúcháin”:

“ciallaíonn ‘ollspás urláir’ an t-achar arna fhionnadh trí thomhas inmheánach a dhéanamh ar an spás urláir ar gach urlár d’fhoirgneamh (lena n-áirítear ballaí inmheánacha agus landairí), gan aird a thabhairt ar aon spás urláir arna sholáthar chun go ndéanfaidh daoine atá ag áitiú nó ag úsáid an fhoirgnimh nó na bhfoirgneamh feithiclí a locadh, i gcás go mbeidh an spás urláir sin teagmhasach le príomhchuspóir an fhoirgnimh;”.

- (b) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘cóiríocht chomhroinnté’ foirgneamh, nó cuid d’fhoirgneamh, a úsáidtear chun cóiríocht chónaithe a sholáthar, is cóiríocht ina bhfuil—

- (a) saoráidí agus taitneamhachtaí maireachtála agus cistine comhchoiteanna atá á gcomhroinnt ag na cónaitheoirí, agus
- (b) seomraí leapa atá ar cíos ag na cónaitheoirí,
- ach ní fholaíonn sé cóiríocht do mhic léinn ná foirgneamh, ná cuid d'fhoirgneamh, a úsáidtear chun cóiríocht a sholáthar do thurasóirí nó do chuairoteoirí,”
- (c) sa mhíniú ar “forbairt tithíochta straitéisí”—
- (i) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):
- “(ba) forbairt—
- (i) arb éard í aonaid cóiríochta comhroinnte a bhfuil 200 áit leapa nó níos mó iontu nuair a chomhtháthaítear iad, agus
- (ii) ar thalamh a n-éascaítear lena chriosú cóiríocht chomhroinnte nó meascán de chóiríocht chomhroinnte a sholáthar air, agus é a chur chun feidhme lena úsáid ar shlite eile,”
- (ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):
- “(c) forbairt ina bhfuil forbairtí den chineál lena mbaineann gach ceann de na míreanna sin roimhe seo, nó aon dá cheann de na míreanna sin roimhe seo, nó”,
- (iii) trí “, (ba) ” a chur isteach i ndiaidh “(b) ” i mír (d),
- (iv) i mír (i)—
- (I) trí “na dtithe, na n-aonad cóiríochta do mhic léinn, na n-aonad cóiríochta comhroinnte, nó aon teaghlaim díobh sin” a chur in ionad “na dtithe nó na n-aonad cóiríochta do mhic léinn, nó iad araon, de réir mar a bheidh,” agus
- (II) trí “nó cóiríocht chomhroinnte” a chur isteach i ndiaidh “laistigh de chóiríocht do mhic léinn”,
- (v) trí “nó i gcóiríocht chomhroinnte” a chur in ionad “, nó iad araon, de réir mar a bheidh,” i gclásal (I) de mhír (ii), agus
- (vi) trí “nó i gcóiríocht chomhroinnte” a chur isteach i ndiaidh “i gcóiríocht do mhic léinn” i gclásal (II) de mhír (ii),
- (d) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:
- “maidir le ‘cóiríocht do mhic léinn’—
- (a) ciallaíonn sé foirgneamh, nó cuid d'fhoirgneamh, a úsáidtear nó a bheidh le húsáid chun cóiríocht a chur ar fáil do mhic léinn, cibé acu a sholáthraíonn nó nach soláthraíonn soláthraí iomchuí (de réir bhrí an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oilíúint), 2012) é agus nach mbeidh le húsáid—
- (i) mar bhuanchóiríocht chónaithe, nó

(ii) faoi réir mhír (b), mar óstán, brú, teaghais-óstán nó cóiríocht de chineál dá samhail,

agus

(b) foláíonn sé cóiríocht chónaithe a úsáidtear mar chóiríocht do thurasóirí nó do chuariteoirí, ach sin sa chás amháin go n-úsáidtear amhlaidh í lasmuigh de thráthanna téarmaí acadúla;”,

agus

(e) sa mhíniú ar “forbairt tithíochta straitéiseach”, trí “ollspás urláir” a chur in ionad “ollachar urláir” i mír (i).

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh ar an Acht seo a rith.

Leasú ar alt 5 d’Acht 2016

51. (1) Leasaítear alt 5 d’Acht 2016—

(a) i bhfo-alt (4), trí “leis an iarratas lena mbaineann” a scriosadh agus “leis an iarraidh lena mbaineann” a chur ina ionad, agus

(b) i bhfo-alt (8)—

(i) trí “, aonaid cóiríochta do mhic léinn nó aonaid cóiríochta chomhroinnte” a chur in ionad “nó aonaid cóiríochta do mhic léinn, nó iad araon, de réir mar is cuí;”, agus

(ii) trí “ollspásanna urláir” a chur in ionad “spásanna urláir inmheánacha”.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh ar an Acht seo a rith.

Leasú ar alt 6 d’Acht 2016

52. (1) Leasaítear alt 6 d’Acht 2016—

(a) i bhfo-alt (1)(b), trí “faoi alt seo” a chur in ionad “faoi mhír (a) ”,

(b) i bhfo-alt (5)(a), trí “dháta an fhógra faoi fho-alt (4)(a) ” a chur in ionad “an dáta a gheobhaidh an Bord an iarraidh faoi alt 5(1) ”, agus

(c) i bhfo-alt (7), trí “the” a scriosadh roimh “those meetings” sa leagan Béarla.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh ar an Acht seo a rith.

Leasú ar alt 8 d’Acht 2016

53. (1) Leasaítear alt 8 d’Acht 2016—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

“(i) ina sonrú far suíomh na forbartha beartaithe agus ina mbeidh tuairisc ghearr ar an bhforbairt bheartaithe, lena n-áirítear tuairisc—

- (I) ar an líon tithe, aonaid cóiríochta do mhic léinn nó aonaid cóiríochta comhroinnte a bhfuil ar intinn go mbeidh siad san fhorbairt bheartaithe, agus
- (II) i gcás aonaid chóiríochta do mhic léinn nó aonaid cóiríochta comhroinnte—
 - (A) ar an líon spásanna leapa ina iomláine a bhfuil ar intinn go mbeidh siad san fhorbairt bheartaithe, agus
 - (B) ar aon slite eile a bhfuil ar intinn go mbainfí úsáid as na haonaid sin,”
- (ii) trí “áitiúil, nó” a chur in ionad “áitiúil, agus” i mír (a)(iv)(I), agus
- (iii) trí “údarás cuí” a chur in ionad “údarás forordaithe” i mír (c), agus
- (b) i bhfo-alt (3)(c)(iii), trí “ionchasach” a scriosadh.
- (2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh ar an Acht seo a rith.

Leasú ar alt 10 d’Acht 2016

54. (1) Leasaítear alt 10 d’Acht 2016 i bhfo-alt (2) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):
- “(a) Déanfaidh an Bord fógra maidir le breith faoi alt 9, agus cóip di, a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin.”.
- (2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh ar an Acht seo a rith.

Leasú ar alt 12 d’Acht 2016

55. (1) Leasaítear alt 12 d’Acht 2016 i bhfo-alt (2) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):
- “(c) aon doiciméid, sonraí, pleananna nó faisnéis eile a bheidh sonraithe i leith iarratais faoi alt 4 a chur ar fáil i bhfoirm leictreonach lena n-iniúchadh ag daoine den phobal in oifigí an Bhoird nó an údaráis pleanála nó na n-údaráis pleanála iomchuí arb ina limistéar nó a limistéir a bheidh an fhorbairt suite;”.
- (2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh ar an Acht seo a rith.

Leasú ar alt 13 d’Acht 2016

56. Leasaítear alt 13 d’Acht 2016 trí mhír (d) a scriosadh.

Leasú ar alt 28 d’Acht 2016

57. (1) Leasaítear alt 28 d’Acht 2016 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1)(lena ndéantar foráil maidir le leasú a dhéanamh ar alt 42 den Phríomh-Acht):
- “(1) Leasaítear alt 42 d’Acht 2000—

(a) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

‘(a) (i) gur deimhin leis an údarás—

(I) gur tosaíodh an fhorbairt lena mbaineann an cead roimh dheireadh na tréimhse cuí a bheifear ag iarraidh a fhadú,

(II) nach raibh ceanglas ann measúnacht tionchair timpeallachta, nó measúnacht chuí, nó an dá mheasúnacht sin, a dhéanamh sular deonaíodh an cead,

(III) go ndearnadh móroibreacha de bhun an cheada le linn na tréimhse sin, agus

(IV) go gcríochnófar an fhorbairt laistigh de thréimhse ama réasúnach,’

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

‘(4) Ní thabharfar breith chun tréimhse chuí ceada a fhadú níos mó ná dhá uair faoin alt seo agus ní dhéanfaidh údarás pleanála an tréimhse chuí a fhadú tuilleadh. I gcás go dtabharfar breith an dara huair chun tréimhse chuí a fhadú faoin alt seo, ní faide ná 5 bliana comhfhad an 2 fhadaithe ar an tréimhse chuí.’”

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh ar an Acht seo a rith.

CUID 4

LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA

Míniú

58. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Acht 2015” an tAcht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe, 2015.

Leasú ar alt 23 den Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990

59. Leasaítear alt 23 den Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Is é is méid don tobhach ar láithreáin thréigthe—

(a) cibé méid is comhionann le 3 faoin gcéad de mhargadhluach na talún uirbí lena mbaineann, i leith na bliana airgeadais áitiúil a fhorordaítear de réir fho-alt (1),

(b) i leith aon bhliain airgeadais áitiúil ina dhiaidh sin, roimh an mbliain 2020, cibé méid is comhionann—

(i) le 3 faoin gcéad den mhargadhluach sin a dúradh, nó

(ii) le cibé céatadán eile (nach mó ná 3 faoin gcéad) den mhargadhluach sin a dúradh a bheidh arna fhorordú de thuras na huaire,

agus

(c) i leith na bliana airgeadais áitiúla 2020 nó aon bhliain airgeadais áitiúil ina dhiaidh sin, cibé méid is comhionann—

(i) le 7 faoin gcéad den mhargadhluach sin a dúradh, nó

(ii) le cibé céatadán (nach mó ná 7 faoin gcéad) den mhargadhluach sin a dúradh a bheidh arna fhorordú de thuras na huaire.”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) I gcás go mbeartaítear rialacháin a dhéanamh faoi fho-alt (3), déanfar dréacht de na rialacháin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh thús na bliana ina mbeartaítear go dtiocfadh na rialacháin i ngníomh, agus ní dhéanfar na rialacháin mura ritheann gach Teach acu sin rún ag ceadú an dréachta.”.

Leasú ar alt 12 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008

60. Leasaítear alt 12 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008—

(a) i bhfo-alt (8), trí “leis an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, le hOifig an Rialálaí Pleanála,” a chur in ionad “leis an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil,”,

(b) i bhfo-alt (10), trí “cuirfidh an tÚdarás cóip den dréacht sin chuig na húdaráis réigiúnacha laistigh de MLBÁC agus chuig Oifig an Rialálaí Pleanála agus déanfaidh na húdaráis réigiúnacha sin agus an Oifig sin,” a chur in ionad “cuirfidh an tÚdarás cóip den dréacht sin chuig na húdaráis réigiúnacha laistigh de MLBÁC agus déanfaidh na húdaráis réigiúnacha sin,”,

(c) i bhfo-alt (12)—

(i) trí “nó ó Oifig an Rialálaí Pleanála faoin bhfo-alt sin,” a chur isteach i ndiaidh “ó na húdaráis réigiúnacha laistigh de MLBÁC faoi fho-alt (10),”,

(ii) trí “nó le comhairle Oifig an Rialálaí Pleanála arna tabhairt amhlaidh,” a chur isteach i ndiaidh “le comhairle na n-údarás réigiúnach arna tabhairt faoi fho-alt (10),” agus

(iii) trí “in iúl i scríbhinn do na húdaráis réigiúnacha nó don Oifig sin, de réir mar is cuí.” a chur in ionad “in iúl i scríbhinn do na húdaráis réigiúnacha.”.

Leasú ar alt 4 den Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011

61. Leasaítear alt 4 den Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) trí “, fógra” a chur isteach i ndiaidh “léas” i mír (a), agus

- (ii) trí “, an fógra” a chur isteach i ndiaidh “an léas” i mír (b), agus
- (b) i bhfo-alt (4)—
 - (i) trí “de bhun an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000,” a chur in ionad “de bhun an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000.” i mír (n),
 - (ii) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach:
 - “(o) toiliú le plean nó tionscadal arb ina leith a cheanglaítear scagadh le haghaidh measúnacht chuí faoi alt 42 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (I.R. Uimh. 477 de 2011), agus
 - (p) toiliú nó fógra faoi rialachán 43 de na rialacháin sin.”.

Leasú ar alt 33 den Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013

62. Leasaítear alt 33 (a bhaineann le plean straitéiseach seirbhísí uisce) den Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013 i bhfo-alt (5)(b)(i) trí “i gcomhréir le haon phleananna forbartha de réir bhrí Acht 2000, go háirithe leis an gcroistraitéis faoi alt 10 den Acht sin” a chur isteach i ndiaidh na bhfocal “ar phleanáil chuí agus ar fhorbairt inchothaithe”.

Leasú ar alt 5 d’Acht 2015

63. Leasaítear alt 5 d’Acht 2015, i mír (a) d’fho-alt (1), tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iii):

“(iii) go bhfuil an láithreán, nó mórchuid an láithreáin—

(I) folamh nó gan úsáid, nó

(II) á úsáid chun críche nach críoch d’aon toisc nó go príomha chun tithíocht a sholáthar nó chun an láithreán a fhorbairt d’fhonn tithíocht a sholáthar, ar choinníoll gur ceannaíodh an láithreán an tráth is déanaí a ceannaíodh é—

(A) tar éis dó teacht chun bheith ina thalamh cónaithe, agus

(B) roimh thosach feidhme *alt 63 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2018*, ar an tosach feidhme sin nó dá éis.”.

Tobhach láithreán folamh

64. Leasaítear Acht 2015 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 16:

“16. (1) Is é is méid an tobhaigh láithreán folamh—

(a) i leith na bliana 2018, cibé méid is comhionann le 3 faoin gcéad de mhargadhluach an laithreáin fholaimh arna chinneadh de réir alt 12, agus

(b) i leith na bliana 2019 agus gach bliain dá héis, cibé méid is comhionann—

(i) le 7 faoin gcéad, nó

(ii) le cibé céatadán eile (nach mó ná 7 faoin gcéad) a bheidh arna fhorordú, de thuras na huair, le rialacháin,

de mhargadhluach an láithreáin fholaimh arna chinneadh de réir alt 12.

(2) Le linn don Aire céatadán a fhorordú chun críoch fhomhír (ii) de mhír (b) d'fho-alt (1), beidh aird aige nó aici ar athruithe ar luach maoinne agus ar an Treoir Praghsanna Maoine Cónaithe arna foilsíú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh.

(3) I gcás go mbeartaítear rialacháin a dhéanamh faoi fhomhír (ii) de mhír (b) d'fho-alt (1), déanfar dréacht de na rialacháin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh thús na bliana ina mbeartaítear go dtiocfaidh na rialacháin i ngníomh, agus ní dhéanfar na rialacháin mura mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin.”.

Leasuithe ilghnéitheacha ar Acht 2015

65. Leasaítear Acht 2015—

(a) in alt 3, tríd an méid seo a leanas a scríosadh:

“ciallaíonn ‘forordú’ forordú le rialacháin;”,

(b) i mír (d) d’alt 8, trí “le rialacháin” a chur isteach i ndiaidh “a fhorordóidh an tAire”,

(c) in alt 9—

(i) trí “nár láithreán folamh an láithreán” a chur in ionad “nach raibh an láithreán, nó mórchuid an láithreáin, folamh nó gan úsáid” i bhfo-alt (2), agus

(ii) trí “nár láithreán folamh láithreán” a chur in ionad “nach raibh láithreán folamh nó gan úsáid” i bhfo-alt (3),

(d) i bhfo-alt (2) d’alt 18, tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) nár láithreán folamh an láithreán a thuilleadh an 1 Eanáir sa bhliain lena mbaineann, nó”,

agus

(e) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 25:

“25. (1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun críocha na Coda seo.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin alt seo i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(a) an clár a bhunú agus a chothabháil faoi alt 6,

(b) an nós imeachta chun iontráil a dhéanamh sa chlár faoi alt 7,

(c) an nós imeachta chun iontráil sa chlár a chealú,

(d) an fhoirm ina mbeidh fógra a bheidh le tabhairt faoi alt 7, 9, 11, 12, 13 nó 18,

- (e) an fhoirm ina mbeidh éileamh ar íocaíocht faoi alt 15,
 - (f) an fhoirm ina mbeidh admháil nó deimhniú faoi alt 21.
- (3) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha, is dóigh leis an Aire is gá nó is fóirsteanach, a bheith i rialacháin faoin gCuid seo.
- (4) Déanfar gach rialachán (seachas rialachán faoi fhomhír (ii) de mhír (b) d’fho-alt (1) d’alt 16) nó ordú faoin gCuid seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán nó an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin nó an ordaithe, beidh an rialachán nó an t-ordú ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán nó faoin ordú.”.

CUID 5

PLEANANNA SPÁIS MARA

Léiriú

66. (1) Sa Chuid seo—

ciallaíonn “Acht 2006” an tAcht Iascaigh Mhara agus Dlíne Muirí, 2006;

ciallaíonn “uisce cósta”, i ndáil leis an Stát—

- (a) uisce dromchla ar thaobh na talún de líne, a bhfuil gach pointe di míle farraige amháin ar thaobh na farraige ón bpointe is neasa ar an mbunlíne (de réir bhrí alt 85 d’Acht 2006), agus
- (b) teorainn sheachtrach na léinseach uisce dromchla sin i gcomharsanacht béal aibhneacha a bhfuil cáilíocht shalanda acu mar thoradh ar a chóngaráí atá siad d’uisce dromchla dá dtagraítear i mír (a) agus a bhfuil tionchar nach beag ag sreabhadh fíoruisce orthu;

tá le “cuideachta” an bhrí a shanntar dó le hAcht na gCuideachtaí, 2014;

ciallaíonn “Treoir” Treoir 2014/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh pleanáil spáis mara⁵;

tá le “achtachán” an bhrí a shanntar dó leis an Acht Léiriúcháin, 2005;

tá le “plean spáis mara” an bhrí a shanntar dó le *halt 69*;

ciallaíonn “limistéar muirí”—

- (a) an t-imeall trá de réir na brí atá le ‘imeall trágha’ san Acht Imeall Trágha, 1933,
- (b) na farraigí teorann de réir bhrí Chuid 3 d’Acht 2006,

⁵ I.O. Uimh. L257 an 28.8.2014, lch. 135

- (c) an crios eacnamaíoch eisiach de réir bhrí Chuid 3 d'Acht 2006,
 - (d) aon limistéar de ghrinneall na farraige nó den fho-ithir lasmuigh den imeall trá, de na farraigí teorann agus den chrios eacnamaíoch eisiach sin a dúradh a bhfuil cearta ag an Stát maidir leo chun taiscéaladh a dhéanamh orthu agus chun acmhainní nádúrtha a shaothrú, agus
 - (e) uiscí cósta;
- ciallaíonn “Aire” an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil;
- ciallaíonn “réigiún mara an Atlantaigh Thoir Thuaidh” an réigiún mara lena mbaineann an Coinbhinsiún um Chosaint Mhuirtheorann an Atlantaigh Thoir Thuaidh, a rinneadh i bPáras an 22 Meán Fómhair 1992;
- ciallaíonn “comhlacht poiblí”—
- (a) Aire den Rialtas,
 - (b) údarás áitiúil de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 2001,
 - (c) comhlacht (seachas cuideachta) arna bhunú le hachtachán nó faoi achtachán,
 - (d) cuideachta arna bunú de bhun cumhacht a thugtar le hachtachán nó faoi achtachán, agus a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach—
 - (i) le hairgead arna sholáthar, nó le hiasachtaí arna dtabhairt nó arna ráthú, ag Aire den Rialtas, nó
 - (ii) le heisiúint scaireanna arna sealbhú ag Aire den Rialtas nó thar ceann Aire den Rialtas.
- (2) Tá le focal nó le habairt a úsáidtear sa Chuid seo a úsáidtear freisin sa Treoir an bhrí atá leis nó léi sa Treoir.

Údarás inniúil

67. Is é nó is í an tAire an t-údarás inniúil chun críocha na Treorach.

Feidhm na Coda

68. (1) Beidh feidhm ag an gCuid seo maidir leis an limistéar muirí.
- (2) Ní bheidh feidhm ag an gCuid seo maidir leis na codanna sin den limistéar muirí lena mbaineann plean forbartha, plean limistéir áitiúil, an creat pleanála náisiúnta, straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach, treoirlíne nó treoir faoi Chuid II den Phríomh-Acht.
- (3) Ní bheidh feidhm ag an gCuid seo maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann go heisiatach le cosaint nó le slándáil náisiúnta.

Pleananna spáis mara

69. (1) Déanfaidh an tAire, tar éis dó nó di próiseas um pleanáil spáis mara a chur i gcrích, plean (dá ngairtear “plean spáis mara” sa Chuid seo) a ullmhú agus a fhoilsiú don limistéar muirí de réir na Coda seo agus na Treorach.
- (2) Is iad cuspóirí an phlean spáis mara—

- (a) gníomhaíochtaí sa limistéar muirí a anailisiú agus a eagrú d'fhonn tosaíochtaí éiceolaíochta, eacnamaíochta agus sóisialacha a bhaint amach,
 - (b) straitéis náisiúnta a bhunú don Rialtas i ndáil le pleanáil straitéiseach agus forbairt inchothaithe sa limistéar muirí,
 - (c) cur chuige bunaithe ar éiceachóras a chur chun feidhme d'fhonn tacú le forbairt inchothaithe agus pleanáil chuí sa limistéar muirí, agus
 - (d) comhlonnú gníomhaíochtaí agus forbairtí iomchuí a spreagadh sa limistéar muirí.
- (3) Féadfaidh an tAire na nithe seo a leanas a ullmhú—
- (a) aon phlean spáis mara amháin don limistéar muirí uile,
 - (b) pleananna spáis mara éagsúla do chodanna éagsúla den limistéar muirí, nó
 - (c) plean spáis mara dá dtagraítear i *mír (a)* agus pleananna spáis muirí éagsúla dá dtagraítear i *mír (b)*.
- (4) Le linn don Aire a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh faoin alt seo—
- (a) breithneoidh sé nó sí na nithe a shonraítear i mír 1 d'Airteagal 5 den Treoir, agus
 - (b) beidh sé mar aidhm aige nó aici rannchuidiú leis na nithe a shonraítear i mír 2 d'Airteagal 5.
- (5) Déanfar na nithe a shonraítear i mír 1 d'Airteagal 8 den Treoir a shainithint i bplean spáis mara agus cinnteoidh an tAire, le linn plean spáis mara a dhéanamh, go gcomhlíonfar mír 2 den Airteagal sin.
- (6) Déanfar an Creat Pleanála Mara Náisiúnta a thabhairt ar na pleananna spáis mara a bheidh i bhfeidhm de thuras na huairé i dteannta a chéile.

Ceanglais i dtaca le pleanáil spáis mara

70. (1) Déanfaidh an tAire, chun críche pleanála spáis mara agus d'fhonn plean spáis mara a ullmhú—
- (a) ceanglais mhíreanna 1 agus 2 d'Airteagal 6 agus d'Airteagail 10, 11 agus 12 den Treoir a chomhlíonadh, nó a chinntiú go gcomhlíonfar iad, agus
 - (b) imthosca a bhaineann go sonrach le réigiún mara an Atlantaigh Thoir Thuaidh a chur i gcuntas.
- (2) Déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná 6 bliana tar éis an Creat Pleanála Mara Náisiúnta is déanaí a fhoilsiú, athbhreithniú ar an gCreat sin agus, tar éis an t-athbhreithniú a chríochnú—
- (a) ullmhóidh agus foilseoidh sé nó sí Creat Pleanála Mara Náisiúnta nua de réir na Coda seo agus na Treorach, lena chur in ionad an Chreata Pleanála Mara Náisiúnta chéadluaite, nó
 - (b) in imthosca ina dtugann sé nó sí breith gan Creat Pleanála Mara Náisiúnta nua a ullmhú agus a fhoilsiú, ullmhóidh agus foilseoidh sé nó sí ráiteas ina leagfar amach na cúiseanna ar thug sé nó sí breith gan déanamh amhlaidh.

Rannpháirtíocht an phobail i bpleananna spáis mara

71. Déanfaidh an tAire socruithe chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an Stát ceanglais Airteagal 9 den Treoir.

Measúnacht straitéiseach timpeallachta agus measúnacht chuí

72. Déanfaidh an tAire, le linn Creat Pleanála Mara Náisiúnta a ullmhú, a chinntiú nach sáraíonn an Creat Pleanála Mara Náisiúnta na gníomhartha seo a leanas ó institiúidí an Aontais Eorpaigh, nó aon fhoráil d’Acht den Oireachtas nó ionstraim faoi Acht den Oireachtas arna achtú nó arna dhéanamh chun éifeacht a thabhairt d’aon ionstraim den sórt sin:
- (a) Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2000 maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a mheasúnú⁶;
 - (b) Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú⁷;
 - (c) Treoir Uimh. 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú⁸.

Pleananna spáis mara a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas

73. (1) I gcás go mbeartaíonn an tAire plean spáis mara a dhéanamh, déanfaidh sé nó sí dréacht den phlean, mar aon leis an Tuarascáil Timpeallachta agus an Tuarascáil Measúnachta Cuí ina leith sin, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfaidh sé nó sí an plean go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin.
- (2) Déanfaidh an tAire, le linn dó nó di plean spáis mara a dhéanamh, aird a thabhairt ar aon rún, tuarascáil nó moladh ó aon choiste de dhá Theach an Oireachtais nó de cheachtar Teach acu sin a mhéid a bhaineann an rún, an tuarascáil nó an moladh sin le dréacht arna leagan faoi bhráid gach Tí acu sin de réir *fho-alt (1)*.

Comhlíonadh ag comhlachtaí poiblí

74. (1) Glacfaidh comhlacht poiblí cibé bearta—
- (a) atá ar comhréir lena fheidhmeanna, agus
 - (b) is gá chun cuspóirí an Chreata Pleanála Mara Náisiúnta a áirithiú.
- (2) San alt seo, foláíonn “feidhmeanna”—
- (a) aon bheartas, clár nó plean a fhoirmlíú i ndáil le forbairt nó gníomhaíocht, nó forbairt bheartaithe nó gníomhaíocht bheartaithe, sa limistéar muirí,
 - (b) aon toiliú nó cead a thabhairt, nó ceadúnais, deimhnithe nó doiciméid eile dá samhail a dheonú nó a eisiúint, faoi aon achtachán chun críoch aon fhorbartha nó gníomhaíochta den sórt sin, nó chun críoch aon fhorbartha beartaithe nó gníomhaíochta beartaithe den sórt sin,
 - (c) aon fhorbairt nó gníomhaíocht den sórt sin a rialáil.

6 I.O. Uimh. L197 an 21.7.2001, lch. 30

7 I.O. Uimh. L20 an 26.1.2010, lch. 7

8 I.O. Uimh. L20 an 26.1.2010, lch. 7

Ordacháin ón Aire

75. (1) Féadfaidh an tAire ordachán a thabhairt do chomhlacht poiblí cibé bearta a ghlacadh a bheidh sonraithe san ordachán agus a bhaineann leis na nithe seo a leanas—
- (a) pleanáil spáis mara a fhorfheidhmiú,
 - (b) plean spáis mara a chomhlíonadh, nó
 - (c) oibleagáid an Stáit faoin Treoir a chomhlíonadh.
- (2) Is i scríbhinn a bheidh ordachán faoin alt seo agus féadfaidh feidhm a bheith aige maidir le comhlacht poiblí amháin nó níos mó.
- (3) Aon chomhlacht poiblí dá dtugtar ordachán faoin alt seo, comhlíonfaidh sé an t-ordachán.
- (4) San alt seo, ní fholáionn “comhlacht poiblí” an tAire.

Cúlghairm

76. (1) Cúlghairtear Rialacháin 2016.
- (2) San alt seo, ciallaíonn “Rialacháin 2016” Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Creat le haghaidh Pleanáil Spáis Mara), 2016 (I.R. Uimh. 352 de 2016).

SCEIDEAL 1

LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA AGUS IARMHARTACHA AR CHUID II DEN ACHT UM PLEANÁIL AGUS
FORBAIRT, 2000

Alt 5

Uimh. Thagartha (1)	Foráil (2)	Leasú (3)
1	Alt 11(2)	“, d’Oifig an Rialálaí Pleanála” a chur isteach i ndiaidh “don Aire”.
2	Alt 12(1)(a)	“, chuig Oifig an Rialálaí Pleanála” a chur isteach i ndiaidh “chuig an Aire”.
3	Alt 12(4)(b)(ii)(I)	“ag an Aire,” a chur in ionad “ag an Aire; agus”.
4	Alt 12(4)(b)(ii)	I ndiaidh chlásal (I), an méid seo a leanas a chur isteach: “(IA) saincheisteanna a bheidh dúisithe ag Oifig an Rialálaí Pleanála, agus”.
5	Alt 12(5)(aa)	“, nó de chuid Oifig an Rialálaí Pleanála” a chur isteach i ndiaidh “de chuid an Aire”, agus “, nó ó Oifig an Rialálaí Pleanála” a chur isteach i ndiaidh “moladh ón Aire”.
6	Alt 12(5)(aa)	“, d’Oifig an Rialálaí Pleanála” a chur isteach i ndiaidh “cuirfidh sé an méid sin in iúl don Aire”.
7	Alt 12(7)(a)	“chuig Oifig an Rialálaí Pleanála,” a chur isteach i ndiaidh “chuig an Aire,”.
8	Alt 12(12)(c)	“chuig Oifig an Rialálaí Pleanála,” a chur isteach i ndiaidh “chuig an Aire,”.
9	Alt 12(17)	“6 seachtaine” a chur in ionad “4 sheachtain”.
10	Alt 13(2)(a)	“chuig Oifig an Rialálaí Pleanála,” a chur isteach roimh “chuig an mBord”.
11	Alt 13(4)(b)(ii)(I)	“agus” a scriosadh.
12	Alt 13(4)(b)(ii)	I ndiaidh chlásal (I), an méid seo a leanas a chur isteach: “(IA) saincheisteanna a bheidh dúisithe ag Oifig an Rialálaí Pleanála, agus”.
13	Alt 13(5)(aa)	“, nó de chuid Oifig an Rialálaí Pleanála” a chur isteach i ndiaidh “de chuid an Aire” agus “, nó ó Oifig an Rialálaí Pleanála” a chur isteach i ndiaidh “moladh ón Aire”.

14	Alt 13(5)(aa)	“, d’Oifig an Rialálaí Pleanála” a chur isteach i ndiaidh “cuirfidh sé an méid sin in iúl don Aire”.
15	Alt 13(8)(c)	“chuig Oifig an Rialálaí Pleanála,” a chur isteach roimh “chuig an mBord”.
16	Alt 13(11)	“6 seachtaine” a chur in ionad “4 sheachtain”.
17	Alt 20(1)	“, le hOifig an Rialálaí Pleanála” a chur isteach i ndiaidh “leis an Aire”.
18	Alt 20(3)(a)(i)	“chuig Oifig an Rialálaí Pleanála,” a chur isteach i ndiaidh “chuig an Aire,”.
19	Alt 20(3)(e)	“chuig Oifig an Rialálaí Pleanála,” a chur isteach i ndiaidh “chuig an Aire,”.
20	Alt 20(4A)	“6 seachtaine” a chur in ionad “4 sheachtain”.
21	Alt 24(2)	“d’Oifig an Rialálaí Pleanála,” a chur isteach i ndiaidh “don Aire,”.
22	Alt 24(4)(a)	“chuig Oifig an Rialálaí Pleanála,” a chur isteach i ndiaidh “chuig an Aire,”.
23	Alt 27A	An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4): “(5) Cuirfidh tionól réigiúnach cóip d’aon tuarascáil faoin alt seo chuig Oifig an Rialálaí Pleanála.”.
24	Alt 27B(4)	“agus chuig Oifig an Rialálaí Pleanála” a chur isteach i ndiaidh “chuig an Aire”.
25	Alt 27C(4)	“agus chuig Oifig an Rialálaí Pleanála” a chur isteach i ndiaidh “chuig an Aire”.
26	Alt 31(1)	“, plean limistéir áitiúil nó leasú ar phlean limistéir áitiúil” a chur in ionad “nó plean limistéir áitiúil”.
27	Alt 31(1)	“ansin, faoi réir coinníollacha iomchuí ailt 31AM agus 31AN nó ailt 31AO agus 31AP, de réir mar a bheidh, a chomhlíonadh, féadfaidh an tAire” a chur in ionad “féadfaidh an tAire”.
28	Alt 31	An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3): “(3) Sula n-eiseoidh sé nó sí ordachán faoin alt seo, déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná 6 seachtaine tar éis plean a dhéanamh, fógra a eisiúint i scríbhinn chuig údarás pleanála ar mholadh a bheith déanta dó nó di ag Oifig an Rialálaí Pleanála faoi alt 31AN(9) nó 31AP(9), de réir mar a bheidh.”.
29	Alt 31	An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

		<p>(5) Tabharfaidh an tAire cóip den fhógra dá dtagraítear i bhfo-alt (3)—</p> <p>(a) do príomhfheidhmeannach agus do Chathaoirleach an údaráis pleanála lena mbaineann,</p> <p>(b) i gcás go mbeidh straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach i bhfeidhm do limistéar an údaráis pleanála, do stiúrthóir an tionóil réigiúnaigh lena mbaineann,</p> <p>(c) i gcás go mbaineann sé le haon ní lena mbaineann Cuid IIB, d’Oifig an Rialálaí Pleanála, agus</p> <p>(d) más iomchuí, don Údarás Náisiúnta Iompair.”.</p>
30	Alt 31(7)	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):</p> <p>“(c) go bhféadfar aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh chuig an údarás pleanála nó tuairimí i scríbhinn a thabhairt dó i leith an dréacht-ordacháin nó a thabhairt dó le linn na tréimhse sin agus go ndéanfaidh Oifig an Rialálaí Pleanála breithniú orthu sula ndéanfaidh sí moladh don Aire maidir leis an ní.”.</p>
31	Alt 31	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (8):</p> <p>“(8) Déanfaidh an príomhfheidhmeannach, tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis dheireadh na tréimhse dá dtagraítear i bhfo-alt (7)(b), tuarascáil a ullmhú i dtaobh aon aighneachtaí nó tuairimí a gheofar faoi fho-alt (7)(c) agus tabharfar an tuarascáil do chomhaltaí tofa an údaráis pleanála, d’Oifig an Rialálaí Pleanála agus don Aire.”.</p>
32	Alt 31	<p>An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (10):</p> <p>“(10) I ndáil leis an bhfógra arna eisiúint ag an Aire faoi fho-alt (3), maidir le comhaltaí tofa an údaráis pleanála—</p> <p>(a) féadfaidh siad aighneacht a dhéanamh chuig Oifig an Rialálaí Pleanála aon tráth suas go dtí deireadh na tréimhse ama dá dtagraítear i bhfo-alt (7)(b), agus</p> <p>(b) i gcás go ndéanfar aighneacht amhlaidh, cuirfidh siad cóip di chuig an Aire.”.</p>

33	Alt 31	Fo-ailt (11) go (15) a scriosadh.
34	Alt 31	An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (16): “(16) I gcás go mbeidh feidhm ag mír (a) nó (c) d’alt 31AN(9) nó ag mír (a) nó (c) d’alt 31AP(9) maidir le ní lena mbaineann an t-alt seo, ansin eiseoidh an tAire ordachán dá réir sin.”.
35	Alt 31	An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (20): “(20) Déanfaidh an tAire— (a) ordachán faoi fho-alt (16) a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, agus (b) ordacháin arna n-eisiúint faoi fho-alt (16) a fhoilsiú ar shlí eile nó a chur faoi deara go bhfoilseofar iad ar cibé modh is cuí leis nó léi.”.
36	Alt 31A(1)	An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d): “(e) go bhfuil fógra eisithe ag Oifig an Rialálaí Pleanála don Aire de bhun alt 31AQ(7) i leith tionól réigiúnach nó tionóil réigiúnacha, de réir mar a bheidh,”.
37	Alt 31A(1)	“ansin, faoi réir forálacha iomchuí ailt 31AQ agus 31AR a chomhlíonadh, féadfaidh an tAire” a chur in ionad “féadfaidh an tAire”.
38	Alt 31A	An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3): “(3) Sula n-eiseoidh sé nó sí ordachán faoin alt seo, déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná 6 seachtaine tar éis straitéis spáis agus eacnamaíoch réigiúnach a dhéanamh, fógra a eisiúint i scríbhinn chuig tionól réigiúnach nó chuig tionóil réigiúnacha, de réir mar a bheidh, ar mholadh a bheith déanta dó nó di ag Oifig an Rialálaí Pleanála faoi alt 31AR(9).”.
39	Alt 31A	An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5): “(5) Tabharfaidh an tAire cóip den fhógra dá dtagraítear i bhfo-alt (3)— (a) don tionól réigiúnach nó do na tionóil réigiúnacha lena mbaineann, de réir mar a bheidh,

		(b) d'Oifig an Rialálaí Pleanála, agus (c) don Údarás Náisiúnta Iompair.”.
40	Alt 31A(7)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c): “(c) go bhféadfar aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh chuig an tionól réigiúnach nó chuig na tionóil réigiúnacha, de réir mar a bheidh, nó tuairimí i scríbhinn a thabhairt dó nó dóibh, de réir mar a bheidh, i leith an dréacht-ordacháin, le linn na tréimhse sin agus go ndéanfaidh Oifig an Rialálaí Pleanála iad a bhreithniú sula ndéanfaidh sí moladh don Aire maidir leis an ní.”.
41	Alt 31A	An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (8): “(8) Déanfaidh an stiúrthóir, tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis dheireadh na tréimhse dá dtagraítear i bhfo-alt (7)(b), tuarascáil a ullmhú i dtaobh aon aighneachtaí nó tuairimí a gheofar faoi fho-alt (7)(c) agus tabharfar an tuarascáil do chomhaltaí an tionóil réigiúnaigh nó na dtionól réigiúnach, de réir mar a bheidh, d'Oifig an Rialálaí Pleanála agus don Aire.”.
42	Alt 31A	An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (10): “(10) I ndáil leis an bhfógra arna eisiúint ag an Aire faoi fho-alt (3), maidir le comhaltaí an tionóil réigiúnaigh nó na dtionól réigiúnach, de réir mar a bheidh— (a) féadfaidh siad aighneacht a dhéanamh chuig Oifig an Rialálaí Pleanála aon tráth suas go dtí deireadh na tréimhse ama dá dtagraítear i bhfo-alt (7)(b), agus (b) i gcás go ndéantar aighneacht amhlaidh, cuirfidh siad cóip di chuig an Aire.”.
43	Alt 31A	Fo-ailt (11) go (15) a scriosadh.
44	Alt 31A	An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (16): “(16) I gcás go mbeidh feidhm ag mír (a) nó (c) d'alt 31AR(9) maidir le ní lena mbaineann an t-alt seo, ansin eiseoidh an tAire ordachán dá réir sin.”.

45	Alt 31A	An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (20): “(20) Déanfaidh an tAire— (a) ordachán faoi fho-alt (16) a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, agus (b) ordacháin arna n-eisiúint faoi fho-alt (16) a fhoilsiú ar shlí eile nó a chur faoi deara go bhfoilseofar iad ar cibé modh is cuí leis nó léi.”.
----	---------	--

SCEIDEAL 2

LEASUITHE AR AN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 A BHAINNEANN LE PRÍOMHFHEIDHMEANNACH
ÚDARÁS ÁITIÚIL, ETC.

Alt 6

Uimh. Thagartha (1)	Foráil (2)	Leasú (3)
1	Alt 2(1)	An míniú ar “bainisteoir” a scriosadh.
2	Alt 2(1)	An míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “cathaoirleach”: “ciallaíonn ‘príomhfheidhmeannach’, i ndáil le húdarás áitiúil, lena n-áirítear údarás áitiúil a fheidhmíonn feidhmeanna mar údarás pleanála, an príomhfheidhmeannach arna cheapadh nó arna ceapadh faoi Chaibidil 2 de Chuid 14 (arna leasú le halt 54 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001;
3	Alt 5(6)	I mír (d), “príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir”.
4	Alt 11(4)	I mír (a), “príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir”.
5	Alt 11(4)	I mír (b)(iii), “an phríomhfheidhmeannaigh” a chur in ionad “an bhainisteora”.
6	Alt 11(4)	I mír (b)(iv), “moltaí an phríomhfheidhmeannaigh” a chur in ionad “moltaí an bhainisteora”.
7	Alt 11(4)	I míreanna (bb) agus (bc), “an phríomhfheidhmeannaigh” a chur in ionad “an bhainisteora”.
8	Alt 11(4)	I mír (d), an leagan cuí gramadaí de “príomhfheidhmeannach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “bainisteoir” sa dá áit a bhfuil sé.
9	Alt 11(5)	I mír (a), “an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir” agus, i mír (b), “ag an bpríomhfheidhmeannach” a chur in ionad “ag an mbainisteoir”.
10	Alt 12(4)	I mír (a), “príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “bainisteoir”.
11	Alt 12(4)	I mír (b)(iii), “an phríomhfheidhmeannaigh” a chur in ionad “an bhainisteora”.

12	Alt 12(4)	I míreanna (bb) agus (bc), “an phríomhfheidhmeannaigh” a chur in ionad “an bhainisteora”.
13	Alt 12(5)	I míreanna (a) agus (aa), “an phríomhfheidhmeannaigh” a chur in ionad “an bhainisteora”.
14	Alt 12(5)	I mír (b), “an phríomhfheidhmeannaigh” a chur in ionad “an bhainisteora” sa dá áit a bhfuil sé.
15	Alt 12(6)	“tuarascáil an phríomhfheidhmeannaigh” a chur in ionad “tuarascáil an bhainisteora”.
16	Alt 12(7)	I míreanna (ab) agus (ae), “an príomhfheidhmeannach” a chur in ionad “an bainisteoir”.

SCEIDEAL 3

AN CREAT PLEANÁLA NÁISIÚNTA AGUS TAGAIRTÍ DON STRAITÉIS SPÁIS NÁISIÚNTA

Alt 18(2)

Uimh. Thagartha (1)	Gearrtheideal an Achta (2)	Foráil (3)	Leasú (4)
1	An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000	Alt 10	I bhfo-alt (1A), “sa Chreat Pleanála Náisiúnta” a chur in ionad “sa Straitéis Spáis Náisiúnta”.
2		Alt 10	I míreanna (a) agus (f)(i) d’fho-alt (2A), “leis an gCreat Pleanála Náisiúnta” a chur in ionad “leis an Straitéis Spáis Náisiúnta”.
3		Alt 10	I bhfo-alt (2C), “faoin gCreat Pleanála Náisiúnta” a chur in ionad “faoin Straitéis Spáis Náisiúnta”.
4		Alt 22A	I bhfo-alt (3), “sa Chreat Pleanála Náisiúnta” a chur in ionad “sa Straitéis Spáis Náisiúnta”.
5		Alt 23	I bhfo-alt (1)(a), “le cur i ngníomh an Chreata Pleanála Náisiúnta a chur in ionad “le cur i ngníomh na Straitéise Spáis Náisiúnta” agus “leis an gCreat Pleanála Náisiúnta” a chur in ionad “leis an Straitéis Spáis Náisiúnta”.
6		Alt 23	I bhfo-alt (2)(a), “sa Chreat Pleanála Náisiúnta” a chur in ionad “sa Straitéis Spáis Náisiúnta”.
7		Alt 23	I bhfo-alt (3)(a)(iii), “sa Chreat Pleanála Náisiúnta” a chur in ionad “sa Straitéis Spáis Náisiúnta nó in aon straitéis a leanfaidh aisti”.
8		Alt 27A	I bhfo-alt (3)(b), “lena gcuirtear forbairt réigiúnach chun cinn tríd an ngealladh atá sna réigiúin a bharrfheabhsú” a chur in ionad “lena gcuirtear forbairt chothrom réigiúnach chun cinn”.

[2018.]

*An tAcht um Pleanáil agus Forbairt
(Leasú), 2018.*

[Uimh. 16.]

9		Alt 37A	I bhfo-alt (2)(b), “sa Chreat Pleanála Náisiúnta” a chur in ionad “sa Straitéis Spáis Náisiúnta”.
10		Alt 143	I bhfo-alt (1)(c), “an Creat Pleanála Náisiúnta” a chur in ionad “an Straitéis Spáis Náisiúnta”.

SCEIDEAL 4

LEASÚ AR AN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000

AIGHNEACHTAÍ AGUS TUAIRIMÍ ÁIRITHE, AGUS TUARASCÁLACHA AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH, A BHAINNEANN LEIS AN BPRÓISEAS PLEANÁLA, A FHOILSIÚ AR SHUÍOMH GRÉASÁIN ÚDARÁIS ÁITIÚIL

Alt 19

Uimh. Thagartha (1)	Foráil (2)	Leasú (3)
1	Alt 9	<p>An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):</p> <p>“(5A) (a) Aon tuairimí nó aighneachtaí i scríbhinn a gheobhaidh údarás pleanála faoi fho-alt (3) nó (4), foilseofar iad, faoi réir mhír (b), ar shuíomh gréasáin an údaráis laistigh de 10 lá oibre tar éis don údarás sin í a fháil.</p> <p>(b) Níl feidhm ag foilsíú de réir mhír (a)—</p> <p>(i) i gcás go bhfuil an t-údarás pleanála den tuairim go bhfuil an tuairim nó an aighneacht cráiteach nó clúmhillteach nó go bhfuil faisnéis rúnda inti a bhaineann le tríú páirtí arb ina leith nár thoiligh an tríú páirtí lena nochtadh, go sainráite nó go hintuigthe sna himthosca,</p> <p>(ii) i gcás gur lorg agus go bhfaigheann an t-údarás pleanála comhairle dlí, roimh an tréimhse 10 lá oibre dá dtagraítear i mír (a) nó dá héis, á rá nár chóir dó na tuairimí nó na haighneachtaí lena mbaineann a fhoilsíú faoin mír sin nó gur chóir dó scor den fhoilsíú sin, de réir mar a bheidh,</p> <p>(iii) a mhéid a lorg agus a fuair an t-údarás áitiúil comhairle dlí, roimh an tréimhse 10 lá oibre dá dtagraítear i mír (a) nó dá héis, á rá nár chóir cuid de na tuairimí nó na haighneachtaí lena mbaineann a fhoilsíú ar shuíomh gréasáin an údaráis pleanála nó gur chóir scor dá bhfoilsíú amhlaidh, de réir mar a bheidh, nó</p> <p>(iv) i gcás go mbaineann na tuairimí nó na haighneachtaí le nithe arna bhforordú ag an Aire chun críoch na forála seo ná níl feidhm aige a mhéid a bhaineann an oiread sin de na tuairimí nó na haighneachtaí le nithe arna bhforordú ag an Aire.”</p>

2	Alt 11	<p>An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):</p> <p>“(3A) (a) Aon aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn a gheobhaidh údarás pleanála faoi fho-alt (3) nó (4), foilseofar iad, faoi réir mhír (b), ar shuíomh gréasáin an údaráis laistigh de 10 lá oibre tar éis don údarás sin í a fháil.</p> <p>(b) Níl feidhm ag foilsiú de réir mhír (a)—</p> <p>(i) i gcás go bhfuil an t-údarás pleanála den tuairim go bhfuil an aighneacht nó an tuairim cráiteach nó clúmhilleach nó go bhfuil faisnéis rúnda inti a bhaineann le tríú páirtí arb ina leith nár thoiligh an tríú páirtí lena nochtadh, go sainráite nó go hintuigthe sna himthosca,</p> <p>(ii) i gcás gur lorg agus go bhfaigheann an t-údarás pleanála comhairle dlí, roimh an tréimhse 10 lá oibre dá dtagraítear i mír (a) nó dá héis, á rá nár chóir dó an aighneacht nó an tuairim lena mbaineann a fhoilsiú faoin mír sin nó gur chóir dó scor den fhoilsiú sin, de réir mar a bheidh,</p> <p>(iii) a mhéid a lorg agus a fuair an t-údarás áitiúil comhairle dlí, roimh an tréimhse 10 lá oibre dá dtagraítear i mír (a) nó dá héis, á rá nár chóir cuid den aighneacht nó den tuairim lena mbaineann a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an údaráis pleanála nó gur chóir scor dá foilsiú amhlaidh, de réir mar a bheidh, nó</p> <p>(iv) i gcás go mbaineann an aighneacht nó an tuairim le nithe arna bhforordú ag an Aire chun críoch na forála seo ná níl feidhm aige a mhéid a bhaineann an oiread sin den aighneacht nó den tuairim le nithe arna bhforordú ag an Aire.”.</p>
3	Alt 11(4)	<p>An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):</p> <p>“(aa) Déanfar tuarascáil príomhfheidhmeannaigh, arna hullmhú chun críocha mhír (a), a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an údaráis pleanála lena mbaineann a luaithe is indéanta tar éis é a ullmhú.”.</p>

4	Alt 12(4)	<p>An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):</p> <p>“(aa) Déanfar tuarascáil príomhfheidhmeannaigh, arna hullmhú chun críocha mhír (a), a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an údaráis pleanála lena mbaineann a luaithe is indéanta tar éis í a chur faoi bhráid chomhaltaí an údaráis faoi mhír (a).”.</p>
5	Alt 12(8)	<p>An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):</p> <p>“(aa) Déanfar tuarascáil príomhfheidhmeannaigh, arna hullmhú chun críocha mhír (a), a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an údaráis pleanála lena mbaineann a luaithe is indéanta tar éis í a chur faoi bhráid chomhaltaí an údaráis faoi mhír (a).”.</p>
6	Alt 12	<p>An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (8):</p> <p>“(8A) (a) Aon aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn a gheobhaidh údarás pleanála faoin alt seo, foilseofar iad, faoi réir mhír (b), ar shuíomh gréasáin an údaráis laistigh de 10 lá oibre tar éis don údarás sin í a fháil.(b) Níl feidhm ag foilsiú de réir mhír (a)—</p> <ul style="list-style-type: none"> (i) i gcás go bhfuil an t-údarás pleanála den tuairim go bhfuil an aighneacht nó an tuairim cráiteach nó clúmhillteach nó go bhfuil faisnéis rúnda inti a bhaineann le tríú páirtí arb ina leith nár thoiligh an tríú páirtí lena nochtadh, go sainráite nó go hintuigthe, sna himthosca, (ii) i gcás gur lorg agus go bhfaigheann an t-údarás pleanála comhairle dlí, roimh an tréimhse 10 lá oibre dá dtagraítear i mír (a) nó dá héis, á rá nár chóir dó an aighneacht nó an tuairim lena mbaineann a fhoilsiú faoin mír sin nó gur chóir dó scor den fhoilsiú sin, de réir mar a bheidh, (iii) a mhéid a lorg agus a fuair an t-údarás áitiúil comhairle dlí, roimh an tréimhse 10 lá oibre dá dtagraítear i mír (a) nó dá héis, á rá nár chóir cuid den aighneacht nó den tuairim lena mbaineann a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an údaráis pleanála nó gur chóir scor dá foilsiú amhlaidh, de réir mar a bheidh, nó

		(iv) i gcás go mbaineann an aighneacht nó an tuairim le nithe arna bhforordú ag an Aire chun críoch na forála seo ná níl feidhm aige a mhéid a bhaineann an oiread sin den aighneacht nó den tuairim le nithe arna bhforordú ag an Aire.”.
8	Alt 13(4)	An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a): “(aa) Déanfar tuarascáil príomhfheidhmeannaigh, arna hullmhú chun críocha mhír (a), a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an údaráis pleanála lena mbaineann a luaithe is indéanta tar éis í a chur faoi bhráid chomhaltaí an údaráis faoi mhír (a).”.
9	Alt 20(3)(c)	An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (i): “(ia) Déanfar tuarascáil príomhfheidhmeannaigh, arna hullmhú chun críocha fhomhír (i), a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an údaráis pleanála lena mbaineann a luaithe is indéanta tar éis í a chur faoi bhráid chomhaltaí an údaráis faoi fhomhír (i).”.
10	Alt 20(3)	An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (j): “(ja) (i) Aon aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn a gheobhaidh údarás pleanála faoin fho-alt seo, foilseofar iad, faoi réir fhomhír (ii), ar shuíomh gréasáin an údaráis laistigh de 10 lá oibre tar éis don údarás sin í a fháil. (ii) Níl feidhm ag foilsiú de réir fhomhír (i)— (I) i gcás go bhfuil an t-údarás pleanála den tuairim go bhfuil an aighneacht nó an tuairim cráiteach nó clúmhillteach nó go bhfuil faisnéis rúnda inti a bhaineann le tríú páirtí arb ina leith nár thoiligh an tríú páirtí lena nochtadh, go sainráite nó go hintuigthe, sna himthosca, (II) i gcás gur lorg agus go bhfaigheann an t-údarás pleanála comhairle dlí, roimh an tréimhse 10 lá oibre dá dtagraítear i bhfomhír (i) nó dá héis, á rá nár chóir dó an aighneacht nó an tuairim lena mbaineann a fhoilsiú faoin bhfomhír sin nó gur chóir dó scor den fhoilsiú sin, de réir mar a bheidh,

		<p>(III) a mhéid a lorg agus a fuair an t-údarás áitiúil comhairle dlí, roimh an tréimhse 10 lá oibre dá dtagraítear i bhfomhír (i) nó dá héis, á rá nár chóir cuid den aighneacht nó den tuairim lena mbaineann a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an údaráis pleanála nó gur chóir scor dá foilsiú amhlaidh, de réir mar a bheidh, nó</p> <p>(IV) i gcás go mbaineann an aighneacht nó an tuairim le nithe arna bhforordú ag an Aire chun críoch na forála seo ná níl feidhm aige a mhéid a bhaineann an oiread sin den aighneacht nó den tuairim le nithe arna bhforordú ag an Aire.”.</p>
11	Alt 20(3)	<p>An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (k):</p> <p>“(ka) Déanfar tuarascáil príomhfheidhmeannaigh, arna hullmhú chun críocha mhír (k), a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an údaráis pleanála lena mbaineann a luaithe is indéanta tar éis í a chur faoi bhráid chomhaltaí an údaráis faoi mhír (k).”.</p>

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€10.16

ISBN 978-1-4468-6688-7



9 781446 866887